An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Tuarascáil Bhliantúil
2022

# Clár na nÁbhar

**Réamhrá ón Aire** ... 3
**Réamhrá ón Aire Stáit atá freagrach as Spórt agus Corpoideachas** ... 4
**Réamhrá ó Aire Stáit na Gaeltachta** ... 5
**Réamhrá ón Ard-Rúnaí** ... 6
**1. Sainchúram na Roinne** ... 7
**2. Eagar na Roinne** ... 8
**3. Forléargas** ... 9
**4. Caiteachas na bliana 2022 de réir na hEarnála** ... 11
Buaicphointí na Bliana 2022 ... 12
TURASÓIREACHT ... 12
CULTÚR agus na hEALAÍONA ... 12
An GHAEILGE agus an GHAELTACHT ... 13
SPÓRT ... 14
CRAOLACHÁN agus na MEÁIN ... 14
**5. Turasóireacht** ... 16
Forléargas ... 16
**6. Na hEalaíona, Cultúr agus Cuimhneacháin** ... 23
Forléargas ... 23
Scéimeanna Cultúrtha ... 32
Forais Chultúrtha ... 35
**7. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht** ... 40
Forléargas ... 40
**8. Spórt** ... 47
Forléargas ... 47
An Beartas Náisiúnta Spóirt ... 48
Spórt Éireann ... 48
**9. Craolacháin agus na Meáin Chumarsáide** ... 58
Forléargas ... 58
**10. Comhoibriú Thuaidh-Theas** ... 63
Comhoibriú Trasteorainn ... 63
Earnáil na Turasóireachta ... 65
**11. Gnóthaí Corparáide** ... 67
**Aguisín 1: Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne** ... 73
**Aguisín 2: Caiteachas 2022** ... 74
**Aguisín 3: Ráiteas maidir le Cothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit** ... 77

## Réamhrá ón Aire

Is cúis áthais dom fáilte a chur roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2022 mo Roinne. I rith 2022, lean mo Roinn ar aghaidh le seachadadh na spriocanna agus na ngealltanas i ngach earnáil atá faoina cúram. Tá ról lárnach ag gach earnáil dóibh seo i sochaí na hÉireann agus cuireann gach ceann acu le forbairt náisiúnta ina bealach ar leith féin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don dúthracht agus don ghairmiúlacht atá taispeánta ag an Ard-Rúnaí, ag a comhghleacaithe ar an Bhord Bainistíochta agus ag foireann uile mo Roinne, as an mhéid a rinne siad chun bliain rathúil don Roinn a dhéanamh de 2022.

Tugaim féin agus an Roinn tús áite do thacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ar na hearnálacha a ndeachaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm orthu agus a bhfuil dúshláin eile rompu anois ó thaobh eachtraí idirnáisiúnta agus costas maireachtála atá ag dul in airde. I rith 2022, chuaigh an Roinn i gcomhar go leanúnach le páirtithe leasmhara chun an bealach is fearr a aimsiú le tacaíocht a thabhairt do phobail agus gnólachtaí, agus gníomhaíocht eacnamaíoch a chruthú. Lean ár n-earnáil chultúrtha ar aghaidh lena príomhról i nuálaíocht agus cruthaitheacht na hÉireann a léiriú sa bhaile agus thar lear, mar a thaispeántar le heisiúint An Cailín Ciúin agus The Banshees of Inisherin, agus an rath a bhí ar an dá scannán sin. Le Clár 2022 de Dheich mBliana na gCuimhneachán go háirithe, bhíothas ábalta dul i ngleic le briseadh amach an Chogaidh Chathartha ar bhealach mothálach tuisceanach, agus lean sé ar aghaidh de bheith mar eiseamláir de chuimhneachán measúil ar ár stair. Chomh maith leis sin, lean lúthchleasaithe na hÉireann ar aghaidh le bliain anuas de bheith ag déanamh go han-mhaith ar an ardán domhanda i spóirt éagsúla, ó lúthchleasaithe raoin go foireann pheile bhan na hÉireann. Bhí mórán dúshlán roimh an earnáil turasóireachta ó thús na paindéime, ach ba údar misnigh é téarnamh na hearnála in 2022 agus deireadh tagtha le srianta ar thaisteal idirnáisiúnta.

Bhí dul chun cinn suntasach in earnáil na Gaeilge le gnéithe lárnacha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla ag teacht i bhfeidhm in 2022 a bheidh tionchar forleathan aige ar thodhchaí ár dteanga a neartú. Cuirfidh achtú an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 bonn le tacaíocht leanúnach d'earnáil craoltóireachta agus meán atá oscailte agus éagsúil, agus timpeallacht ar líne atá níos sábháilte, a bhfuil ról lárnach ag an dá cheann acu inár sochaí trí dhaoine aonair agus pobail a cheangal le chéile.

I gcomhpháirt le mo chomhghleacaithe, an tAire Stáit Thomas Byrne T.D. agus an tAire Stáit Patrick O'Donovan T.D., tá mé ag súil go mór lena bheith ag obair leis an Roinn chun ár spriocanna a bhaint amach thar réimse iomlán chúram na Roinne in 2023.



***Catherine Martin, T.D.***
***An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán***

# Réamhrá ón Aire Stáit atá freagrach as Spórt agus Corpoideachas

Mar Aire Stáit le freagracht speisialta don Spórt agus don Chorpoideachas, fáiltím roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla seo agus an deis machnamh a dhéanamh ar bhuaicphointí na hoibre suntasaí a tugadh fúithi i rith 2022. Tá mé buíoch as na hiarrachtaí leanúnacha agus an tacaíocht chomhpháirteach ón bhainistíocht agus ón fhoireann, chomh maith leis na gníomhaireachtaí atá faoi chúram na Roinne.

Bhí sé mar chuspóir tábhachtach ag an Roinn níos mó rannpháirtíochta trasna gach spóirt a chur cinn cinn i rith 2022. Bhí mé sásta go léiríodh i staitisticí Mhonatóir Spóirt na hÉireann go bhfuil ardú tagtha ar rannpháirtíocht sa spórt de bharr an fheachtais chumarsáide *Ar Ais Linn*, le tacaíocht sa bhreis ó thionscnamh sheachtain *HER Outdoors*.

I rith 2022, lean an Roinn ar aghaidh de bheith tiomanta d'iarrachtaí mórimeachtaí spórt a mhealladh go hÉirinn. D'fhógair an Rialtas go raibh sé ag tacú le réamh-chomhthairiscint Chumann Peile na hÉireann maidir le UEFA EURO 2028 a óstáil in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Leanadh ar aghaidh le hobair ullmhúcháin d'óstáil an chomórtais Corn Ryder in 2027 agus an Roinn ag dul i gcomhar go gníomhach le páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí.

I mBealtaine 2022, fógraíodh na leithdháiltí deireanacha faoi bhabhta 2020 an Chláir Chaipitil agus Trealaimh Spóirt. Bhí an leithdháileadh iomlán de €166.6 milliún ar an leithdháileadh is mó a rinneadh riamh faoin chlár agus léiríonn sé go n-aithníonn an Rialtas go bhfuil an spórt mar chroílár saoil ghníomhaigh fhuinniúil agus phobal láidir bríomhar.

I Samhain 2022, seoladh Fís Mháistirphlean Champas Spórt Éireann. Deimhníonn an máistirphlean go bhfuil an Rialtas tiomanta do Champas Spórt Éireann a chur i gcrích ar bhonn céimnithe agus cuireann sé creat ar fáil d'fhorbairt fhadtéarmach an champais as seo go ceann 15-20 bliain.



Ó ceapadh mé don ról seo, tá deis níos fearr agam tábhacht ollmhór an spóirt do dhaoine aonair agus pobail trasna na hÉireann a fheiceáil. Is pribhléid é an ról seo a bheith agam agus tá mé buíoch as an obair atá á déanamh ag bainistíocht agus foireann na Roinne, chomh maith leo siúd san earnáil Spóirt i gcoitinne.

Tá mé ag súil go mór lena bheith ag obair leis an Aire Catherine Martin T.D. agus an Aire Stáit Patrick O'Donovan T.D. chun na hearnálacha faoinár gcúram a stiúradh sa bhliain amach romhainn.

***Thomas Byrne T.D.***
***An tAire Stáit le freagracht speisialta as Spórt agus Corpoideachas***

# Réamhrá ó Aire Stáit na Gaeltachta

Léirítear le Tuarascáil Bhliantúil na Roinne an clár oibre cuimsitheach a thug an Roinn faoi in 2022, agus, mar Aire Stáit le freagracht as an Ghaeltacht, fáiltím roimh an deis machnamh a dhéanamh ar an mhéid atá bainte amach ag an Roinn agus go háirithe maidir leis an Ghaeilge.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don dul chun cinn leanúnach i rith 2022 i dtreo gach foráil d'*Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021* a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn céimnithe faoi dheireadh 2023. Ba chéim thábhachtach sa phróiseas seo í bunú an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge in 2022, i bhfianaise a fhreagrachta as Plean Náisiúnta a ullmhú a leagann amach an bealach a mbainfear amach na spriocanna earcaíochta dúshlánacha a leagtar amach san Acht.

Ba chuspóir lárnach de chuid na Roinne i rith 2022 é tacú le agus cur leis an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta chomh maith le forbairt na teanga san aois dhigiteach. Thosaigh an bliain le haitheantas ar an Ghaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre iomlán in institiúidí an AE, rud a chuirfidh deiseanna nua fostaíochta ar fáil in Éirinn agus san Eoraip do Ghaeilgeoirí agus a neartóidh stádas oifigiúil na teanga.

Freisin in 2022, d'fhoilsigh an Rialtas an tríú Tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Phlean 5-Bliana don Ghaeilge 2018-2022 a léiríonn an t-éacht iontach atá bainte amach ag eagraíochtaí Rialtais agus neamhrialtasach araon ó taobh a seirbhísí éagsúla a chur ar fáil do phobail Ghaeltachta agus phobail labhartha na Gaeilge araon ar fud na tíre, ar an dá thaobh den teorann, i rith na paindéime.

Tá mé ag súil go mór lena bheith ag obair leis an Aire Catherine Martin T.D. agus an Aire Stáit Thomas Byrne T.D., chomh maith le bainistíocht agus foireann na Roinne chun leanúint ar aghaidh de bheith ag tabhairt na spriocanna seo chun críche.



***Patrick O'Donovan T.D.***
***Aire Stáit le freagracht speisalta as an Ghaeltacht***

# Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Le foilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2022 na Roinne, léirítear an dul chun cinn atá déanta i leith an mhisean agus na spriocanna a leagtar amach inár Ráiteas Straitéise 2021-2023 a bhaint amach.

In ainneoin an éiginnteacht atá cruthaithe ag dúshláin nua sa bhaile agus thar lear, tá clár oibre uaillmhianach le fáil i straitéis na Roinne atá i gcomhréir le gealltanais an Chláir Rialtais, agus de bharr an chláir seo leanfaidh muid ar aghaidh de bheith ag infheistiú inár ndaoine, ár gcultúr agus ár gcórais, agus forbairt a dhéanamh orthu.

Taobh thiar de na gníomhartha agus an dul chun cinn praiticiúil a leagtar amach sa tuarascáil seo, tá baill foirne aonair agus foirne trasna na rannóg Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán atá i gcónaí ag cinntiú go dtugtar spriocanna na Roinne i gcrích, agus ba mhaith liom moladh a thabhairt dá dtiomantas do sheirbhís a dhéanamh dár saoránaigh.

In 2022, lean gach earnáil atá faoi chúram ár Roinne ar aghaidh lena dtéarnamh ó phaindéim COVID-19. Le hathruithe leanúnacha agus dúshláin nua ár linne, is é príomhchúram na Roinne seo le bliain anuas ná cinnte a dhéanamh go bhfuil tionscal turasóireachta bisiúil in Éirinn; rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt a mhéadú; earnáil chultúrtha a léiríonn ealaín agus cruthaitheacht na tíre ar ardleibhéal; cúlra nua-aimseartha d'fhás na Gaeilge sa ré dhigiteach; agus earnáil meán saor oscailte atá pobal agus ceangal mar bhoinn di.

Tá mé ag súil go mór lena bheith ag obair leis an Aire Catherine Martin T.D., an Aire Stáit Thomas Byrne T.D., agus an Aire Stáit Patrick O'Donovan T.D. agus le comhghleacaithe ar fud na Roinne chun gealltanas an Chláir Rialtais inár Ráiteas Straitéise a thabhairt i grích chun an tseirbhís is fearr a chinntiú do na páirtithe leasmhara atá faoi choimirce na Roinne seo.



***Katherine Licken***
***Ard-Rúnaí***

# 1. Sainchúram na Roinne

Is é atá de mhisean ag an Roinn: *Forbairt inbhuanaithe na Turasóireachta a threorú agus rannpháirtíocht a chur chun cinn in earnálacha an Chultúir, na nEalaíon, na Gaeltachta, an Spóirt agus na Meán sa chaoi is go dtreisítear le dul chun cinn sóisialta agus go gcothaítear forás cultúir agus eacnamaíochta ar fud shochaí na hÉireann.*

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2021-23, arna fhoilsiú sa bhliain 2021, aisling agus cuspóir na Roinne i ndáil lena chinntiú, tráth a bhfuiltear ag teacht ó COVID-19, go mbíonn tionscal bríomhar turasóireachta ar bun, earnáil bheo ealaíne agus cultúir, earnáil théagartha spóirt agus meán cumarsáide agus timpeallacht inar féidir leis an Ghaeilge agus le ceangal na ndaoine leis an teanga leanúint ag fás agus ag teacht faoi bhláth. Léirítear an aisling sin i Ráiteas Misin na Roinne.

*Forbairt inbhuanaithe na Turasóireachta, na Meán agus na Gaeltachta a threorú agus rannpháirtíocht a chur chun cinn i gcúrsaí Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Gaeilge sa chaoi is go dtreisítear le dul chun cinn sóisialta agus go gcothaítear forás cultúir agus eacnamaíochta ar fud shochaí na hÉireann.*

Déantar an tuarascáil seo faoi obair na Roinne i rith na bliana 2022 a leagan amach de réir na gCuspóirí Straitéise.

- **Sprioc A** – Le tacú le haisghabháil agus fás eacnamaíoch earnáil turasóireachta iomaíoch atá inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil, na heacnamaíochta agus go sóisialta.
- **Sprioc B** – Chun rannpháirtíocht leis agus sa chultúr agus sna healaíona ag daoine aonair agus pobail a thacú agus a fhorbairt trína saibhreofaí a saolta trí ghníomhaíocht chultúrtha; agus chun ealaíona, cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain fad is a chomhordaítear agus a threoraítear clár comóraidh mar chuid de Dheich mBliana de Chomóradh Céad Bliain.
- **Sprioc C** – Tacú le húsáid na Gaeilge, ar fud na hÉireann, san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain agus chun a húsáid a láidriú mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta.
- **Sprioc D** – Rannpháirtíocht níos mó i spóirt ag gach duine a chur chun cinn le fócas ar leith ar rannpháirtíocht na mban agus éagsúlacht fad is a leantar ag infheistiú in áiseanna spóirt nua, lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus óstáil mórimeachtaí.
- **Sprioc E** - Tacú le soláthar meáin thráchtála, phobail agus seirbhíse poiblí a shásaíonn riachtanais lucht féachana / éisteachta na hÉireann agus timpeallacht rialála a chur ar fáil a thacaíonn le sábháilteacht ar líne agus earnáil meán saor, iolrach agus éagsúil in Éirinn.
- **Sprioc F** – Comhoibriú Thuaidh-Theas a chur chun cinn, laistigh de chomhthéacs Thionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais, go háirithe i gcomhthéacs obair an Fhorais Teanga agus Turasóireacht Éireann.


# 2. Eagar na Roinne

Tá cúig Rannóg sa Roinn le Rúnaí Cúnta nó Stiúrthóir i gceannas ar gach ceann acu. Déanann Stiúrthóir eile, a dhéanann tuairisciú le ceannasaí Rannóg na nEalaíon agus an Chultúir, maoirseacht ar thabhairt i bhfeidhm an chlár Éire Ildánach.

- Turasóireacht & Spórt,
- Na hEalaíona & Cultúr, (an Clár Éire Ildánach san áireamh)
- An Ghaeilge & an Ghaeltacht,
- Craolachán & na Meáin Chumarsáide, agus
- Gnóthaí Corparáide.

Bíonn cúnamh taca i ndáil le cúraimí na Roinne ó na 20 comhlacht stáit a thagann faoi choimirce na Roinne, ina measc na Forais Náisiúnta Cultúir agus Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas (féach Aguisín 1).

*Struchtúr Eagraíochtana Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán*



# Forléargas ar an bhliain 2022




*An tAire Catherine Martin ag seoladh Chruinniú na nÓg 2022*

## 3. Forléargas

I rith 2022, lean an Roinn ar aghaidh ag dul i gcomhar le páirtithe leasmhara trasna na rannóga atá faoina cúram chun tacaíocht agus maoiniú a chur ar fáil ionas gur féidir leo dul i ngleic leis an iliomad dúshlán a tháinig aníos agus gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht a chothú, go háirithe i gcomhthéacs boilscithe aird agus deireadh ag teacht le scéimeanna tacaíochta ioncam ó aimsir COVID. Mar gheall ar an ardú a tháinig ar an ráta boilscithe, bhí timpeallacht oibríochtúil dhúshlánach ann don turasóireacht, don spórt agus don chultúr, agus tháinig ganntanas lucht saothair chun cinn san earnáil turasóireachta. Tháinig srianta slabhra soláthair, an timpeallacht bhoilscithe agus srianta na paindéime uilig le chéile chun tionchar a imirt ar thabhairt chun críche na dtionscadal PFN.

In 2022, lean an Roinn ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt agus ar fholláine a foireann trí chláir oiliúna saincheaptha agus leathadh amach ár mBeartas Oibre Cumaisc i gcomhréir le Creat na Státseirbhíse.

Cé go raibh téarnamh éiginnte ag an turasóireacht in 2021, mar gheall ar an mhargadh turasóireachta baile don chuid is mó, tháinig an turasóireacht idirnáisiúnta ar ais go suntasach in 2022 tar éis do na srianta taistil idirnáisiúnta a bheith maolaithe, agus meastar gur tháinig timpeall 7 milliún turasóirí idirnáisiúnta go hÉireann.

Lean an Roinn ar aghaidh ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm freagraí polasaí earnálacha cosúil le tacaíocht do na forais chultúrtha náisiúnta agus forais eile atá faoi chúram na Roinne. In 2022 cuireadh tús le Scéim Phíolótach um Ioncam Bunúsach d'Ealaíontóirí chomh maith le cur i bhfeidhm na Scéime Tacaíochta um Gheilleagar Oíche.

I ndiaidh na deacrachtaí a cuireadh roimh réigiúin agus gnólachtaí na Gaeltachta le srianta le blianta beaga anuas, coinníodh fostaíocht i réigiúin na Gaeltachta ar leibhéal seasmhach in 2022 le fás suntasach i roinnt earnálacha i measc chliantchuideachtaí Údarás na Gaeltachta. Agus geilleagair áitiúla ag dul i ngleic le tuilleadh dúshlán in 2022 mar gheall ar chostais ag dul in airde, tá seasmhacht agus acmhainneacht léirithe ag comhlachtaí sna réigiúin Ghaeltachta, mar gheall ar an nuálaíocht.


Tháinig borradh faoin mhéid daoine i láthair ag imeachtaí spóirt ardleibhéil in 2022 de réir mar a maoladh na srianta. Lean an Roinn ar aghaidh ag leathadh amach tionscnamh, a bhí mar chúis leis an leibhéal is airde rannpháirtíochta sna spóirt ó bhí 2020 ann, agus lean an Roinn ar aghaidh lena haisling chun an éagsúlacht agus an ionchuimsiú sa spórt a cheiliúradh.

Bhain an earnáil Craolacháin agus Meán roinnt príomhspriocanna polasaí agus reachtaíochta amach in 2022, go háirithe achtú an Achta um Rialáil Sabháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, a réiteoidh an bealach do thacaíocht leanúnach d'earnáil meán neamhspléach éagsúil inbhuanaithe agus timpeallacht níos sábháilte ar líne in Éirinn.


# 4. Caiteachas na bliana 2022 de réir na hEarnála

Lean an Roinn den chlár oibre a chur chun cinn i rith na bliana agus tharla caiteachas foriomlán €1,227m ar fud na n-earnálacha ar fad.

**Ollchaiteachas Vótáilte de réir Cláir, 2022**




**Ollchaiteachas Vótáilte de réir Pá, Caiteachas Reatha & Caiteachas Caipitil, 2022**




Nóta: Tugtar pá do chomhlachtaí agus do ghníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne san áireamh leis an chaiteachas reatha.

## *Buaicphointí na Bliana 2022*

In ainneoin an timpeallacht dhúshlánach a bhí ann i rith 2022 rinneadh dul chun cinn trasna chúram na Roinne le leithdháileadh de €1.165bn curtha ar fáil don Roinn i mBuiséad 2023. Tá cuid de na fógairtí agus éachtaí níos suntasaí leagtha amach thíos.

### *TURASÓIREACHT*

- I Nollaig 2022, chuir an tAire Martin fáilte roimh mhaoiniú turasóireachta Aistriú Cóir na hÉireann/AE suntasach chun tacú le réigiún lár na tíre, agus Éire ag bogadh ar shiúl ó bhreoslaí iontaise. Beidh dhá mhórchlár cistiúcháin ag Fáilte Éireann a dhíreofar ar thurasóireacht athghiniúnach agus lionraí conaire le leithdháileadh de €38 milliún curtha ar fáil do thacaíochtaí gnó Turasóireachta Athghiniúnaí agus €30 milliún don Líonra Conairí Turasóireachta.

- Sheol Fáilte Éireann clár suntasach tacaíochtaí le haghaidh gníomhaithe aeráide don Tionscal i Samhain 2022 ag a chomhdháil náisiúnta a d'fhreastail breis is 300 grúpaí tionscail agus earnála uirthi. San áireamh leis seo seoladh 'Aireamhán Carbóin Saincheaptha' do Ghnólachtaí Turasóireachta ionas gur féidir leo a lorg carbóin a thomhas agus a thuiscint, spriocanna le haghaidh laghdú astaíochtaí a leag amach agus a ngnólachtaí a thagarmharcáil in aghaidh a ngnólachtaí féin in imeacht ama agus in aghaidh gnólachtaí turasóireachta eile.

- Mar gheall ar mhéadú mór sa Chiste Margaíochta Turasóireachta, bhíothas ábalta tús ceart a chur le feachtas margaíochta idirnáisiúnta (an 'Cnaipe Glas') agus an tír ag teacht as phaindéim COVID-19.

- Agus aitheantas á thabhairt ar na deacrachtaí a raibh gnólachtaí turasóireachta fós ag dul i ngleic leo, fuarthas leithdháileadh de €50m i mBuiséad 2022 le haghaidh Chláir Leanúnachais Ghnó Turasóireachta a ceapadh chun tacú le gnólachtaí turasóireachta straitéiseacha agus iad ag maireachtáil tríd an phaindéim agus chun cuidiú a thabhairt do théarnamh na turasóireachta.

## *CULTÚR agus na hEALAÍONA*

- Seoladh an Scéim Phíolótach um Ioncam Bunúsach d'Ealaíontóirí, a bhí ina nuálaíocht mhór do na healaíona in Éirinn. Tá íocaíochtaí de €325 in aghaidh na seachtaine á ndéanamh le 2,000 ealaíontóir agus oibrí ealaíon cruthaitheach thar tréimhse phíolótach trí bliana. Thosaigh na céad íocaíochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2022.

- Cuireadh sraith tacaíochtaí i bhfeidhm d'ealaíontóirí agus d'oibrithe ealaíon in Éirinn mar pháirt den chlár *Sábháilte le Cruthú*, clár comhoibríoch atá mar aidhm aige cultúr agus cleachtais na háite oibre a athrú ó bonn agus chun coinníollacha oibre sábháilte agus measúla a chruthú dóibh siúd atá ag obair sna healaíona.

- Sheol an tAire Catherine Martin agus an tAire Airgeadais Paschal Donohoe an Creidmheas Cánach le haghaidh Cluichí Digiteacha. Is creidmheas cánach corparáide in-aisíoctha é an faoiseamh seo atá ar fáil do chuideachtaí forbartha cluichí digiteacha do chaiteachas incháilithe a thabhaíodh i rith deartha, táirgthe agus tástála cluiche dhigitigh.

- D'fhógair an Taoiseach Micheál Martin, an Tánaiste Leo Varadkar agus an tAire Catherine Martin Clár 2022 Dheich mBliana na gCuimhneachán, le maoiniú €2 mhilliún

d'údaráis áitiúla chun tacú lena ról lárnach i ngníomhaíochtaí comórtha faoi stiúir na pobal a fhorbairt do chéim dheireanach Dheich mBliana na gCuimhneachán.

- Cuireadh raon tacaíochtaí i bhfeidhm don earnáil siamsaíochta beo agus í ag teacht as phaindéim COVID-19.

- D'fhógair an tAire Martin agus an tAire O'Brien maoiniú €6.6 milliún i mí Eanáir don tionscnamh Pobail Ildánacha 2022 de chuid an Chlár Éire Ildánach. Cumasaítear an chomhpháirtíocht seo idir na ranna agus gach ceann de na 31 údarás áitiúla tríd an Chlár Éire Ildánach. I Márta bhronn an Clár Éire Ildánach €1m ar thionscadail chruthaitheacha a chur feabhas ar shláinte agus folláine daoine níos sine na hÉireann agus iad ag teacht as an phaindéim.

- Tharla Cruinniú na nÓg, lá náisiúnta na saorchruthaitheachta do pháistí agus do dhaoine óga, ar Dé Sathairn 11ú Meitheamh leis na céadta imeacht ag tarlú ar fud na tíre.

- Cuireadh ciste nua de €1.5m i bhfeidhm do Ghailearaí Ealaíon Crawford agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann lena chur ar a gcumas saothair nua-ealaíne le healaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta a cheannach nach raibh le fáil sa Bhailiúchán Náisiúnta roimhe seo, i ndiaidh blianta de cheannacháin theoranta.

- I ndiaidh don Cheolfhoireann Siansach Náisiúnta agus na Cóir Náisiúnta aistriú ó RTÉ go dtí an Ceoláras Náisiúnta, i Meitheamh 2022 foilsíodh an Bille um Fhorais Chultúir Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta) (Leasú), 2022, a chur bonn reachtaíochta leis an aistriú seo.

- I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair an tAire Martin go gcuirfear síneadh le tionscnamh píolótach an Gheilleagair Oíche, agus go gceapfar comhairleoirí Geilleagair Oíche go 9 mbaile agus cathair píolótacha nua. An mhí dár gcionn, d'fhógair an tAire iarrthóirí rathúla na Scéime Tacaíochta um Gheilleagair Oíche le 433 eagraíocht ar an iomlán a cuireadh maoiniú ar fáil dóibh faoin scéim seo.

### *An GHAEILGE agus an GHAELTACHT*

- Fógraíodh 400 scoláireacht choláiste Gaeilge d'iar-bhunscoileanna DEIS.

- D'oscail coláistí samhraidh Gaeilge arís go rathúil i ndiaidh dóibh a bheith dúnta ar feadh dhá bhliain i rith na paindéime.

- Cuireadh deontas tionscnaimh feabhsaithe de €6,000 ar fáil do theaghlaigh óstacha na gcoláistí samhraidh.

- Cuireadh deontas caipitíochta méadaithe i bhfeidhm do theaghlaigh atá ag óstáil mac léinn in earnáil na gColáistí Samhraidh Gaeltachta.

- Cuireadh pacáiste maoinithe méadaithe de níos mó ná €2m ar fáil d'Ollscoil Mhá Nuad chun córas tástála teanga Theastas Eorpach na Gaeilge a chaomhnú agus a fhorbairt i gcomhréir leis an Chreat Chomhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha.

- Leithdháileadh 3-bliana de níos mó ná €4 mhilliún ceadaithe do Scéim na gCúntóirí Teanga.

- Cuireadh leithdháileadh de bheagnach €3.7 milliún ar fáil don phróiseas pleanála teanga in 2022 a chumasaigh leathnú ar líonra na nOifigeach Pleanála Teanga i Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge agus

rolladh amach leanúnach tacaíochtaí teanga sna hearnála luathbhlianta, teaghlach agus ealaíona.

- Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le baint amach na spriocanna earcaíochta seirbhíse poiblí uaillmhianacha a leagtar síos in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021.

- Seoladh Plean Digiteach don Ghaeilge, le teicneolaíochtaí nua labhartha agus teanga le teacht.

- Leanadh ar aghaidh le maoiniú do chláir Ghaeilge san earnáil tríú-leibhéil, agus iad ag dul ó neart go neart sa bhaile agus thar lear, trí mhaoiniú leanúnach ón Roinn, agus i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta Barr Feabhais do Ghairmeacha san Aontas Eorpach, an Coimisiún Fulbright, Fondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada agus líonra ollscoileanna ar fud na hEorpa.

### *SPÓRT*

- Cuireadh maoiniú €52 milliún ar fáil do Spóirt chun cuidiú le téarnamh leanúnach na hearnála agus tacú le rannpháirtíocht leanúnach sa spórt agus sa ghníomhaíocht fhisiciúil.

- I Samhain 2022 fógraíodh go dtacódh an Rialtas le réamhthairiscint ó Chumann Peile na hÉireann maidir le tairiscint na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe ar UEFA EURO 2028 a óstáil.

- Thosaigh an tsraith Aer Lingus College Classic arís in 2022 nuair a d'imir Northwestern in éadan Nebraska i mBaile Átha Cliath, agus meastar gur chuir an imeacht sin €53.5 milliún le geilleagar na hÉireann.

- Fógraíodh na leithdháiltí deireanacha faoi bhabhta 2020 den Chlár Chaipitil Spóirt agus Trealaimh ar 31 Bealtaine 2022 agus tá an leithdháileadh iomlán de €166.6 milliún ar an leithdháileadh is mó a rinneadh riamh faoin chlár. Fuair beagnach 2,900 iarratas difriúla tairiscint deontais.

- Cuireadh maoiniú breise de €1.7m ar fáil chun an maoiniú deontais d'imreoirí cluichí Gaelacha ban a ardú go €2.4m, rud a chuir leithdháileadh maoinithe do chluichí na mban ar chomhchéim leis an maoiniú do chluichí na bhfear.

- Bhain lúthchleasaithe agus foirne Éireannacha 105 bonn suntasacha, an méid is mó bonn a baineadh amach riamh ag mórimeachtaí spóirt ag cláir a raibh maoinithe ag Spórt Éireann.

### *CRAOLACHÁN agus na MEÁIN*

- Tugadh isteach an Bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne (OSMR) san Oireachtas in Eanáir 2022, agus ritheadh é i Nollaig 2022.

- Bunaíodh an Sainghrúpa um Chóras Gearán Aonair maidir le hábhar díobhálach ar líne in Eanáir 2022. Foilsíodh a thuarascáil i Meán Fómhair 2022 agus bhí a mholtaí mar bhonn le leasuithe ar an Bhille OSMR.

- Foilsíodh Tuarascáil an Chomisiúin um Thodhchaí na Meán in Iúil 2022, agus ghlac an Rialtas le 49 dá 50 moladh. Chuir an Rialtas Grúpa Oibre Teicniúil ar bun chun iniúchadh a dhéanamh ar athnuachan ar an chóras ceadúnais teilifíse.

- Mar gheall ar thorthaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, le maoiniú a leithdháileadh i mBuiséad 2023, bhíothas ábalta tús a chur le hullmhúcháín don chéad chiste meán riamh, lena thacófar le léiriúchán ábhair in earnáil an chló agus an ráidió.

- Chuir Údarás Craolacháin na hÉireann tacaíocht airgeadais ar fáil do 182 thionscadal raidió agus teilifíse faoin Scéim Fuaime & Físe 4.


- Agus TG4 ag ceiliúradh 25 bliain óna bhunú, bhíothas ábalta tús a chur le pleanáil ar Chainéal Gaeilge tiomanta do pháistí le maoiniú breise a leithdháileadh i mBuiséad 2023.

# 5. Turasóireacht

**Sprioc A**

Le tacú le haisghabháil agus fás eacnamaíoch earnáil turasóireachta iomaíoch atá inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil, na heacnamaíochta agus go sóisialta.

***Caiteachas €281.7m de réir phríomhréimsí caiteachais***




## *Forléargas*

I ndiaidh an athraithe ó bhonn a tharla ó thaobh cúrsaí turasóireachta in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus an téarnamh éiginnte in 2021 a tharla de bharr an mhargaidh bhaile don chuid is mó, tháinig taisteal idirnáisiúnta ar ais i bhfad ní ba ghaiste ná mar a bhíothas ag súil in 2022. Measann Cónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann (ITIC) gur tháinig 7 milliún turasóir chun na hÉireann in 2022, téarnamh de 73% i gcomparáid leis an bhuaic réamhphaindéime in 2019.

Ag deireadh 2020, cheap an tAire Martin an Grúpa Maoirseachta Téarnaimh Turasóireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Téarnaimh Turasóireachta. Lean an grúpa seo ar aghaidh ag cruinniú le chéile agus ag tuairisciú don Aire in 2022, agus chuir siad ionchur luachmhar ar fáil don Rialtas maidir leis na bearta a raibh gá leo chun cuidiú leis an earnáil.

Ó thaobh cúrsaí turasóireachta in 2022, bhí béim ar théarnamh agus bhí seo le feiceáil i mBuiséad 2022, a raibh méadú de €67.5m ar an leithdháileadh turasóireachta 2021 go €288.5m. Fuarthas méadú suntasach ar an Chiste Margaíochta Turasóireachta chun tacú le tabhairt i gcrích straitéise

margaíochta le turasóireacht isteach go hÉireann a athspreagadh. Agus maolú ag teacht ar shrianta ar thaisteal idirnáisiúnta inár bpríomh-mhargaidh, agus turasóirí ag smaoineamh ar a chéad saoire eile, bhí sé ríthábhachtach Éire a choinneáil ag barr an liosta do thurasóirí féideartha agus iad a chur ar an eolas go raibh Éire ar oscailt in ainneoin an suaitheadh a bhí ann le cúpla bliain anuas.

Chuaigh Éire i ngleic le dúshlán na paindéime agus in 2022 bhí bagairtí nua ann ón chogadh san Úcráin agus ón bhoilsciú. In ainneoin na ndúshlán seo, lean téarnamh na hearnála ar aghaidh go seasta.

Ó thús ionradh na Rúise ar an Úcráin i Feabhra 2022, tá Éire ag tabhairt faoin oibríocht dhaonnúil is mó i bhfad ina stair agus bhí ról lárnach ag an lóistín turasóireachta sa fhreagra náisiúnta.

Cé nach réiteach meántéarmach go fadtéarmach é lóistín ostáin ar riachtanais lóistín teaghlach, is gné barrthábhachtach é de chuid freagra na hÉireann ar fhadhb an lóistín do dhaoine ón Úcráin. D'obair an Roinn agus Fáilte Éireann i gcomhar leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun roghanna fadtéarmacha taobh amuigh den earnáil ostáin a aimsiú.

I rith 2022, rinneadh dul chun cinn agus cuireadh tacaíocht ar fáil sna réimsí straitéiseacha ardleibhéil don turasóireacht, a aithnítear i Ráiteas Straitéise de chuid na Roinne. Tá achoimre ar an dul chun cinn maidir le gach réimse straitéise ardleibhéil thíos.

- ***Gnólachtaí turasóireachta agus sócmhainní príomhthábhachta turasóireachta a theacht slán agus téarnamh earnáil na turasóireachta tar éis phaindéim COVID.***

Déanann an tAire comhchathaoirleacht, in éineacht leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar an Fhóram Fáilteachais agus Turasóireachta agus bhí cruinnithe aici le geallsealbhóirí na n-earnálacha tráthanna éagsúla i rith na bliana 2022. Is é cuspóir an Fhóraim ná deis a chur ar fáil na príomhcheisteanna is ábhar buartha do lucht na n-earnálacha a phlé, d'fhonn gníomhartha praiticiúla a aithint is féidir leis an Rialtas (náisiúnta nó áitiúil), nó le lucht an tionscail féin, a dhéanamh ar mhaithe le bonn treise a chur faoi ghnólachtaí. I measc na gceisteanna a ndearnadh plé orthu sna cruinnithe fóraim seo, bhí bearta chun an ráta CBL níos ísle de 9% a choinneáil, agus tabhairt isteach na Scéime Sealadaí Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG).

Agus aitheantas á thabhairt ar na deacrachtaí a raibh gnólachtaí turasóireachta fós ag dul i ngleic leo, fuarthas leithdháileadh de €50m i mBuiséad 2022 le haghaidh Chláir Leanúnachais Ghnó Turasóireachta a ceapadh chun tacú le gnólachtaí turasóireachta straitéiseacha agus iad ag maireachtáil tríd an phaindéim agus chun cuidiú a thabhairt do théarnamh na turasóireachta. Bhí ceithre Scéim, faoi riar Fháilte Éireann, sa Chlár:

- An Scéim Leanúnachais Ghnó d'Oibritheoirí Suíomhanna agus Gníomhaíochtaí Turasóireachta
- An Scéim Leanúnachais Ghnó do Sholáthraithe Lóistín Turasóireachta
- An Scéim Leanúnachais Ghnó do Thaisteal Turasóireachta Straitéiseach
- An Scéim Leanúnachais Ghnó do Ghníomhairí Isteach Éire-bhunaithe Straitéiseacha

Fuair beagnach 900 iarrthóir iocaíochtaí faoi na scéimeanna seo.

- ***Creat beartais don turasóireacht ina gcuirtear earnáil turasóireachta chun cinn a bheadh inbhuanaithe ar bhonn comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch.***

Éilítear ar an Roinn mar gheall ar Spriocanna na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe beartais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm d'fhonn turasóireacht inmharthana a chur chun cinn trína gcruthaítear postanna agus trína gcuirtear cultúr agus táirgí áitiúla chun cinn.

Lean an Grúpa Oibre maidir le Turasóireacht Inmharthana ar aghaidh ag cruinniú le chéile i rith 2022. Rinne an grúpa imscrúdú ar na gníomhaíochtaí i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre maidir le

Turasóireacht Inmharthana ar féidir leo a bheith curtha i bhfeidhm sula bhforbrófar polasaí nua turasóireachta. Cinntítear leis go gcuirtear inmharthanacht san áireamh i bhforbairt polasaí, pleanáil ghnó sna gníomhaireachtaí agus sa tionscal agus i mbainistíocht áite saoire agus gníomhaíocht mhargaíochta chomh maith.

Bhí 31 gníomh san áireamh i  i dtuarascáil an Ghrúpa: *'Actions to Promote Sustainable Tourism Practices 2021-2023'*  Cé go raibh moill ar go leor de na gníomhartha sa phlean mar gheall ar COVID-19, i rith 2022 bhí áthas ar an ghrúpa tabhairt faoi deara go raibh gach ceann de na 31 gníomh críochnaithe nó ar siúl.

I Samhain 2022, sheol Fáilte Éireann a 'Phlean Gníomhaithe Aeráide' chomh maith le sraith treoirleabhar a mhínigh turasóireacht inmharthana agus a leag amach, go háirithe, an Gníomhú Aeráide atá de dhíth chun astaíochtaí carbóin a laghdú. Chomh maith, sheol Fáilte Éireann 'Aireamhán Saincheaptha Carbóin' do ghnólachtaí turasóireachta a ligeann do ghnólachtaí a lorg carbóin a thomhas agus a thuiscint, spriocanna a leagan amach maidir le laghdú astaíochtaí agus a ngnólachtaí a thagarmharcáil in éadan a ngnólachtaí féin le himeacht ama agus in éadan gnólachtaí turasóireachta eile.

In 2022, chuir an Roinn tús le forbairt ar **pholasaí nua turasóireachta náisiúnta** atá mar aidhm aige aird an phobail a dhíriú ar inmharthanacht. Is é ata i gceist le forbairt an pholasaí nua seo ná comhairliúchán fairsing leis an tionscal turasóireachta agus lenár bpobail chun bealach a aimsiú sna blianta amach romhainn a thacóidh le téarnamh inbhuanaithe agus ansin fás san earnáil.

Thosaigh na céad chomhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara in 2022 agus é mar aidhm acu eolas a chur ar an treo pholasaí roimh chomhairliúchán poiblí níos leithne atá ag tarlú in 2023. Tá sé mar chuspóir ag an pholasaí nua turasóireachta seo forbairt eacnamaíoch inmharthana a thacú i bpobail ar fud na tíre, agus ag cosaint ár n-acmhainní comhshaoil agus nadúrtha ag an am céanna, agus an éileamh leata amach ar fud na bliana ar bhealach níos cothroime.

- ***Forfheabhsú maidir le fostaíocht inbhuanaithe in earnáil na turasóireachta le béim faoi leith ar inniúlacht agus scil lucht saothair na turasóireachta maidir le cúrsaí digiteachta a fheabhsú.***

I rith 2022, ghlac an Roinn páirt sa Ghrúpa Maoirseachta um Ghairmeacha Beatha sa Turasóireacht agus Fáilteachas a thugann ionadaithe ón tionscal, gníomhaireachtaí stáit, Ranna Rialtais agus an earnáil oideachais. Tá an Grúpa ag díriú anois ar thacaíocht a thabhairt don tionscal chun dul i ngleic lena ndúshláin earcaíochta reatha.

Mar pháirt den fheachtas chun turasóireacht a chur chun cinn mar earnáil tharraingteach le hobair inti, sheol Fáilte Éireann clár nua "Barr Feabhais Fostóra" chun cuidiú le gach gnólacht rannpháirteach a gcleachtais fostaíochta a fheabhsú agus chun cur lena gcáil mar sárfhostóirí. Cuideoidh seo le fostóirí chun rannpháirtíocht fostaithe níos fearr a spreagadh, tarraingt a n-áiteanna oibre a chothú agus leibhéil nua feidhmíochta a bhaint amach trasna a ngnólachtaí.

### Digital that Delivers

Lean an clár Digital that Delivers ar aghaidh in 2022 agus é mar aidhm aige go rachadh Fáilte Éireann, sna 3-5 bliana amach romhainn, i gcomhpháirt le 1,350 eispéireas cuairteora, 2,000 soláthraí lóistín, agus 2,500 rud le feiceáil agus déanamh atá saor in aisce. Cuirfidh Fáilte Éireann tacaíocht phraiticiúil, theicniúil agus airgeadais ar fáil ionas gur féidir leo:

- Áirithintí díreacha a fháil trína suíomhanna gréasáin féin
- Táirgí a dháileadh trí bhealaí tríú pháirtí cosúil le gníomhairí taistil ar líne (OTAs), comhbhailitheoirí agus oibritheoirí turais.
- Éifeachtúlachtaí oibríochtúla a spreagadh trí theicneolaíochtaí nua
- Díriú ar an tomhaltóir agus iad ar na príomhchéimeanna ar an bhealach chun ceannachán a dhéanamh

- Feabhas a chur ar a suíomhanna gréasáin agus ábhar margaíochta digiteach féin

Measúnú agus barr feabhas a chur ar fheidhmíocht a gcainéal digiteach

- ***Infheistíocht i margaíocht turasóireachta chun eolas ar Éirinn agus suim inti a chaomhnú agus a fhorbairt mar cheannphointe turasóireachta thar lear agus a fhéachann le barr feabhais a bhaint amach don turasóireacht intíre.***

Cuireadh an leithdháileadh maoinithe is mó riamh ar fáil don turasóireacht i mBuiséad 2022. San áireamh leis seo bhí méadú suntasach ar an Chiste Mhargaíochta Turasóireachta chun tacú le straitéis mhargaíochta a thabhairt i gcrích chun turasóireacht chun na hÉireann a athspreagadh.

Mar pháirt dá straitéis mhargaíochta, chuir Turasóireacht Éireann creat téarnaimh ar bun a raibh clár cuimsitheach gníomhaíochta cur chun cinn mar bhonn dó i rith 2022. Tá plean solúbtha ag an eagraíocht, lena mbaineann trí chéim - éileamh a ATOSÚ, a ATÓGÁIL agus, ar deireadh, a ATHDHEAR. In 2022, bhí béim ar an chéim ATOSÚ den phlean seo. Rinneadh infheistiú de ní ba mhó ná €80 milliún sa chlár in 2022, a chur ar chumas Thurasóireacht Éireann ní ba mhó béime a chur ar a feachtais i bpríomh-mhargaidh idirnáisiúnta.

Bhí Turasóireacht Éireann fós gníomhach i ngach margadh, chun na deiseanna ní ba luaithe le haghaidh téarnaimh turasóireachta a chur ar fáil. Bhí béim ní ba mhó ar Diaspora, agus orthu siúd atá ceangal teaghlaigh nó cairdis acu le hÉirinn, mar go léiríodh le taighde Rianaire COVID-19 de chuid Thurasóireacht Éireann gur dócha go dtaistealóidh siad anseo ar dtús.

Lean Feachtas an Chnaipe Ghlais de chuid Thurasóireacht Éireann ar aghaidh ag spreagadh éilimh i rith 2022, lena fheachtas teilifíse ba mhó riamh ag rith inár gceithre mhargadh ba mhó – an Bhreatain Mhór, na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin agus an Fhrainc. Chomh maith, leathnaigh an feachtas seo sa Spáinn, san Iodáil, san Ísiltír, sa Bheilg, agus sna tíortha Nordacha, san Eilbhéis, san Ostair, i gCeanada agus in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.




*Chuaigh an tAire Martin le Turasóireacht Éireann go Nua Eabhrac i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun Éire a chur chun cinn*
*i gceann dár margaidh fhoinse is mó.*

Choinnigh Turasóireacht Éireann cainéil chumarsáide a bhí 'ar siúl i gcónaí', ag tacú le feachtais le hábhar cur chun cinn agus faisnéiseach rialta. Le 20 milliún cuairteoir in aghaidh na bliana, cuireann Ireland.com ardán lárnach cur chun cinn ar fáil d'oileán na hÉireann ar fud an domhain.

Choinnigh Turasóireacht Éireann ag obair le haerlínte agus comhlachtaí farantóireachta trí chlár tionscnamh margaíochta comhaoinithe chun tacú le bealaí aeir agus mara a thabhairt ar ais, de bharr á ríthábhachta don earnáil turasóireachta agus í ag filleadh ar an fhás arís.

Ba dheis iontach í Lá Fhéile Pádraig chun oileán na hÉireann a chur chun cinn timpeall an domhain agus bhí Féile Chnaipe Ghlais de chuid Thurasóireacht Éireann ar siúl i 14 mhargadh thar an tréimhse saoire Phádraig. Mar pháirt den fhéile seo athraíodh suíomhanna taobh amuigh feiceálacha ina stáitsí a léirigh cultúr na hÉireann. Bhí an fhéile ar siúl ar Ireland.com agus ar chainéil dhigiteacha eile freisin – cosúil le Youtube, Instagram, Facebook agus Twitter.

Bhain Turasóireacht Éireann tairbhe as deiseanna turasóireachta a cuireadh ar fáil ag imeachtaí tábhachtacha agus deiseanna domhanda. San áireamh leis seo bhí:

- Expo 2020 in Dubai
- An Aer Lingus College Football Classic, a tharla i mBaile Átha Cliath i mí Lúnasa
- Ulysses 100 (in 2022 tharla comóradh céad bliain ar fhoilsiú leabhair chlúitigh de chuid James Joyce, Ulysses)

Mhéadaigh Fáilte Éireann a hinfheistiú sa margaíocht bhaile faoi dhó in 2022 chun éileamh baile a spreagadh, cosúil le saoirí gairide ó cheann ceann na bliana. Ina leith sin, chuaigh an ghníomhaireacht i mbun feachtas margaíochta agus cumarsáide cuimsitheach, a feachtas "*Keep Discovering*" san áireamh, chun turasóirí Éireannacha a spreagadh chun a saoire a chaitheamh in Éirinn, go háirithe san idirshéasúr atá níos ciúine.

D'úsáid Fáilte Éireann a hurraíocht ar Aimsir RTÉ mar ardán chun a fheachtas "*Keep Discovering*" a chur chun cinn. Cuireann an t-ardán seo i gcuimhne do bhreathnóirí go bhfuil deiseanna ann saoirí gairide a ghlacadh, cosúil le saoirí bainc, féilte agus imeachtaí.

De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, tháinig an taisteal idirnáisiúnta ar ais ní ba ghaiste ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar chúinsí cosúil le héileamh ar thaisteal a bhí faoi chois, áirithintí a bhí curtha siar, agus coigilteas carntha. Tharla méadú ar thaisteal chun na hÉireann mar gheall ar seo, in éineacht le rochtain aeir agus mara ag teacht ar ais ní ba ghaiste ná mar a bhíothas ag súil leo. Measann Turasóireacht Éireann go bhfuil saoire caite ar oileán na hÉireann ag 75% de na turasóirí a thabharfadh cuairt ar Éirinn de ghnáth.

- ***Infheistíocht san fhorbairt ar tháirgí turasóireachta, gníomhaíocht faoin aer san áireamh, trína gcuirtear le clú na hÉireann go hidirnáisiúnta maidir le bheith ina hoileán inmharthana glan glas mar cheann scríbe, an tráth céanna a mbítear mealltach ag an margadh intíre.***

### Maoiniú Aistrithe Chóir

I Nollaig 2022, chuir an tAire Martin fáilte roimh mhaoiniú suntasach Éireannach/AE chun tacú le réigiún Lár na Tíre, agus Éire ag bogadh ar shiúl ó bhreoslaí iontaise. Tugtar faoi chuid mhór den obair aistrithe seo faoi chúram Fháilte Éireann. Beidh dhá mhórchlár cistiúcháin ag Fáilte Éireann a díreofar ar thurasóireacht athghiniúnach agus lionraí conaire le leithdháileadh de €38 milliún curtha ar fáil do thacaíochtaí gnó Turasóireachta Athghiniúnaí agus €30 milliún don Líonra Conairí Turasóireachta.

### Infheistíocht Chaipitil

Tá neart deiseanna in earnáil turasóireachta na hÉireann le haghaidh nithe turasóireachta iontacha agus baineann Fáilte Éireann úsáid as an mhaoiniú chaipitil seo chun tacú le forbairt agus cothú na n-eispéireas cuairteora sin. In 2022, d'oscail roinnt tionscadal críochnaithe don phobal.

Tá cúpla sampla den mhéid a d'oscail in 2022 thíos:

### Ionad an Bhlascaoid (The Blasket Centre)

D'oscail Ionad an Bhlascaoid (The Blasket Centre) agus Forbairtí an Bhlascaoid Mhóir – an t-eispéireas cuairteora athchóirithe i Meitheamh 2022, tar éis infheistithe de €2.9 milliún ó Fháilte Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.



### Thar na Crainn, An Chraobhach

Is ceann scríbe cuairteora den chéad scoth é 'Thar na Crainn' sa Chraobhach i Sean-Oirthear na hÉireann, a d'oscail i ndiaidh tionscadal athfhorbartha €16 milliún le Coillte i gcomhar le Fáilte Éireann agus EAK Éireann. Is eispéireas tumthach ar féidir le gach glúin sult a bhaint as.



Is é an Cosán Barr Crainn is faide in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe, 1.4 ciliméadar ar fad, agus tabharfaidh sé cuairteoirí ar eachtra tríd agus thar na crainn. Críochnóidh an aistear ag an Túr Faire iontach. Ag barr an túir seo, atá galánta ó thaobh na hailtireachta de agus a sheasann 38m thar na coille, tá leathanradhairc 360 céim ar Shléibhte Chill Mhantáin, an Abhainn Mhór agus Gleann Abhóca. Chun an eispéireas nuálaíoch a chríochnú, is féidir le daoine fásta agus páistí araon leanúint ar aghaidh leis an eachtraíocht agus dul síos an túr ar an sleamhnán bíse 90m ar luas na gaoithe.

### Gné Cnóbha de Bhrú na Bóinne (ar oscailt ó 2022)

Tá maoiniú suntasach de €1.4m curtha ag Fáilte Éireann leis an eispéireas cuairteora nua seo, a bhfuiltear ag súil go mbeidh 14,000 cuairteoir sa bhreis in aghaidh na bliana air sna 5 bliana amach romhainn ar réigiún Ghleann na Bóinne, ag tacú le 260 post sa bhreis. Tá Cnóbha ar cheann de na suíomhanna réamhstaire is suntasaí ó thaobh an chultúir de in Éirinn, agus san Eoraip gan amhras, agus is príomhghné é de choimpléasc Bhrú na Bóinne – Láithreán Oidhreachta Domhanda de chuid UNESCO.



### Músaem Náisiúnta an Ghorta Mhóir i bPáirc Bhéal na mBuillí – (ar oscailt ó 2022)

Tá ceann dá hinfheistíochtaí is mó déanta ag Fáilte Éireann i suíomh cuairteora i gCroílar Ceilte na hÉireann, infheistíocht de €3.9 milliún ar an iomlán i gcomhar le hIontaobhas Oidhreachta na hÉireann.




In 2022, sheol Fáilte Éireann Scéim Infheistíochta Ionaid Dinnéir Cheiliúrtha. Is scéim infheistíochta chaipitil bheag é seo, a chuireann deontais infheistíochta de suas le 100% de chostais tionscadail incháilithe ar fáil, le huasmhéid de €200,000 in aghaidh an tionscadail. Tá sé mar aidhm ag an scéim tacú le forbairt ar suas le seacht n-ionad móra ‘wow’ le haghaidh dinnéar ceiliúrtha in aice croíláir turasóireachta gnó na hÉireann .i. Baile Átha Cliath, Corcaigh, Ciarraí, réigiún na Sionainne agus Gaillimh. Is féidir téarnamh agus fás ioncaim a chinntiú trí dul i ngleic leis an bhearna seo sa deighleog Imeachtaí Gnó.

## 6. Na hEalaíona, Cultúr agus Cuimhneacháin

**Sprioc B**

Chun rannpháirtíocht leis agus sa chultúr agus sna healaíona ag daoine aonair agus pobail a thacú agus a fhorbairt trína saibhreofaí a saolta trí ghníomhaíocht chultúrtha; agus chun ealaíona, cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain fad is a chomhordaítear agus a threoraítear clár comóraidh mar chuid de Dheich mBliana de Chomóradh Céad Bliain.

**Caiteachas €366.8m de réir phríomhréimsí caiteachais**




### *Forléargas*

In 2022 tháinig na hearnálacha ealaíon agus cultúir chun cinn tar éis na paindéime. Bhí gá le pacáistí tacaíochtaí chun dul i ngleic le réimse ceisteanna cosúil leis an ghéarchéim fuinnimh. Rinneadh nuálaíocht mhór i maoiniú na n-ealaíon in 2022 le tús na Scéime Píolótaí um Ioncam Bunúsach do 2,000 ealaíontóir. Ba dhíol suntais é fosta athbheochan ár nGeilleagair Oíche le rolladh amach na Scéime Píolótaí um Gheilleagar Oíche agus fógairt suíomhanna nua don Scéim Phíolótach Comhairleoir Oíche.

Le Clár 2022 Dheich mBliana na gCuimhneachán, cuireadh deis ar fáil le plé a dhéanamh ar bhealach mothálach fiúntach ar thréimhse achrannach inár stair. San áireamh leis seo bhí clár imeachtaí na Cartlainne Náisiúnta, le Taispeántas an Chonartha agus foilsiú dhialanna Mhichíl Uí Choileáin.

**Straitéis 1:** **Cultúr 2025 agus Clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm**
*An beartas 'Cultúr 2025' agus an clár Éire Ildánach 2017-2022 agus cláir leanúnacha cuimhneacháin a chur i bhfeidhm i gcomhar páirtnéireachta le geallsealbhóirí náisiúnta agus áitiúla*

### Cultúr 2025

Cuirtear stiúir in Cultúr 2025 faoi bheartas an Rialtais maidir le hearnáil an chultúir, lena n-áirítear cúrsaí ealaíne, an Ghaeilge, earnáil na cruthaitheachta, an oidhreacht chultúir agus earnáil an chlosamhairc, agus aithnítear ann go bhfuil sé de cheart ag gach duine páirt a ghlacadh agus sult a bhaint as cultúr a dtíre féin. Táthar ag déanamh dul chun cinn maidir le haidhmeanna Chultúr 2025 le tionscnaimh reatha de chuid an Rialtais, Éire Ildánach, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, Éire Dhomhanda 2025 agus an Plean Gníomhaíochta Closamhairc san áireamh. Tá infheistíocht chaipitil don chultúr faoin Phlean Forbartha Náisiúnta á cur de bhonn treise faoi.

### Tacaíochtaí d'Earnáil na Siamsaíochta Beo – 2022

Tar éis na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil d'earnáil na siamsaíochta beo i rith 2021, chuir an Roinn réimse tacaíochta nua ar fáil chun tacú leis na gnólachtaí seo in 2022 agus iad ag téarnamh agus ag atógáil i ndiaidh na paindéime.

Bronnadh deontais de bheagnach €38.6m chun tacu leis an earnáil agus deiseanna fostaíochta d'ealaíontóirí agus criúanna a chur chun cinn, trí na scéimeanna seo a leanas a thabhairt isteach;

- €14.78m Scéim Deontas maidir le hAtosú Taibhithe Beo (LPRGS)
- €8.92m Scéim Tacaíochta maidir le Taibhiú Beo Áitiúil (LLPSS)
- €7.02m Scéim Tacaíochta maidir le Taibhiú Beo-Céim 3 (LPSS3)
- €2.71m cistí Geamaireachta (LPSS Sraith II)
- €2.3m Scéim Tacaíochta Ceoil agus Siamsaíochta (MEBAS)
- €1.94m Scéim maidir le Deontais Caipitil i ndáil le Siamsaíocht Tráchtála 2022 (CECGS 2022)
  €0.92m Féile Pádraig

### An Clár Éire Ildánach (CIP)

I mí na Nollag, chuir an Rialtas síneadh cúig bliana ar an chlár uile-Rialtais Éire Ildánach ar feadh 5 bliana eile go 2027.

Lean an Roinn seo, i gcomhar leis an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta & Óige agus an Chomhairle Ealaíon, ar aghaidh ag tacú agus ag feabhsú an teacht atá ag leanaí agus ag daoine óga ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, ar scoil agus ina bpobail araon. Le tionscnaimh maidir leis an **Óige Ildánach** i rith na bliana 2022, mar shampla, cheangail 185 scoil nua le clár na Scoileanna Cruthaitheacha agus lean 187 scoil ar aghaidh leis an dara bliain den chlár. San áireamh leo seo bhí ceithre scoil i dtimpeallachtaí ailtéarnacha a bhfaighidh tacaíochtaí sa bhreis. Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh; Scoil Speisialta Ardtacaíochta Bhaile Uí Dhúda; Scoil Speisialta na Crannóige Nuaí, Port Reachrann; agus Scoil Speisialta Naomh Cainneach, Luimneach.

I gcomhar leis an Roinn Oideachais, lean an tacaíocht ar aghaidh i dtimpeallachtaí pobail i rith 2022. Le sé *Chomhpháirtíocht Áitiúla Óige Cruthaitheacha*, iad lonnaithe i gCiarraí, Laois/Uíbh Fhailí, Luimneach/an Clár, Corcaigh, Gaillimh/Ros Comáin agus Maigh Eo/Sligeach/Liatroim, téitear i ngleic le ceisteanna ionchuimsithe, scoiteacht shóisialta agus iargúlta, agus féiniúlacht chultúrtha trí ghníomhaíochtaí cruthaitheacha do leanaí agus daoine óga ní ba mhó a bhí faoi míbhuntáiste. Tharla 480 seisiún scríbhneoireachta cruthaithí le níos mó ná 12,000 rannpháirtí mar gheall ar chomhpháirtíocht na Roinne le Fighting Words, an tionscnamh Story Seeds san áireamh, i gcomhar leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta & Óige. Le hinfheistíocht leanúnach ón dá Roinn in 2022, thug Amharclannaíocht Óige na hÉireann rochtain ar Chlár Cúnaimh Fostaithe do 320+ ceannasaí amharclannaíochta óige agus oibrí deonacha, chun tacú lena sláinte agus folláine mheabhrach. Chuir an Clár Teicneolaíochta Cruthaithí, curtha ar fáil ag Kinia, oiliúint ar 124 oide i dtimpeallachtaí óige.



*Creative Crumlin Taking Action*

Oibríonn an Clár Éire Ildánach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le húdaráis áitiúla trí **Phobail Ildánacha** ionas gur féidir le pobail áitiúla an chruthaitheacht a chleachtadh ar mhaithe le dea-bhail an duine, comhtháthú sóisialta agus forbairt eacnamaíochta. In 2022, chuidigh Pobail Ildánacha leis na húdaráis áitiúla beagnach 1,500 togra agus tionscnamh de chuid an phobail a thabhairt i gcrích, le 669 de chuid Chruinniú na nÓg san áireamh. Déanann *Pobail Ildánacha* beart thar phríomhréimsí polasaí cosúil le gníomhú aeráide, fiontar, turasóireacht, óige, forbairt uirbeach, tuaithe agus phobail, agus sláinte agus dea-bhail phobail.

In 2022, thacaigh tionscnamh nua, an *Ciste Eacnamaíochta do Phobail Chruthaitheacha*, le hocht n-údarás áitiúla chun a dtionscail chruthaitheacha áitiúla a fhorbairt. I measc na dtionscnamh bhí tacaíocht do ghrúpaí beochana i gCúige Mumhan, forbairt chluichí tumthacha i nGaillimh agus tionscadal mapála tionscal cruthaitheach i bPort Láirge.

In 2022, lean an Roinn ar aghaidh, tríd an Chlár Éire Ildánach, i gcomhar leis an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) agus an Chomhairle Ealaíon ag léiriú an tairbhe fhiúntach a dhéanann cur chun cinn na cruthaitheachta maidir le sláinte agus dea-bhail. Chuir an ceithre pháirtí síneadh ar an Mheabhrán Tuisceana le haghaidh tréimhse 3-bliana eile a chríochnóidh ar 31 Nollaig 2025. Seoladh tionscnaimh chomhaoinithe, mar shampla an clár píolótach ‘Folláine an Lucht Siúil tríd an Chruthaitheacht’, lenar tugadh aghaidh ar neamhionannais sláinte agus chultúrtha sa Lucht Siúil. Bronnadh maoiniú de thimpeall €250,000 ar chúig thionscadal cruthaitheacha comhdheartha agus comhléirithe ag baill den Lucht Siúil.


Lean tionscnaimh chruthaitheacha do dhaoine níos sine ar aghaidh in 2022, dóibh siúd sa phobail, san ospidéal agus i dtithe altranais. Cuireadh maoiniú ar fáil do 24 thionscadal faoin scéim Chruthaitheacht an Duine Críonna. Le taighde Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Dhul in Aois i gColáiste na Tríonóide, a choimisiúnaigh Clár Éire Ildánach agus an Institiúid um Shláinte Phoiblí, rinneadh imscrúdú ar na himpleachtaí ar shláinte agus dea-bhail a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha níos moille sa tsaol.

Tugadh tacaíocht d'Fhoras Ospíse na hÉireann chun plé a dhéanamh ar úsáid tionscadal cultúrtha chun tacú leo siúd atá bás nó méala ag dul i bhfeidhm orthu, le tionscadal speisialta san áireamh atá deartha go háirithe do dhaoine le siondróm Down agus a dteaghlaigh. Leis an chomhar idir Éire Ildánach agus Aoisbhá Éireann cuireadh deiseanna ar fáil chun sláinte agus folláine a fheabhsú, uaigneas a laghdú agus ceangail shóisialta a mhéadú trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha.

I Meitheamh rinne an tAire Catherine Martin agus an tAire Stephen Donnelly comhóstach ar an tsiompóisiam maidir le Scileanna Sláinte agus Folláine, arbh chéim shuntasach í i dtreo an chruthaitheacht agus na healaíon a dhaingniú i soláthar cúraim shláinte in Éirinn.

I measc na chéad 15 thionscadal faoin chiste *Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide*, bhí suiteáin solais dhramatúla a léirigh leibhéil na farraige ag dul in airde i nGaillimh agus i Loch Garman, cláir talmhaíochta thumthacha i nDaingean agus i dTiobraid Árann, tionscadail dícharbónaithe i Luimneach agus i bPort Láirge agus athnuachan ar chultúr an athchóirithe agus athúsáide san Iarmhí. Leis an chiste seo, an chéad chiste cosúil leis san Eoraip, tugadh ealaíontóirí agus an earnáil chruthaitheach i gcoitinn le chéile le heolaithe aeráide, údaráis áitiúla agus grúpaí pobail chun tionscadail a thabhairt i gcrích a chuir athruithe iompraíochta chun cinn atá de dhíth chun dul i ngleic leis an ghéarchéim aeráide. I mí na Samhna sheol an tAire Catherine Martin agus an tAire Eamon Ryan ciste nua €3.6 milliún, Gníomh Cruthaitheach don Aeráid II: Gníomhairí don Athrú, a bheidh ar siúl idir 2023-2025.

Mar pháirt de Sheachtain Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí 2022, chur Éire Ildánach agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an chomhdháil maidir le *Dearadh sa Rialtas* i láthair, ina léiríodh na buntáistí a bhaineann le cumais dearaidh straitéisigh a neadú san earnáil phoiblí, d'úsáideoirí seirbhísí agus soláthraithe seirbhísí araon.



*An Féile Haunted Dancehall, arna chur i láthair ag an Cheoláras Náisiúnta agus Foggy Notions*

### Geilleagar Oíche

Cuireadh Grúpa Forfheidhmiúcháin ar bun in 2022 d'fhonn a chinntiú go ndéantar moltaí Thuarascáil an Tascfhórsa um Gheilleagar Oíche (Meán Fómhair 2021), a chur i bhfeidhm go hiomlán. Is freagracht uile-Rialtais í na moltaí a chur i gcrích agus leanann an Roinn den obair i gcomhar le Ranna eile Rialtais, le gníomhaireachtaí agus le príomh-gheallsealbhóirí eile. In 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach thar réimse gníomhartha sa Tuarascáil:

- Seoladh an Scéim Tacaíochta um Gheilleagar Oíche i Meitheamh 2022 chun líon na gcustaiméirí in ionaid cheadúnaithe agus neamhcheadúnaithe a mhéadú i gcathracha agus i mbailte i rith uaireanta seachbhuaice. Chuir an scéim deiseanna nua d'ealaíontóirí ar fáil, chomh maith le níos mó ná 4,000 laethanta fostaíochta don Earnáil Gheilleagair Oíche. Bronnadh €2 mhilliún ar níos mó ná 300 ionad agus tacaíodh le níos mó ná 2,000 imeacht trasna na tíre leis an scéim.

- Reáchtáladh imeachtaí oíche in go leor de na Forais Chultúrtha Náisiúnta chun Geilleagar Oíche níos éagsúla a spreagadh. Tharla imeachtaí píolótacha ar mhórscála sa Cheoláras Náisiúnta (Féile Cheoil Leictreonaí 'Haunted Dancehall'), Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (Sraith Oícheanta IMMA) agus i bPáirc an Turlaigh (imeacht phíolótach Mhúsaem na hÉireann). Chuir an Roinn maoiniú ar fáil do 50 imeacht oíche ar leith trasna na tíre ar Oíche Chultúir 2022.

- Rinne an Roinn agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta comhóstach ar Cheardlann chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le pleanáil agus rialáil dóibh siúd a mbíonn ag obair sa Gheilleagar Oíche.

- Chuir an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA) gairm ar iarratais amach go gach údarás áitiúil fá choinne naoi mbaile/gcathair píolótacha Geilleagair Oíche. Is iad na naoi mbaile agus gcathair píolótacha a roghnaíodh ná Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Cill Chainnigh, Droichead Átha, Sligeach, Bun Cranncha agus Baile an Longfoirt. Tá maoiniú geallta ag an Roinn le haghaidh Comhairleoirí Geilleagair Oíche a cheapadh i ngach ceann de na háitribh phíolótacha roghnaithe.

- D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt Scéim Ghinearálta an Bhille um Dhíol Alcóil i nDeireadh Fómhair i gcomhréir leis an ghealltanas i gClár an Rialtais chun dlíthe ceadúnais agus próisis iarratais a thabhairt suas chun dáta. Ba phríomh-mholadh de chuid an Tascfhórsa um Gheilleagar Oíche é an athchóiriú ar cheadúnais seo atá beartaithe.

- Tá freagracht ag an Údarás Náisiúnta Iompair (UNI) as na gníomhartha sa Tuarascáil a bhaineann le feabhas a chur ar sheirbhísí iompair oíche a thabhairt i gcrích. Tá roinnt busbhealach 24-uair curtha ar fáil ag an UNI i gCathair Bhaile Átha Cliath agus tá rialacháin nua tugtha isteach acu chun tiománaithe tacsaí a spreagadh le hobair níos moille san oíche.

- D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt an Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe i Meitheamh, ina raibh gníomhartha chun cinntiú go gcuirfear na cosaintí cuí i bhfeidhm chun daoine leochaileacha atá ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí Geilleagair Oíche a chosaint. Chomh maith, chuir an Roinn maoiniú ar fáil do shraith eile cúrsaí Oiliúna Leochaileachta don earnáil Gheilleagair Oíche, a chuireann ar chumas oibrithe sa Gheilleagar Oíche ceisteanna a aimsiú maidir le bainistíocht chosanta agus leochaileachta agus foréigean in éadan ban. Tá freastal ar an Oiliúint seo déanta ag úinéirí gnó, poiblitheoirí agus oibrithe ó níos mó ná 380 ionad agus eagraíocht go dtí seo.

- Chuaigh an Roinn i gcomhar leis an FSS ar a feachtas laghdaithe dochair 'Siamsaíocht Oíche Níos Sábháilte' agus a scéim phíolótach tástála drugaí ag Electric Picnic i mí Lúnasa. Sheol an FSS, i gcomhar leis an Roinn agus an Roinn Sláinte, pleananna don chéad chlár monatóireachta drugaí chun anailís a dhéanamh ar dhrugaí ionas gur féidir

eolas fíor-ama a chur ar fáil i dtimpeallacht fhéile. Seoladh an tuarascáil ón chlár phíolótach sin i nDeireadh Fómhair.

- Reáchtáladh dhá cheardlann Gníomhachtaithe Geilleagair Oíche i mí Mheán Fómhair chun na gníomhartha atá de dhíth chun tacú le tionscnaimh Gheilleagair Oíche do dhaoine óga a shocrú. Roinnfear an tuarascáil ón dá ghrúpa leis an Ghrúpa Fhorfheidhmithe um Gheilleagar Oíche le haghaidh tuilleadh gnímh.

- I gcomhar leis an Roinn, an earnáil fáilteachais áitiúil, Cumann Tráchtála Corcaí agus RedFM Corcaí, reachtáil Comhairle Cathrach Chorcaí féile bhia "Cork on a Fork". Bhí an Fhéile seo mar pháirt de ghealltanas Chomhairle Cathrach Chorcaí tacú le Geilleagair Oíche ní b'éagsúla a chur ar fáil agus plean gníomhachtaithe bia píolótach a reáchtáil sa chathair chun an méid a chuirtear ar fáil san oíche a leathnú.

Tá na gníomhartha seo uilig ag cur le hathrú sa bhealach a fheiceann muid agus a théann muid i mbun cultúir oíche agus mar gheall ar obair a rinneadh in 2022, tá tionscnaimh nua tagtha chun cinn agus déanfar forbairt orthu in 2023.

## Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022

Tá cur chuige na Roinne i leith Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023 bunaithe ar na prionsabail a leag an Sainghrúpa Comhairleach ar Chuimhneacháin Chéad Bliain ina Ráiteas Bunaidh (foilsithe in 2012), a Dara Ráiteas (foilsithe in 2017) agus a treoir ina dhiaidh sin (foilsithe in Eanáir 2019).

Ba fhóram fiúntach é an Grúpa Comhairliúcháin Uile-Pháirtí do na Cuimhneacháin i rith Dheich mBliana na gCuimhneachán, agus sa bhliain dheireanach den Chlár, tá ionchur s'acu ag cur le scóp, ábhar agus tuin an Chláir.

Ba é tréimhse na gcuimhneachán in 2022 an tréimhse ní ba mhothalaí go dtí sin mar gur chuimsigh sé comóradh na nDíospóireachtaí Dála ar an Chonradh Angla-Éireannach, bunú an Stáit agus tús an Chogaidh Chathartha. Lean an Roinn ar aghaidh de bheith i gceannas agus de bheith ag comhordú Chlár na gCuimhneachán le compháirtithe i Ranna eile Rialtais agus iad ag tabhairt príomhthionscnamh chun críche, cosúil leis an Chomóradh Céad Bliain Stáit a reáchtáladh ar an 16 Eanáir chun an Aistriú Cumhachta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath a chomóradh.



*Aistriú Cumhachta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath: Comhdháil Chéad Bliana, Eanáir 2022*

Ba chlár éagsúil agus cuimsitheach é Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022 agus bhí réimse imeachtaí ar siúl i rith na bliana, cosúil le:

- Tharla ***Aistriú Cumhachta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath: Comhdháil Céad Bliana*** ar feadh dhá lá i mí Eanáir agus rinne Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath óstach agus beoshruthú uirthi. Rinneadh plé ann ar na freagairtí láithreacha, na hiarmhairtí a bhíothas ag súil leo, agus impleachtaí an aistrithe chumhachta dhramatúil ón Choróin go dtí Rialtas Sealadach na hÉireann. Rinne na cainteoirí machnamh ar chomhthéacs an aistrithe chumhachta, agus an fhreagairt in Éirinn, sa Bhreatain agus ní b'fhaide i gcéin, ar an nóiméad seo nuair a 'tháinig deireadh leis an tseanréim', mar a tuairiscíodh san Irish Times.

- ***An Aistriú Cumhachta: Caisleán Bhaile Átha Cliath agus aistarraingt na Breataine ó Éirinn, 1922*** - leabhar foilsithe ag Acadamh Ríoga na hÉireann a léirigh aistriú cumhachta 1922 ó seanrialtas na Breataine go dtí Rialtas Sealadach na hÉireann faoi Mhícheál Ó Coileáin luath in 1922. Tharla an aistriú cumhachta idir scoilt an Chonartha in Eanáir 1922 agus briseadh amach an Chogaidh Chathartha i mí Mheitheamh 1922 agus líonann an leabhar an bearna seo trí scéal a insint nach bhfuil cáil air ach a bhfuil tábhacht ag baint leis.

- Rinne ***Stiúideo agus Stát Na Laverys agus an Conradh Angla-Éireannach***, taispeántas comhoibríoch idir Gailearaí Hugh Lane agus Ard-Mhúsaem na hÉireann, comóradh céad bliana ar shíniú an Chonartha Angla-Éireannaigh i Nollaig 2021.

- ***An Conradh, 1921: Taifid ó na Cartlanna*** á chur i láthair ag an Chartlann Náisiúnta i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Oifig na nOibreacha Poiblí, le taifid ó bhailiúcháin na gCartlann Míleata, Bhaile Átha Cliath, agus Cartlanna an Choláiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath i nGailearaí Theach an Chóiste, Caisleán Bhaile Átha Cliath.

- ***'Stáitsiú an Chonartha' le ANU Productions***
  Chuir an léiriúchán tumthach ceann de na himeachtaí ba shuntasaí i stair na hÉireann i láthair trí shaothar an file agus scríbhneoir Theo Dorgan leis na caipéisí agus tras-scríbhinní bunaidh na n-imeachtaí díospóireachta. Rinne an imeacht aithris ar na díospóireachtaí Dála i bhfocail na ndaoine a ghlac páirt iontu, agus rinne sé plé ar an tábhacht stairiúil agus chomhaimseartha, curtha i láthair i léiriúchán bríomhar fadfhoirme seala ama bunaithe focal ar fhocal ar an buntéacs, i seomraí Chaoimhín de Barra sa Cheoláras Náisiúnta, Ardán Phort an Iarla. Bhí an léiriúchán ar fáil ar líne fosta ag rte.ie/history.

- ***Reáchtáladh 'Lucht Siúil/Mincéirí na hÉireann agus an Stát 1922-2022: An Troid ar son an Chomhionannais'*** in Ollscoil na Gaillimhe ar 16-17 Meán Fómhair.

- Éire a Fheiceáil - Ealaín, Cultúr agus Cumhacht i bPáras, 1922 - Tharla sraith uaillmhianach imeachtaí agus taispeántais cónasctha i Meániarthar na Stáit Aontaithe, in Éirinn, agus i príomhchathracha Eorpacha chun machnamh a dhéanamh ar imeachtaí céad bliain ó shin, chun scrúdú a dhéanamh ar an aistear atá déanta ag Éirinn agus ag féiniúlacht na hÉireann thar chéad bliain a Státachta, agus chun amharc ar an todhchaí atá ag Éirinn as seo go ceann céad bliain eile. Reáchtáladh seimineár gréasáin ar an 28ú Eanáir chun ceiliúradh a dhéanamh ar sheoladh an taispeántais nua ar líne 'Éire a Fheiceáil' a rinne plé ar cheann de na himeachtaí ba thábhachtaí i stair ealaíne na hÉireann: ***Exposition D'Art Irlandais***, a reáchtaladh in Galerie Barbazanges i bPáras in Eanáir-Feabhra 1922.

- ***Aistear Ulysses 2022*** - Agus comóradh á dhéanamh ar 100 bliain ó fhoilsiú Ulysses de chuid James Joyce, chuir Ionad an Cheoil Chomhaimseartha, Éire (ICC) agus Centre Culturel Irlandais (CCI) ceiliúradh idirnáisiúnta i láthair ar fud na hÉireann agus na hEorpa ó Feabhra go Meitheamh.

- ***Ag Loscadh an Tigh Mhóir Tuaithe*** - Sraith léachtaí óstáilte ag an Lárionad um Staidéar ar Thithe agus Eastáit Stairiúla na hÉireann, An Roinn Staire, Ollscoil Mhá Nuad reáchtáilte i gcomhar leis an taispeántas 'Ag Loscadh an Tigh Mhóir: Scéal Theach Mór Tuaithe na hÉireann sa Réabhlóid, 1920-23', curtha le chéile ag an Ollamh Terence Dooley agus óstáilte ag Cartlann Ailtireachta na hÉireann ón 21 Márta go 29 Aibreán, agus ag Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad i mBealtaine.

- ***Comhdháil Náisiúnta Chogadh Cathartha na hÉireann***
  Ar an 15-18 Meitheamh, rinne An Choláiste Ollscoile, Chorcaí, óstáil ar chomhdháil náisiúnta chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar Chogadh Cathartha na hÉireann. Bhailigh níos mó na 130 scoláire ag an imeacht ceithre lá ar champas UCC chun plé a dhéanamh ar ghnéithe polaitiúla, sóisialta, cultúrtha, míleata agus eacnamaíocha Chogadh Cathartha na hÉireann.

- ***Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann***
  Sheol an Taoiseach agus an tAire Martin an Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann ar 27ú Meitheamh, chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar scriosadh Oifig na dTaifead Poiblí agus a mbailiúcháin i gcomhrac tosaigh an Chogaidh Chathartha. Tá an tionscadal taighde agus digitithe Thar 2022 faoi cheannas Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath i gcomhar lena bpríomh-chomhpháirtithe cartlainne - an Chartlann Náisiúnta, Cartlann Náisiunta na Ríochta Aontaithe, Oifig Taifid Phoiblí Thuaisceart Éireann, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, agus Leabharlann Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath - agus níos mó ná 60 eagraíocht rannpháirteacha eile. Tá tacaíocht á fáil aige ón Roinn seo faoi Thionscadal Éireann 2040. I mí na Nollag, cheadaigh an tAire Martin leithdháileadh maoinithe deontais de suas le €3.6m chun tacú le Céim III den tionscadal. Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar https://virtualtreasury.ie/

- ***Comóradh Céad Bliain Bhéal na Blá***
  Tharla an comóradh ag an leacht cuimhneacháin i mBéal na Blá ar Dé Domhnaigh, 21ú Lúnasa le dhá óráid ó Thaoiseach na linne, Mícheál Martin TD agus Tánaiste & an tAire Fiontair, Trádála & Fostaíochta Leo Varadkar TD.

- ***Machnamh 100***
  Tharla an dá sheimineár deireanacha (V & VI) faoi shraith de chuid Uachtarán na hÉireann, ***Machnamh 100***, i mí Bealtaine '*Bunchlocha Bunreachtúla, Institiúideacha agus Taidhleoireachta: Castachtaí agus Conspóidí*' agus i mí na Samhna '*Cuimhne, Stair agus Samhlaíocht'* agus tá siad ar fáil mar pháirt den tsraith iomlán ar president.ie.

  Rinne an Roinn comhordú ar an ardán Mná100 le réimse geallsealbhóirí chun ról na mban sna himeachtaí stairiúla comórtha a léiriú, taighde nua a fhorbairt, agus taispeántais ar líne agus sraith podchraoltaí a chur le chéile.

- ***Comhpháirtíocht le RTÉ***
  Sna chéad 8 eagrán de The County Measure, déantar plé ar fhéiniúlacht chontae faoi téamaí cultúir, ceoil, spóirt, tíreolaíochta agus polaitíochta, agus craoladh iad ar RTÉ Raidió 1.

- ***Scéim Sparánachtaí Dheich mBliana na gCuimhneachán***
  Tá sé mar chuspóir ag an scéim, i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann, do chéim dheireanach Dheich mBliana na gCuimhneachán, taighde áitiúil agus staidéar stairiúil áitiúil nua a spreagadh, chomh maith le hiniúchadh fiúntach ar imeachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta i rith na troda don Saoirse agus tréimhse an Chogaidh Chathartha. Is deis thráthúil í aitheantas a thabhairt don mhéid ata déanta ag staraithe áitiúla i réimsí staidéir a leathnú maidir le himeachtaí áitiúla agus téamaí gaolmhara i rith na tréimhse seo.

- ***Duais Markievicz***

I mí Bealtaine d'fhógair an tAire an deichniúr a fuair an Duais 2022. Tugtar an Duais seo, i gcomhar leis an Chomhairle Ealaíon, go suas le 10 n-ealaíontóir (ealaíontóirí aonair atá ag obair leo féin nó i bpáirt le daoine eile), a bhaineann luach de suas le €25k in aghaidh an duine nó an ghrúpa léi.

- ***Comhdháil ar Bhunú Saorstát Éireann***
  Rinne Taoiseach na linne sin, Mícheál Martin, TD, an eochairchaint ag an chomhdháil náisiúnta 2-lá in UCD a rinne plé ar phróiseas cruthú an Stáit i rith an Chogaidh Chathartha agus éiginnteacht maidir leis an teorann le Tuaisceart Éireann, éabhlóid institiúidí an Stáit ó 1922, agus na dúshláin a bhí roimh an Stát, an tsochaí, agus na saoránaigh sin céad bliain ó shin.

Trí Chiste Athmhuintearais na Roinne Gnóthaí Eachtracha, tá tacaíocht leanúnach tugtha do thionscadail a chuireann béim ar an chomóradh. Cuireadh leithdháileadh de níos mó ná €500,000 ar fáil do thionscadail a bhfuil béim ar leith ar '*comóradh céad bliain 2022*' acu – cláir oideachais, saothair dhramatúla do léiriúchán agus camchuairtíocht, comhdhálacha, foilseacháin nua, leachtaí, podchraolta, imeachtaí comórtha agus pléití trasphobail le heagraíochtaí san áireamh. Leanfar ar aghaidh ag plé iarratas faoin Chiste Athmhuintearais faoina mbabhtaí maoinithe 2023 do thionscadail a chuireann béim ar Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Bhí rannpháirtíocht dhearfach i gClár Dheich mBliana na gCuimhneachán ó gheallsealbhóirí agus ó dhaoine den phobal. Thacaigh an Roinn le gné pobail den Chlár agus chuir sí leithdháileadh beagnach €2m ar fáil chun cuidiú le húdaráis áitiúla a gcláir áitiúla féin a fhorbairt.

Chomh maith, thacaigh na Forais Chultúrtha Náisiúnta le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán le cláir digitithe, léiriúchán agus for-rochtana.

In 2023, tiocfaidh deireadh le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023 le bliain d'imeachtaí atá lán chomh héagsúil, le comóradh orthu siúd a fuair bás sa Chogadh Cathartha, Éire ag dul isteach i gConradh na Náisiún agus WB Yeats ag fáil an Duais Nobel don Litríocht.

### Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir

Rinne Jack Chambers T.D., an tAire Stáit le freagracht as Spórt agus an Ghaeltacht, óstáil ar Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir, a reáchtáladh i bPáirc Bhéal na mBuillí, Contae Ros Comáin ar Dé Domhnaigh 15 Bealtaine 2022 Bhí an Taoiseach Mícheál Martin i gceannas ar an tsearmanas agus thug sé an eochairchaint. Leag an Taoiseach bláthfhleasca ar son Mhuintir na hÉireann. Ba iad na daoine eile a leag bláthfhleasca ná A Shoilse, an tArdeaspag Jude Thaddeus Okolo, Déan an Chóir Taidhleoireachta; an Comhairleoir Joe Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Contae Ros Comáin, an tUasal Jim Callery, bunaitheoir Mhúsaem Náisiúnta an Ghorta Mhóir agus Clare McGrath, Cathaoirleach Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann. Chuir an t-amhránaí-scríbhneoir Declan O'Rourke ceol ar fáil don imeacht, le hamhráin óna shaothar, *Chronicles of The Great Irish Famine*. Craoladh an t-imeacht ar chainéal Nuacht RTÉ, agus ba é seo an dara huair a reáchtáladh an comóradh i bPáirc Bhéal na mBuillí.

### An Chomhairle Ealaíon

Cuireadh leithdháileadh de €135.18m ar fáil don Chomhairle Ealaíon in 2022 a bhí comhdhéanta de €133.135m i maoiniú reatha agus €2.045m i maoiniú caipitil.

Rinne an Chomhairle Ealaíon ceiliúradh ar 70 bliain de bheith ag tacú leis na healaíona in Éirinn in 2022 óna céad chruinniú in 1952. Tharla téarnamh suntasach sna healaíona in 2022 agus an tír ag teacht ón phaindéim. I rith na tréimhse seo lean an Chomhairle Ealaíon ar aghaidh ag tacú le healaíontóiri agus chuidigh sé le spéis an luchta féachana a athspreagadh trí chomhpháirtíochtaí agus infheistiú in oifigí, ionaid ealaíon, agus féilte na n-údarás áitiúil ar fud na tíre.

I gclár 2022 na Comhairle bhí seoladh go leor tionscnamh, feachtas agus polasaithe a chuidigh le téarnamh iomlán na hearnála ealaíon. Ba é cuspóir na Roinne tírdhreach na n-ealaíon in Éirinn a

athbheochan trí chuidiú le téarnamh agus athnuachan ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíonta le cúnamh agus maoiniú do réimse leathan gníomhaíochtaí. Rinneadh é seo trí lucht féachana, imeachtaí, ceiliúradh agus cur chun cinn a thabhairt ar ais sna pobail. I measc na n-imeachtaí suntasacha, bhí:

- Tús le comhpháirtíocht nua idir an Chomhairle Ealaíon agus Comhlacht Chalafort Átha Cliath, agus é mar aidhm acu spás oibre d'ealaíontóirí a chur ar fáil ar Shuíomh Máistirphlean na Muilte Plúir.

- Tharla an 17ú eagrán d'Oíche Chultúir / Culture Night na Comhairle i Meán Fómhair. Tá an imeacht bliantúil poiblí uile-oileáin eagraithe ag an Chomhairle Ealaíon agus údaráis áitiúla don phobal, saor in aisce.

- Sheol an Chomhairle Ealaíon a thionscadal bronntanais Read Mór i Stáisiún Heuston, Stáisiún Uí Chonghaile, Busáras, Corcaigh, Gaillimh, Sligeach agus Port Láirge a chur ceann de 21 leabhar difriúla ar fáil do phaisinéirí, arbh leabhair iad le húdair agus foilsitheoirí atá bunaithe in Éirinn, chun a samhlaíocht a spreagadh.

- D'fhógair an Chomhairle Ealaíon go gceapfar Colm Tóibín mar Laureate i gcomhair Ficsean Éireannaigh 2022-2024.

- I rith na bliana sheol an Chomhairle Ealaíon roinnt polasaithe nua cosúil leis 'Ailtireacht a Chur chun Cinn' - Polasaí Ailtireachta na Comhairle Ealaíon, an Bheartas Spáis, 'Áit, Spás, agus Daoine' agus 'Damhsa a Chur chun Cinn' – Polasaí Damhsa na Comhairle Ealaíon.

### Fís Éireann agus Closamharc

Cuireadh leithdháileadh de €36.818m ar fáil do Scáileán Éireann, comhdhéanta de €32.15m i maoiniú caipitil agus €4.668m i maoiniú reatha.

Lean an Coiste Stiúrtha Closamharc ar aghaidh lena n-obair i rith 2022, agus Tríú Tuarascáil ar Dhul chun Cinn á hullmhú anois.

Síníodh Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Phoblacht na Fraince ar Comhléiriú Scannánaíochta i bPáras i Nollaig 2022.

Thug an tAire Airgeadais faoiseamh cánach nua isteach d'earnáil na cluichíochta digití san Acht Airgeadais 2021 a thosaigh i mí na Samhna. Leis an fhaoiseamh seo tacófar le comhlachtaí forbartha cluichí digiteacha trí chreidmheas cánach corporáideach in-aisíoctha a chur ar fáil do chaiteachas cáilitheach ar dhearadh, táirgeadh agus tástáil cluiche digitigh incháilithe.

## *Scéimeanna Cultúrtha*

Cuirtear sonraí faoi chaiteachas deontais caipitil chultúrtha ar fáil ar suíomh gréasáin na Roinne, ina dtaispeántar an deontaí agus an méid a íoctar go bliantúil in aghaidh an chontae gach bliain.

Tá an Roinn tiomanta do mhaoiniú bliantúil a chur ar fáil d'institiúidí áirithe ina gcoinnítear bailiúcháin oidhreachta cultúrtha inbhogtha a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo, nó bailiúcháin atá uathúil sa tír agus a bhaineann le hábhair leasa náisiúnta, nó a bhaineann le cultúr idirnáisiúnta; tá na hinstitiúidí seo ar oscailt don phobal agus tá rochtain ar a mbailiúcháin ag an phobal. Tá sonraí faoi mhaoiniú reatha suas go 2022 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/treoirlinte-ginearalta-maidir-le-maoiniu-do-thionscadail-chulturtha/

Reáchtálann an Roinn go leor scéimeanna bliantúla do mhúsaeim agus féilte áitiúla agus réigiúnacha timpeall na tíre, cosúil le

- An Scéim Maoinithe um Chomhoibriú le Tuaisceart Éireann
- Scéim Taispeántas na Músaem Réigiúnach
- An Scéim um Inaistritheacht Bailiúchán
- An Scéim um Fhéilte Áitiúla agus Scoileanna Samhraidh ar Scála Beag.

Is féidir sonraí faoi na tionscnaimh mhaoinithe seo, leithdháilte 2022 san áireamh, ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/deontais-agus-maoiniu-ga/

**Ceoltóirí Éireann**
Cuireadh maoiniú méadaithe agus forálacha speisialta ar fáil do Fhleadh Cheoil na hÉireann a thosaigh arís sa Mhuileann gCearr in 2022.

Cuireadh tacaíocht ar fáil don chlár Cothromaíochta le struchtúir agus cosaintí curtha i bhfeidhm ar fud na heagraíochta le haghaidh sábháilteachta, comhionannais agus cothroime, go háirithe maidir le daoine óga.

Chomh maith, cuireadh pacáiste cúnaimh ar fáil ionas gur féidir leis an Chultúrlann agus na hionaid eile timpeall na hÉireann dul in ngleic le méadaithe ar chostais fuinnimh.

**Straitéis 2:** **Ár mbailiúcháin náisiúnta a chumhdach**
Ár mbailiúcháin náisiúnta a chumhdach anois sa chaoi is go mbíonn siad ar fáil ag na glúnta atá le teacht

**Infheistíocht sa Chultúr, sa Teanga agus san Oidhreacht, 2018-2027**
I bplean an Rialtais, *Infheistíocht sa Chultúr, sa Teanga agus san Oidhreacht 2018-2027* a foilsíodh in 2018, tá tnúth le hardú suntasach ar an infheistíocht sna Forais Náisiúnta Chultúrtha d'fhonn athchóiriú agus athnuachan ar áiseanna, i ndáil le heispéireas cuairteora agus i ndáil leis an spás ina stóráiltear bailiúcháin náisiúnta na hÉireann.

Cé go bhfuil mórchuid na dtionscadal caipitil á dtabhairt trí na céimeanna breithnithe, tá roinnt acu á dtabhairt i bhfeidhm. Tá liosta mhórthionscadail na Roinne ar fáil sa tábla thíos:

| Tionscadal | Cur Síos ar an Tionscadal | Stádas Reatha |
|---|---|---|
| Cartlann Náisiúnta na hÉireann | Le Tionscadal Thaisce na Cartlainne déanfar an stór mór, atá ar chúl Cheanncheathrú na Cartlainne Náisiúnta ar Shráid an Easpaig, a athchóiriú ina thaisce slán le smacht ar ghnéithe timpeallachta ag teacht leis na gnáthchaighdeáin idirnáisiúnta stórais, agus cuirfear fairsingiú de dhá thrian ar a hacmhainn storála iomlán. | Tá an próiseas tairisceana le haghaidh an forbartha ag tarlú faoi láthair, agus táthar ag súil go mbronnfar tairiscint in 2023. |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | Sciathán Iarthar LNÉ a thabhairt suas chun dáta mar pháirt de thionscadal claochlaitheach a chuireann feabhas mór ar rochtain ar bhailiúcháin LNÉ, ar na caighdeáin atá ar a gcúram agus ar a gcothabháil, ar eispéireas cuairteoirí ar LNÉ, agus ar chaomhnú, léirthuiscint agus sásamh fhoirgneamh stairiúil na Leabharlainne. | Tá céimeanna tosaigh an tionscadail críochnaithe le bogadh an bhailiúcháin go sciathán nua-athchóirithe agus oibreacha iniúchta suímh cuimsitheacha. Is é an príomhthionscadal |

| | | |
|---|---|---|
| | | tógála an chéad chéim eile. |
| Amharclann na Mainistreach | Foirgneamh nua d'Amharclann na Mainistreach a chur in ionad an tseanfhoirgnimh ar mhaithe leis na deiseanna is fearr a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus lucht féachana amharclannaíochta na hÉireann. | Tá an tionscadal ag dul tríd an phróiseas measúnaithe agus gealltanais. |
| Músaem Stair an Dúlra | Athchóiriú ar Mhúsaem Stair an Dúlra chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna struchtúir agus timpeallachta agus chun ionad gailearaithe agus áiseanna coimhdeacha atá oiriúnah don fheidhm a chur ar fáil. | Tá an próiseas tairisceana don fhoireann dearaidh chomhtháite ag dul ar aghaidh faoi láthair. Déanfaidh an fhoireann dearaidh stiúir ar na hoibreacha iniúchta don tionscadal in 2024. |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | Athchóiriú agus uasghrádú ar choimpléasc Shráid Chill Dara | Tá luacháil don tionscadal seo ag tarlú faoi láthair. |
| An Ceoláras Náisiúnta | Athfhorbairt a dhéanamh ar shuíomh Phort an Iarla go hiomlán, le athchóiriú agus méadú ar an phríomh-halla san áireamh. | Tá an tionscadal seo ag an chéim dearaidh mhionsonraithe, agus táthar ag súil go gcuirfear iarratas pleanála isteach níos moille i mbliana. |
| Gailearaí Crawford | Athfhorbairt agus nuachóiriú an Ghailearaí Ealaíne Crawford | Tá na caipéisí tairisceana á n-ullmhú ag an fhoireann dearaidh agus OOP don phríomhchonraitheoir, agus táthar ag súil go dtosófar ag lorg tairiscintí go luath in 2024. |
| Chester Beatty | Athfhorbairt agus nuachóiriú ar LCB | Tá luacháil don tionscadal seo ag tarlú faoi láthair. |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) | Athfhorbairt an tsuímh iomlán i gCill Mhaighneann, ionad tiomanta Bailiúchán agus Foghlama san áireamh | Lorg an OOP tairiscintí le haghaidh Phlean Bhainistíochta Caomhnaithe do shuíomh RHK, a dhéanfaidh eolas don chás ghnó don athfhorbairt. |

| | | |
|---|---|---|
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (GNÉ) | Athfhorbairt agus athchóiriú ar spás oifige reatha chun caighdeáin chomhaimseartha a bhaint amach, agus áiseanna feabhsaithe do roinn oideachais an Ghailearaí a chur ar fáil | Tá luacháil ar an tionscadal seo ag tarlú faoi láthair. |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (GNÉ) | Críochnú Céime 4 de Mháistirphlean GNÉ. | Tá cás gnó don tionscadal seo á ullmhú. |




*'Muscle: A Question of Power' le Anna Furse, eispéireas treorach fuaime tumthach ag Gailearaí Ealaíne Crawford*

## *Forais Chultúrtha*

**Chester Beatty**

Ba bhliain an-fhiúntach í 2022 do Chester Beatty. Chomh maith leis an líon cuairteoirí ar an leabharlann é féin a ardú i ndiaidh na paindéime, tharla rannpháirtíocht mhéadaithe ar ghné ar líne na Leabharlainne mar gheall ar dhigitiú leanúnach a bailiúcháin agus gníomhaíocht feabhsaithe ar líne i rith na bliana. Óna clár ginearálta taispeántas agus imeachtaí, ba bhuaicphointe é oscailt taispeántais shealadaigh darbh ainm *Na Chéad Blúirí: Paipír Bhíobalta ón Éigipt Rómhánach*, atá ar siúl ó Dheireadh Fómhair 2022 go Meán Fómhair 2023 agus ina gcuirtear béim ar bhailiúchán lámhscríbhinní a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint leis, Phaipírí Bíobalta Chester Beatty. Le cuid de na leabhair phaipíre bíobalta is sine sa domhan atá ar marthain, ó idir an dara agus an ceithriú haois AD, tugann an taispeántas seo léargas ar thairgiú leabhar agus scoláireacht luath na Críostaíochta san Éigipt Rómhánach. I gcomhar leis an taispeántas seo, an Samhain seo caite chur Leabharlann Chester Beatty tús le sraith léachtaí oíche míosúla *Out of Egypt* - ar fáil go pearsanta nó ar líne - ina ndéanann saineolaithe cur i láthair ar ghnéithe éagsúla taighde a bhaineann leis an bhailiúchán.

**Gailearaí Ealaíne Crawford**

Bhí an-tóir ar chlár taispeántas 2022 an Ghailearaí Ealaíne Crawford, le taispeántais ar shaothair ón bhailiúchán a tháinig ó dearcthaí difriúla nach raibh mórán cáile orthu. San áireamh leo seo bhí

taispeántas darbh ainm *Radharc: Dearcthaí Sa Phriont*, a bhí ar siúl idir Feabhra agus Bealtaine. Agus é tógtha ó bhailiúchán mór prionta an Ghailearaí Náisiúnta Crawford, rinneadh plé le *Radharc* ar shineirgí cultúrtha agus teangeolaíocha trí shampla de chleachtas prionta le céad bliain anuas a chur i láthair trí Ghaeilge, agus ag tabhairt braistintí agus léirléamha an ealaíontóra san áireamh. Bhí móréilimh ar an taispeántas *Corban Walker*: *As Far As I Can See*, a bhí ar siúl idir Deireadh Fómhair 2022 agus Eanáir 2023 agus ar an taispeántas *Behind the Scenes*: *Collection at Work*, a d'oscail an Samhain seo caite. Is eispéireas nua ar an bhailiúchán é, a théann níos doimhne i scéal saothar ealaíne roghnaithe ó thrasna na gcéadta bliain chun próiseas a ndéanta a thaispeáint, an bealach a bailíodh iad agus a thugtar aire dóibh, agus cén ceisteanna a spreagann siad ionainn.

**<u>Áras Nua-Ealaíne na hÉireann</u>**

Bhí clár saibhir éagsúil imeachtaí agus taispeántas ar siúl ag IMMA i rith 2022. Agus é ag cur straitéis na Roinne chun tosaigh maidir lenár nGeilleagar Oíche a fheabhsú, lean IMMA ar aghaidh lena chlár nuálach "IMMA Taobh Amuigh" agus chuir sé tús le sraith nua imeachtaí "Oícheanta IMMA", a reachtáladh gach Déardaoin agus Aoine idir Bealtaine agus Meán Fómhair an bhliain seo caite agus atá chun leanúint ar aghaidh sna blianta romhainn. Trí chlár ealaíonta bríomhar, is é an cuspóir ná fuinneamh a chur i suíomh agus bailiúcháin an mhúsaeim ar bhealaí cruthaitheacha agus spreagúla trí choimisiúin ealaíontóirí, léiriúcháin, ceol, cainteanna, ceardlanna agus turais.

Le gné eile de chlár IMMA Taobh Amuigh, bhí Féile Ealaíne Comhshaoil, *Éirí an Domhain*, a reáchtáladh thar trí lá i mí Dheireadh Fómhair. Agus ceiliúradh á dhéanamh ar dhaoine, ar áit agus ar an phláinéad, cuireadh níos mó ná 70 ealaíontóir, coimisiún ealaíontóirí, cainteanna, ceardlanna agus stiúideo SEED in *Éirí an Domhain* agus cuireadh an eicea-phailliún suíomhoiriúnaithe *Tógtha le hImeacht* os comhair an phobail a d'úsáid cineálacha cur chun cinn ábhar agus tógála a bhí aireach ó thaobh an chomhshaoil de. Ar feadh na trí lá, bhí sé mar aidhm ag an Fhéile seo síolta na hinbhuanaitheachta a chur, ionas gur féidir le lucht féachana de gach aois páirt a ghlacadh, plé a dhéanamh, agus rudaí nua a thriail agus a chruthú.

Reáchtáladh go leor imeachtaí suntasacha in IMMA an bhliain seo caite ar nós *Xenogenisis* spreagúil leis an ghrúpa ó Londain, Grúpa Otolith, a thugann aghaidh trína saothair cheannródaíocha ar cheisteanna sóisialta agus pláinéadacha comhaimseartha; suaitheadh an nua/choilíneachais; an éifeacht atá déanta ag daoine ar an domhain; agus tionchar teicneolaíochtaí nua ar an mheabhair. I measc bhuaicphointí an chláir 2022 bhí eice-imeacht ceithre lá a rinne ceiliúradh ar dhaoine, ar áit agus ar an phláinéad; agus comhdháil idirnáisiúnta taighde a rinne iniúchadh ar théama an Fhéinchinntiúcháin, a cuireadh i láthair mar pháirt de Dheich mBliana na gCuimhneachán de chuid na hÉireann.

**<u>An Ceoláras Náisiúnta</u>**

Bhí go leor ábhar ceiliúrtha ag an Cheoláras Náisiúnta in 2022, idir fhógairt a athfhorbartha caipitil agus fáilte ar ais a chur roimh lucht féachana do na himeachtaí lána iarphaindéime, agus clár leathan spreagúil de léiriúcháin inmheánacha, gníomhaíochtaí for-rochtana agus imeachtaí oideachasúla eile á gcur ar fáil. Freisin in Eanáir 2022 tharla aistriú an Cheolfhoirne Siansaí Náisiúnta agus na gcór ó RTÉ go dtí an Ceoláras Náisiúnta, a thacóidh lena sprioc chun a bheith mar ionad inspioráideach ceoil in Éireann a bhfuil cáil dhomhanda air, a bhfuil rochtain ag cách air agus a shaibhríonn tírdhreach cultúrtha na hÉireann.

I mí Dheireadh Fómhair, i dtaca le hobair an Tascfhórsa Gheilleagair Oíche agus mar pháirt de chomhar níos leithne chun rochtain a thabhairt d'ealaíontóirí nua ar ár bhforais chultúrtha, rinne an Ceoláras Náisiúnta óstáil ar *Haunted Dancehall.* San fhéile seo, a reáchtáladh thar dhá oíche ó 7:30in go dtí déanach san oíche, bhí níos mó na 25 ealaíontóir Éireannacha agus idirnáisiúnta ag seinm ceoil leictreonaigh, chlasaicigh comhaimseartha, thimpeallaigh, hauntology, torainn agus thurgnamhaigh i gcúig sheomra difriúla ar fud an ionaid.

Chuir an Ceoláras Náisiúnta cláir ar fáil ar líne agus go réigiúnach, ag comhlíonadh a ghealltanais chun rochtain agus rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chultúr a fheabhsú thar phobail éagsúla ar fud na tíre. In 2022 tharla, mar shampla, *Sláinte agus Síochain* (clár náisiúnta ceoil don néaltrú) agus *Ceol ar Intinn* (clár náisiúnta ceoil don mheabharshláinte) a cuireadh i láthar sa Chlár, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ciarraí, Cill Dara, Luimneach, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann agus an Iarmhí. Chomh maith, chuir an Ceoláras Náisiúnta *Ceol in Ospidéil Leanaí: Clasaicí do Pháistí* (clár náisiúnta lenar tugadh ceol isteach i dtimpeallachtaí sláinte péidiatracha) i láthair in ospidéil i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Droichead Átha agus Luimneach.



*An Ceoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath*

**<u>Ard-Mhúsaem na hÉireann</u>**

In 2022, lean Ard-Mhúsaem na hÉireann ar aghaidh ag cur cláir leathan éagsúil ar fáil trasna a chomh-mhúsaem uilig – Seandálaíocht, Stair an Dúlra, na hEalaíona Maisiúla agus Stair, agus Saol na Tuaithe – i dtaca lena mhisean chun na bailiúcháin náisiúnta a bhailiú, a bhainistiú, agus a léirmhíniú, agus aire a thabhairt dóibh, chomh maith le rochtain níos fearr orthu a chur ar fáil mar fhoinse foghlama agus siamsaíochta do réimse leathan pobal éagsúil.

In 2022 rinneadh ceiliúradh ar 21 bliain ó osclaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe i bPáirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo. In ómós na hócáide seo, tógadh roinnt cros ó aimsir na bpéindlíthe óna n-áit stórála agus cuireadh ar thaispeáint sa Mhúsaem iad. Cuirtear síos ar na crois seo, atá déanta go hiomlán as adhmad snoite agus a bhfuil inscríbhinní iontu mar chuimhneacháin ar oilithreacht, mar shamplaí annamha d’ealaín dhúchasach na hÉireann.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, mar pháirt de chomóradh Dheich mBliana na gCuimhneachán, d’oscail an Músaem taispeántas nua, Ard-Mhúsaem na hÉireann – na hEalaíona Maisiúla agus Stair. Is taispeántas é Íomhá Coimhlinte; grianghraif ó Éirinn in aimsir na réabhlóide 1913-1923, ina léirítear 150 íomhá agus cúig bhunleabhar ghrianghraif ó bhailiúchán Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhaineann le ré na réabhlóide in Éirinn 1913-1923, chomh maith le híomhánna d’fhir

agus mná Éireannacha i gcoinbhleachtaí thar lear. Bhí go leor comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíochta pobail ar stair na hÉireann sa 20ú hAois ag baint le hobair eile do Dheich mBliana na gCuimhneachán, agus an Músaem ag leanúint ar aghaidh lena ullmhúchán do thaispeántas nua buan ar an ábhar seo, le cur chuige comhairleach agus comhoibríoch ar choimeádaíocht an bhailiúcháin, chun taifeadadh agus machnamh a dhéanamh ar ár stair.

Lean an Músaem ar aghaidh ag comhlíonadh a ghealltanais chun cinntiú go ndéantar ionadaíocht ar phobal iomlán na hÉireann agus ar ár dtaithí comhroinnte. Baineann gné amháin den obair seo le tionscnaimh áirithe chun feasacht agus tuiscint níos fearr a chothú ar stair agus oidhreacht an Luchta Siúil.

**An Chartlann Náisiúnta**

I rith 2022, d'fhógair an tAire Catherine Martin go bhfoilseofar tuairisceáin aonair ó **"Dhaonáireamh 1926**" ar líne in Aibreán 2026, agus go mbeidh sé inchuardaithe agus saor in aisce. Tá an Chartlann Náisiúnta ag tabhairt faoin tionscadal. Tá tús curtha cheana féin le hobair chun na tuairisceáin aonair daonáirimh a chaomhnú, a thras-scríobh agus a dhigitiú, ar chostas €5 mhilliún. Tá an polasaí rochtana oscailte seo i gcomhréir le Straitéis Sonraí Oscailte an Rialtais agus tá deis shuntasach i gceist leis ó thaobh comparáid a dhéanamh idir na sonraí ó roimh 1922 agus na sonraí ó 1926 nuair a bhí athrú ó bhonn ag tarlú in Éirinn. Ta Cartlann Náisiúnta na hÉireann ag tabhairt faoi dhigitiú Dhaonáireamh 1926 i ndlúthchomhar leis an Phríomhoifig Staidrimh – na forais atá i gceannas ar an daonáireamh faoi láthair agus amach anseo.

Seoladh "Maoinchiste Annála Samhálta na hÉireann" chomh maith, mar thoradh ar chlár taighe Stát-mhaoinithe cúig bliana dar teideal '**Thar 2022**'. Le *Thar 2022*, atá faoi stiúir Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, tá iniúchadh stairiúil, caomhnú cartlainne, agus nuálaíocht theicniúil curtha le chéile chun cartlann Oifig Taifid Phoiblí na hÉireann, a cailleadh ar an 30ú Meitheamh 1922 i rith scrios na gCeithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath ag tús an Chogaidh Chathartha, a athshamhlú agus a athchruthú. Tá an clár taighde ceannródaíoch seo forbartha ag staraithe i gColáiste na Tríonóide agus eolaithe ríomhaireachta in Ionad SFI ADAPT, i gcomhar le cúig phríomh-chomhpháirtí: Cartlann Náisiúnta na hÉireann, an Chartlann Náisiúnta (an Ríocht Aontaithe), Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

I rith 2022, nocht Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) "réimse ceannachán don bhailiúchán náisiúnta". I measc an ábhair bhailithe tá an bronnadh armais Éireannach is luaithe atá ar marthain, ó 1554; albam grianghraf fotheidealaithe ag Elizabeth 'Lollie' Corbet Yeats, deirfiúr le WB Yeats; litir ó aire scríofa mar fhreagra ar achainí le haghaidh tae sa bhreis i rith chiondáil an Dara Chogaidh Dhomhanda; agus póstaeir ó phictiúrlanna i bPort Laoise agus Meala ó na 1960dí. Gach bliain, cuirtear na mílte earra – leabhair, nuachtáin, grianghraif, litreacha, suíomhanna gréasáin agus i bhfad níos mó – le bailiúcháin LNÉ agus catalógaítear iad.

Sheol Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a "**straitéis cúig-bliana (2022-2026)"** nua. Cuireann an straitéis nua leis an fhuinneamh a baineadh amach i rith a dtréimhse straitéise deireanach 2016-2021 agus leagtar amach misean, fís agus tosaíochtaí LNÉ. Is iad na cúig thosaíocht straitéiseacha atá ag LNÉ don tréimhse 2022-2026 ná an 'Bailiú, Cosaint, Nochtadh, Rannpháirteachas agus Nuáil'.

Fógraíodh an Dr Whitty, a bhí ina Leas-Stiúrthóir agus ina Ceannasaí Bailiúchán agus Foghlama ag Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ina Cathaoirleach ar Chumann Músaem na hÉireann, mar Stiúrthóir LNÉ.

**<u>Gailearaí Náisiúnta na hÉireann</u>**
Chuir Gailearaí Náisiúnta na hÉireann cuid mhór taispeántas spreagúil i láthair in 2022. Thosaigh an bliain leis an taispeántas 'Jack B. Yeats: Péinteáil agus Cuimhne' ag leanúint ar aghaidh, lena ndearnadh ceiliúradh ar 150 bliain ó rugadh ceann d'ealaíontóirí ba chlúití na tíre.

- <u>Gainsborough Óg: Líníochtaí Tírdhreacha Athaimsithe</u>
  Don chéad uair in Éirinn, cuireadh 25 líníocht tírdhreacha leis an ealaíontóir Shasanach Thomas Gainsborough, a athaimsíodh le déanaí, ar thaispeáint i 'Gainsborough Óg: Líníochtaí Tírdhreacha Athaimsithe'. Déanta mall sna 1740idí, agus Gainsborough sna fichidí, thug na líníochtaí seo blaiseadh domhain ar chéim luath i ngairmréim an ealaíontóra tírdhreacha mór le rá.

- <u>Giacometti: Ón tSaol</u>
  Cuireadh níos mó ná 50 saothar le Alberto Giacometti (1901–1966) ar taispeáint sa chéad taispeántas ar shaothar an ealaíontóra i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. San áireamh le 'Giacometti: Ón tSaol' bhí dealbha cré-umha agus plástair, pictiúir, líníochtaí agus priontaí. Tháinig na saothair ealaíne ó bhlianta luatha Giacometti agus é ina áit dhúchais san Eilbhéis, go dtí a shaothar déanach a rinne sé ina stiúideo i bPáras.


- <u>Líníochtaí na hÍsiltíre: Buaiceanna ón Rijksmuseum</u>
  Sa Ghailearaí Phrionta atmaisféarach, chuir an taispeántas seo deis annamh ar fáil saothair ealaíontóirí Ísiltíreacha ó bhailiúchán cáiliúil an Rijksmuseum a fheiceáil in Éirinn. Bhí líníochtaí agus priontaí ó ealaíontóirí cosúil le Rembrandt, Hendrik Avercamp, Jan van Goyen agus Jacob van Ruisdael chun tosaigh sa taispeántas. Idir páiste ag glacadh a chéad céimeanna go cath mara, agus idir cailín óg ag léamh go tírdhreach coillteach síochánta, thug Líníochtaí na hÍsiltíre léargas ar an tsaol san Ísiltír na céadta bliain ó shin trí shaothair fíor-ealaíonta ar pháipéar.

**CEANNACHÁIN:**
<u>'La Vie des Champs' le Paul Cézanne</u>
Fuarthas saothar fíorálainn de chuid Paul Cézanne (1839-1906), duine de mhórphearsana na nua-ealaíne, do bhailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Is é an chéad phictiúir de chuid Cézanne le bheith mar pháirt den bhailiúchán náisiúnta. Críochnaíodh an pictiúr in 1877 in áit dhúchais Cézanne, Provence i ndeisceart na Fraince. Léiríonn sé tírdhreach bríomhar samhailteach le bean ag iompar crúsca uisce ar a ceann sa lár. Cheannaigh an Gailearaí an pictiúr suntasach seo, ar le muintir na hÉireann anois é, le tacaíocht fhlaithiúil agus speisialta ó Rialtas na hÉireann agus le deontas príobháideach daonchairdiúil.

# 7. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

**<u>Sprioc C</u>**
Tacú le húsáid na Gaeilge, ar fud na hÉireann, san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain agus chun a húsáid a láidriú mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta

***Caiteachas €77.8m de réir príomhréimsí caiteachais***




## *Forléargas*

Is príomhchuspóir de chuid na Roinne é tacú leis an Ghaeilge agus chun a húsáid a láidriú mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta agus tacú le forbairt na teanga sa ré dhigiteach. Ag tús 2022 tugadh aitheantas don Ghaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre iomlán in institiúidí an AE. In 2022, fógraíodh ciste de €400,000 chun 400 scoláireacht choláiste Gaeilge do mhic léinn ó iar-bhunscoileanna DEIS. Is é cuspóir uileghabhálach an chiste seo ná tacú le hionchuimsiú sóisialta i gcomhthéacs na Gaeilge. I Meitheamh 2022, bunaíodh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilgeagus d'fhógair an Roinn go gcuirfear beagnach €3.7 milliún ar fáil don phróiseas pleanála teanga.

Tháinig bunghnéithe Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm in 2022, agus beidh tionchar forleathan aige i dtodhchaí láidir dár dteanga a bhaint amach. Foilsíodh Plean Digiteach don Ghaeilge in 2022 freisin.

### Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

I mí na Samhna 2022, foilsíodh an tríú tuairisc ar an dul chun cinn maidir le Plean Ghníomhaíochta an Rialtais don Ghaeilge 2018-2022, a chlúdaigh an tréimhse idir 1 Eanáir 2021 agus 31 Nollaig 2021. Tugtar léargas sa tuairisc ar 180 gníomhaíocht atá le tabhairt chun críche le linn an phlean cúig-bliana, ag nach mór na c. 60 geallsealbhóir. In ainneoin na ndeacrachtaí a bhain le COVID-19 ón chéad chuid de 2022, tuairiscíodh dul chun cinn suntasach maidir le cur i bhfeidhm ghníomhartha an phlean.  Cuireadh síneadh bliana go 2023 leis an phlean ionas gur féidir a ghníomhaíochtaí a thabhairt i gcrích, tar éis tionchar na paindéime.

Leagtar amach thíos na príomhbhearta a tugadh i gcrích ar fud naoi Réimse Gníomhaíochta:

- Leathnú ar rannpháirtíocht i dtionscadal e-Hub na Roinne Oideachais, atá mar aidhm aige rochtain ar réimse níos leithne ábhar a thabhairt do mhic léinn.
- Lean seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais do mhúinteoirí agus gníomhaireachtaí cosúil leis an tSeirbhís Naisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar aghaidh ag cur lena gcumas tacaíocht a thabhairt do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht
- Faoi dheireadh 2022 ceadaíodh 36 plean teanga ar an iomlán do 26 Limistéar Pleanála Teanga Galteachta, 7 mBaile Seirbhíse Gaeltachta agus 3 Líonra Gaeilge (ceadaíodh 5 acu in 2022).
- Fostaíodh 25 Oifigeach Pleanála Teanga agus 4 Oifigeach Pleánála Teanga Cúnta faoin phróiseas pleanála teanga faoi dheireadh Nollag 2022.
- Fógraíodh 400 scoláireacht choláiste Gaeilge d'iar-bhunscoileanna DEIS.
- Cuireadh maoiniú caipitil ag ráta 95% ar fáil do 5 sheirbhís luathbhlianta sa Ghaeltacht faoi Chlár Tacaíochta Pobail agus Teanga na Gaeltachta de chuid na Roinne.
- Reáchtáladh Tech Féile ar líne in Aibreán 2022.
- Lean TG4 ar aghaidh ag coimisiúnú agus ag craoladh réimse leathan ábhar do phobal labhartha na Gaeilge.
- Cuireadh tús le 5 fhoráil Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, lena gcuireadh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge ar bun agus lena gcuireadh dualgais nua ar fhorais phoiblí maidir le fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge.
- Bhí 8,235 post i gcomhlachtaí a bhfuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2022, i gcomparáid le 8,084 in 2021. Nuair a thugtar laghduithe poist san áireamh, bhí méadú glan de 151 post agus fostaíocht mhéadaithe i mórchuid na limistéar Gaeltachta.
- Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta roinnt tionscadal nua lena gcruthófar 444 post le hinfheistíocht measta de €30.4 milliún ón Stát agus ón earnáil phríobháideach sna blianta romhainn.
- Ceadaíodh suas le €19.26m i maoiniú caipitil i rith na bliana chun infreastruchtúr gnó na Gaeltachta a athchóiriú agus a fhorbairt le tacú le forbairt ar thionscnaimh fostaíochta nua.




*An tAire Stáit don Ghaeltacht Patrick O'Donovan T.D. ag seoladh Phlean Teanga Chathair Saidhbhín.*

### Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

Shínigh Micheál D. Ó hUiginn, Uachtarán na hÉireann, Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 ar an 22 Nollaig 2021. Déanfar neartú ar Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003, leis an reachtaíocht nua seo, agus aithnítear go coitianta go ndéanfar tairbhe mhór le leibhéal agus caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge.

Áirítear ar phríomhchuspóirí an Achta:

- Go mbeidh 20% d'earcaigh chuig an earnáil phoiblí inniúil i nGaeilge faoi 2030
- Go ndéanfar gach seirbhís phoiblí a chuirtear ar fáil sa Ghaeltacht agus ar son na Gaeltachta a sholáthar trí mheán na Gaeilge;
- Go mbeidh gach oifig phoiblí sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge
- Go ndéanfar Plean Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Poiblí Gaeilge a fhorbairt.

Ó tháinig an Acht i bhfeidhm, tá an Roinn ag obair go dian chun gach foráil den Acht a thabhairt chun feidhme ar bhonn céimnithe – agus tús curtha le cúig alt ar an iomlán in 2022. Áirítear leis na príomhbhearta a tugadh i gcrích faoin Acht in 2022:

- **Bunú an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge** ar an 20 Meitheamh 2022.
- **Coimisiúnú agus comhaontú ar chonradh taighde bliana** i dtaca le hobair an Choiste Chomhairligh ar an Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge.
- **Cur i bhfeidhm an foráil fógraíochta** ar an 10 Deireadh Fómhair 2022, lena dtugtar ar fhorais phoiblí ar a laghad 20% dá bhfógraíocht bhliantúil a dhéanamh as Gaeilge agus ar a laghad 5% dá mbuiséid fógraíochta bhliantiúla a chaitheamh ar fhógraíocht as Gaeilge sna meáin Ghaeilge.
- **Forbairtí ar chúrsaí oiliúna Gaeilge** le píolótú ar dheimhniú Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ar chúrsaí a chuirtear ar fáil do státseirbhísigh le OneLearning (Aonad Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse) - ar fhorbairt shuntasach é ó tharla go luaitear Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha, ar a bhunaítear an córas TEG, go sonrach san Acht.

- **Tapaíodh gach deis le feasacht ar an Acht a chothú**, leis na mílte fostaithe stáit ag freastal ar sheimineáir eolais éagsúla ar ghnéithe difriúla den Acht, agus cuid acu reáchtáilte i gcomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tá scrúdú á dhéanamh ar thionscnaimh fhiúntacha eile mar pháirt den obair leanúnach seo, cosúil le feachtais feasachta ar mhórscála a reáchtáil. Leanfar ar aghaidh le hobair in 2023 maidir le gach alt agus foráil eile den Acht a chur chun feidhme - cosúil le caighdeáin teanga a chur i bhfeidhm in ionad scéimeanna teanga. Déanfar cinnte le caighdeáin teanga nua d'earnála difriúla rialtais go gcloíonn eagraíochtaí atá ag cur seirbhísí ar fáil don phobal leis na caighdeáin is airde maidir leis an Ghaeilge.

Fuair an Roinn acmhainní foirne sa bhreis in 2022, chomh maith le €1m maoiniú nua do 2023, chun iarrachtaí sa réimse seo a dhaingniú agus a neartú.

### Clár Tacaíochta Pobail agus Teanga na Gaeltachta

Maoiniú Caipitil

Tacaíonn maoiniú a chuirtear ar fáil faoi *Chlár Tacaíochta Pobail agus Teanga na Gaeltachta* le neartú na Gaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh i gcomhréir le haidhmeanna Acht na Gaeltachta, 2012 agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Cuireadh leithdháileadh iomlán de €2.7m ar fáil do thionscadail chaipitil in 2022. I measc na bpríomhbheart bhí leithdháileadh €605,234 maidir le 22 tionscadal lenar bhain obair thógála, forfheabhsúcháin agus feistithe d'áiseanna teanga agus pobail i gceantair Ghaeltachta.



*Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe*

Maoiniú Reatha

Cuireadh leithdháileadh reatha de €8.5m faoi *Chlár Tacaíochta Pobail agus Teanga na Gaeltachta* in 2022. I measc na mbeart tábhachtach:

- Cuireadh maoiniú €4.4m ar fáil do theaghlaigh Ghaeltachta faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge i ndiaidh athoscailt líonra na gcoláistí samhraidh Gaeilge i ndiaidh tréimhse dhá bhliana.
- Tugadh níos mó tacaíochta do Scéim na gCúntóirí Teanga in 2022 trí leithdháileadh maoinithe trí bliana de níos mó ná €4m a dhéanann leas do scoileanna atá ag glacadh páirt i Scéim Oideachais na Gaeltachta 2017-2022 de chuid na Roinne Oideachais. Bhí an scéim seo ar ais ar a gnó iar-COVID ó Meán Fómhair 2022 don chéad uair ó thús na paindéime.
- Tugadh níos mó tacaíochta d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus iad ag cur cúrsaí tríú leibhéil ar fáil ina dtrí ionad Gaeltachta – i nGaoth Dobhair, i gCarna agus sa Cheathrú Rua.
- Cuireadh leithdháileadh de €309,576 ar fáil in 2022 faoi Scéim na gCampaí Samhraidh chun tacú le deiseanna foghlama agus saibhrithe teanga do dhaoine óga ó cheantair Ghaeltachta. Bhain 6,513 duine óga tairbhe as na 179 campa a tharla in 2022.
- Tugadh maoiniú de níos mó na €1.5m do 9 eagraíocht eile, atá bunaithe sa Ghaeltacht agus a chuireann réimse beart tacaíochta teanga ar fáil, faoin chlár.

**An Próiseas Pleanála Teanga**

Cuireadh leithdháileadh iomlán de €5.8m ar fáil chun cur i bhfeidhm an Phróisis Phleanála Teanga a chur chun cinn in 2022. I measc na mbeart tábhachtach:

- Faomhadh 5 phlean teanga breise ionas go raibh líon iomlán na bpleananna faofa cothrom le 36
- 25 Oifigeach Pleanála Teanga agus 4 Oifigeach Cúnta a bhí fostaithe i Limistéir Phleanála Teanga sa Ghaeltacht chun pleananna aontaithe teanga a chur i bhfeidhm ina bpobail faoi dheireadh 2022
- Leanadh, d'fhonn treisiú leis an Phróiseas Pleanála Teanga sna ceantair Ghaeltachta, leis an tacaíocht d'earnála na luathbhlianta, an teaghlaigh agus na healaíon traidisiúnta atá bunaithe ar theanga. Cuireadh maoiniú ar fáil do Thuismitheoirí na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta chun na cláir seo a thabhairt i gcrích.

## Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (lasmuigh den Ghaeltacht)

Reatha

Tacaíonn an Roinn le cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht trína Scéimeanna Tacaíochta Teanga. Tacaíodh le réimse leathan tionscadal in 2022, sna hearnála gnó, ealaíon, digiteach, spóirt, agus 3ú leibhéil don chuid is mó. Áirítear ar bhuaicphointí 2022:

- Lean Scéim Intéirneachta na Roinne in Institiúidí an Aontais Eorpaigh ar aghaidh ag cur deiseanna ar fáil do chéimithe socrúcháin oibre a fháil i réimsí an aistriúcháin agus na profléitheoireachta agus tugadh isteach scéim nua phíolótach intéirneachta d'ateangairí comhdhála.
- Cheadaigh an tAire pacáiste maoinithe méadaithe de €2,084,330 do Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad / Maynooth University chun tacú lena ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna atá mar aidhm acu feabhas a chur ar úsáid na Gaeilge sa tsaol phoiblí.
- I Nollaig 2022, seoladh Plean Digiteach don Ghaeilge de chuid na Roinne, atá mar aidhm aige forbairt leanúnach na teanga a chinntiú sna príomhréimsí digiteacha sna blianta amach romhainn.
- Cuireadh maoiniú ar fáil d'fhorbairt leanúnach na suíomhanna gréasáin Dúchas.ie agus Logainm.ie a thugann Bailiúchán Scoile de chuid Chnuasach Bhéaloideas Éireann agus taighde ar chorpas logainmneacha na Roinne go pobal idirnáisiúnta níos leithne.

- Cuireadh maoiniú ar fáil chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa phobal gnó i gCathair Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe, Maigh Eo agus Cill Dara, agus éascaíodh cur chun cinn earnáil drámaíochta na Gaeilge trí mhaoiniú bliantúil don Taibhdhearc i nGaillimh agus An Cumann Scoldrámaíochta.
- Rinneadh síneadh ar mhaoiniú an Ghrúpa Téarmaíochta LEX / IATE, a thacaíonn le forbairt nuatéarmaíocht na Gaeilge, do 2022-2024. Ceadaíodh €745,662 dá obair sa tréimhse ama sin.

Caipiteal

Is féidir le heagraíochtaí pobail a oibríonn trí mheán na Gaeilge iarratas a chur isteach ar mhaoiniú faoi Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge na Roinne chun tacaíocht a fháil maidir leis na costais a bhaineann le hionaid Ghaeilge a thógáil nó a athchóiriú agus le trealamh d'ionaid den sórt sin a cheannach.

### Údarás na Gaeltachta

B'ionann an leithdháileadh foriomlán ón Státchiste d'Údarás na Gaeltachta sa bhliain 2022 ná €34m. Coinníodh fostaíocht Ghaeltachta ag leibhéal seasmhach in 2022, le fás suntasach i roinnt earnála. Bhí 8,235 post i gcomhlachtaí a bhfuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2022, i gcomparáid le 8,084 in 2021. Cruthaíodh líon suntasach post sna hearnála déantúsaíochta nideoige, turasóireachta, agus teanga. Nuair a thugtar laghduithe poist san áireamh, bhí méadú glan de 151 post agus fostaíocht mhéadaithe i mórchuid na gceantar Gaeltachta, rud a léiríonn acmhainneacht an gheilleagair Ghaeltachta.

Go réigiúnach, bhí fostaíocht i nGaeltacht Chiarraí réasúnta dearfach, le méadú glan de 83 post, méadú 13% i gcomparáid le 2021. Bhí fostaíocht láidir i gceantair Ghaeltachta Phort Láirge agus na Mí, cé go raibh laghdú beag i bhfostaíocht sna ceantair Ghaeltachta i nGaillimh agus i gCorcaigh. I ndiaidh dúshláin na paindéime Covid-19, bhí tuilleadh dúshlán eacnamaíoch roimh comhlachtaí i rith 2022, agus an mhórchuid acu ag baint le costais ag dul in airde, go háirithe costais fuinnimh, agus timpeallacht trádála idirnáisiúnta éiginnte mar gheall ar chorraíl gheopholaitiúil. Is léir go mbeidh cuid de na dúshláin seo linn go fóill in 2023 ach tá seasmhacht agus inacmhainneacht taispeánta ag comhlachtaí Gaeltachta roimhe seo, a bhfuil nuálaíocht bhuan mar chúis leo.

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta roinnt tionscadal nua lena gcruthófar 444 post nua le hinfheistíocht mheasta de €30.4 milliún ón Stát agus ón earnáil phríobháideach sna blianta amach romhainn. Is in earnála na dtáirgí sláinte, bia, seirbhísí agus déantúsaíochta nideoige a bheidh mórchuid na bpost nua seo.

Chomh maith, cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta infheistíocht Stáit de €7.1m i deontais fostaíochta, monarchan, oiliúna agus oideachais i rith 2022. Ceadaíodh suas le €19.26 milliún i soláthar caipitil i rith na bliana chun infreastruchtúr gnó na Gaeltachta a athchóiriú agus a athfhorbairt chun tacú le forbairt tionscnamh fostaíochta nua.

### Deireadh le maolú na Gaeilge in Institiúidí an AE

Tháinig deireadh leis an mhaolú ar stádas na Gaeilge sna hinstitiúidí Eorpacha ar an 31 Nollaig 2021, agus tá sé anois ar comhchéim le teangacha oifigiúla eile an AE ón 1 Eanáir 2022. Cuireann an stádas seo deiseanna fostaíochta nua ar fáil in Éirinn agus san Eoraip do chainteoirí Gaeilge.

Leanadh ar aghaidh le tionscnaimh in 2022, a thug an Roinn fúthu ar dtús chun deireadh le maolú a chinntiú, a bhfuil sé mar aidhm acu sruthú leanúnach daoine cumasacha a chinntiú. Áirítear leis na bearta seo:

- Tá síneadh sé mhí curtha le scéim, a bunaíodh in 2018 chun intéirnigh a chur chuig ranna teanga na n-institiúidí Eorpacha ar feadh tréimhsí 10 mí, chun scéim phíolótach sé mhí d'ateangairí a chuir leis.
- Comórtas aistriúcháin, dar teideal '*Aistritheoirí Óga*', do mheánscoileanna Gaeilge ar fud oileán na hÉireann, i gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Is féidir le scoileanna Béarla páirt a ghlacadh sa chomórtas seo

anois, agus tá fás tagtha ar líon na rannpháirtithe gach bliain. Tá feasacht cothaithe ag an scéim seo san earnáil dara-leibhéil faoi na deiseanna nua a bhaineann leis an Ghaeilge agus tugann sé spreagadh do mhic léinn smaoineamh faoi dheiseanna gairme le Gaeilge in institiúidí an AE, go háirithe i réimse an aistriúcháin.

- Maoiniú do Sheó Bóthair Chonradh na Gaeilge, a reáchtálann níos mó ná 120 ceardlann i rith na bliana ar bhonn uile-Éireann. Is ceardlanna idirghníomhacha iad seo chun daoine óga a chur ar an eolas faoi chearta teanga, seirbhísí teanga agus deiseanna fostaíochta.
- Leanúint ar aghaidh le Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge, a bhfuil Ionad Bairr Feabhais um Ghairmeacha le Gaeilge san AE mar pháirt de – cinntítear leis an tionscnamh seo go bhfuil iarrthóirí saineolacha an-oilte ar fáil chun postanna a ghlacadh in institiúidí an AE mar aistritheoirí, dlítheangeolaithe agus ateangairí comhdhála
- Lean Coiste Téarmaíochta LEX/IATE ar aghaidh lena obair thábhachtach ar líne le ionchur ó na geallsealbhóirí éagsúla thar institiúidí na hEorpa agus forais phoiblí in Éirinn, an Roinn san áireamh.
- Chomh maith, tá obair déanta ag an Roinn i ndlúthchomhar lena comhghleacaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha chun gairmeacha in institiúidí an AE a chur chun cinn. Ina leith sin, shocraigh an Roinn go n-aistreofaí 'The Ultimate EU Test Book – Administrators 2020'. Tacóidh an acmhainn seo leo siúd atá ag glacadh páirte i gcomórtais earcaíochta de chuid na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO) agus atá ag iarraidh an Ghaeilge a shonrú mar a gcéad teanga, tá an acmhainn ar fáil ag an nasc a leanas: Tástáil-EPSO-Ábhar-Tacaíochta - Ollscoil na Gaillimhe

### Múineadh na Gaeilge thar lear

Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil d'Fhondúireacht Ollscoil Éireann Ceanada (ICUF), Comisiún Fulbright agus go leor ollscoileanna trasna na hEorpa le haghaidh mhúineadh na Gaeilge in institiúidí 3ú leibhéil go hidirnáisiúnta. Cuireadh maoiniú ar fáil faoin scéim seo in 2022 le haghaidh mhúineadh na Gaeilge i níos mó ná 40 ollscoil rannpháirteacha thar lear.


Is iad na haidhmeanna atá ag an chiste ná dea-mhéin i leith na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn taobh amuigh d'Éirinn agus chun ardán le haghaidh rochtana ar an Ghaeilge a chur ar fáil agus tacú lena haitheantas mar theanga idirnáisiúnta chomhaimseartha.

## 8. Spórt

**Sprioc D**

Rannpháirtíocht níos mó i spóirt ag gach duine a chur chun cinn le fócas ar leith ar rannpháirtíocht na mban agus éagsúlacht fad is a leantar ag infheistiú in áiseanna spóirt nua, lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus óstáil mórimeachtaí.

***Caiteachas €212.8m de réir príomhréimsí caiteachais***




### *Forléargas*

Tá an spórt ríthábhachtach dár bhfolláine fhisiciúil agus dár bhfolláine mheabhair araon, agus oibríonn an Roinn de réir bhunprionsabail na rannpháirtíochta agus an chomhionannais. Tugann an spórt spreagadh dár bpobail agus tugann sé tuiscint dúinn ar fhéiniúlacht, ar áit agus ar mhuintearas. D'éirigh go han-mhaith le lúthchleasaithe na hÉireann ar an ardán domhanda trasna réimse leathan spórt – idir rámhaíocht agus lúthchleasaíocht agus gleacaíocht. Bhain ár bhfoireann sacar ban áit amach i gCorn Domhanda 2023 – sprioc thábhachtach go deo.

D'oibrigh an Roinn, i gcomhar le Spórt Éireann agus forais eile trasna na tíre, chun tacú agus bonn a chur leis an earnáil seo le bearta polasaí agus maoiniú éifeachtach. Cuireadh €35 mhilliún sa bhreis ar fáil chun tionchar na gcostas fuinnimh méadaithe a mhaolú do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt chun cinntiú go raibh gach duine ábalta tairbhe a bhaint as an spórt agus as an ghníomhaíocht fhisiciúil i rith an gheimhridh.

Tugadh an Clár Chaipitil agus Trealaimh Spóirt i gcrích in 2022 le maoiniú iomlán de níos mó ná €166.6m leithdháilte d'eagraíochtaí spóirt agus grúpaí pobail fud fad na tíre. Cheadaigh an Rialtas máistirphlean nua do Champas Spórt Éireann i mí na Samhna. Cuireann an Máistirphlean creat ar fáil d'fhorbairt an champais don chéad 15 go 20 bliain eile agus

aithnítear ann na chéad tionscadail ardleibhéil eile le haghaidh forbartha, cosúil leis an Ionad Náisiúnta Veileadróim agus Badmantain.

In 2022 thug an Roinn faoi chomhairliúchán poiblí ar óstáil mórimeachtaí spóirt idirnáisiúnta agus tá toradh an chomhairliúcháin sin ag cur le forbairt pholasaí sa réimse sin. Thosaigh an tsraith Aer Lingus College Classic arís in 2022 nuair a d'imir Northwestern in éadan Nebraska i mBaile Átha Cliath, agus meastar gur chuir an imeacht sin €69 milliún le geilleagar na hÉireann. Cuireadh ullmhúcháin don chluiche 2023 idir Notre Dame agus Navy chun tosaigh freisin, chomh maith le Cluiche Ceannais Shraith Europa in 2024.

## *An Beartas Náisiúnta Spóirt*

Luaitear trí cinn de Chuspóirí Ardleibhéil sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 a seoladh i mí Iúil 2018:

- Níos mó rannpháirtíochta sa spórt de gach cinéal in Éirinn (ardú ó 43% go 50% faoin bhliain 2027, ardaíodh an sprioc sin go 60% i gClár an Rialtais).
- Sárfheabhas breise ó thaobh cúrsaí rialachais chomh maith le réimse na hardfheidhmíochta sa spórt.
- Acmhainneacht bhreise ionas gur féidir le breis daoine páirt a ghlacadh sa spórt agus gur féidir leo siúd a chleachtann spórt cheana féin a gcuid caighdeán a fheabhsú.

I rith na bliana 2022, leanadh d'obair an Ghrúpa Ceannaireachta Spóirt, a cuireadh ar bun chun maoirseacht a dhéanamh maidir leis an Bheartas Náisiúnta Spóirt agus cúrsaí forfheidhmiúcháin a bhrú chun cinn, agus é ag cur béime ar leith ar na 43 ghníomh ar leith a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta don Spórt 2021-2023 a thabhairt i gcrích. Tá de chuspóir leis an phlean ghníomhaíochta sin, a leagtar amach de réir ord tábhachta, toradh na dtrí chuspóir ardleibhéil a shonraítear faoin Bheartas Náisiúnta Spóirt a thabhairt i gcrích go praiticiúil. I measc na príomhbhearta a cuireadh chun cinn i rith 2022 bhí rolladh amach an Chiste nua Clubanna Spóirt Mhíchumais, lenar dáileadh níos mó ná €2M ar níos mó ná 1,000 club bunleibhéil, agus forbairt leanúnach ar gheo-bunachar náisiúnta digiteach ar áiseanna spóirt agus siamsaíochta.

## *Spórt Éireann*

Coinníonn an Roinn bonn treise faoi bheartaíocht Spórt Éireann maidir le monatóireacht ar fhorbairt, ar mhaoiniú agus ar chur i bhfeidhm na gclár oibre i gcomhréir le coinníollacha agus polasaithe an Rialtais maidir le cúrsaí airgid. B'ionann buiséad iomlán Spórt Éireann ó thaobh caiteachais reatha in 2022 agus €132.4m. Tugadh san áireamh leis sin maoiniú a bhaineann le COVID-19 dar luach iomlán €35m.

Tá Ráiteas Straitéise 2018-2022 Spórt Éireann bunaithe ar na ceithre phríomhcholún seo a leanas:

- Rannpháirtíocht (Spórt Feadh Saoil agus Spórt Ionchuimsitheach)
- Cúrsaí Feidhmíochta (Imirt agus iomaíocht ar leibhéal atá ag teacht leis an leibhéal cumais)
- Cúrsaí Ardfheidhmíochta (A mbeifí ina acmhainn a bhaint amach ar na leibhéil is airde iomaíochta); agus
- Rialachas Spórt Éireann (Forbairt ar earnáil sháréifeachtúil spóirt a chur chun cinn a rachaidh i bhfeidhm go mór ar fud na tíre).

Tugtar achoimre thíos faoin dul chun cinn in **2022** maidir le gach réimse príomhthábhachtach –

### 1. Rannpháirtíocht

I measc na gcuspóirí de straitéis Spórt Éireann, tá leathnú le cláir measúnachta agus taighde d'fhonn cur leis an rannpháirtíocht. Chun tacú leis an chuspóir sin a thabhairt i gcrích, cuireadh Straitéis Taighde le chéile agus cheadaigh an Bord é i nDeireadh Fómhair 2021.

Is léir ó thuarascáil **Mhonatóir Spóirt Éireann (MSÉ)** 2021 go nglacann 44% den daonra páirt sa spóirt go rialta, 6% níos lú ná in 2019. Mar sin féin, léirigh athbhreithniú **Meán-Bhliana MSÉ** gur shroich rannpháirtíocht sa spórt 44% sa dara ráithe de 2022, an leibhéal is airde ó bhí 2020 ann, rud beag taobh thiar den leibhéal 2019 de 46% ach níos airde ná na leibhéil a taifeadadh in 2021. Choinnigh an cion a chloíonn leis na Treoirlínte Gníomhaíochta Fisiciúla Náisiúnta ag titim, le 37% gníomhach go leor i rith na tréimhse idir Eanáir-Meitheamh 2022. Seo an leibhéal is ísle ó bhí 2019 ann.

Sa chéad leath de 2022, tháinig deireadh leis an mhéadú i rannpháirtíocht spóirt i measc grúpaí níos sine a thaifeadadh in 2022, agus tháinig méadú suntasach i measc iad siúd atá faoi 25, atá leibhéal rannpháirtíochta iarphaindéime beagnach sroichte acu.

**Tacaíochtaí do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁS)**

In 2022, lean 29 CÁS den chur i bhfeidhm maidir le cláir agus seirbhísí rannpháirtíochta sa spórt ar fud na tíre. Rinne Spórt Éireann infheistíocht €15.2m sna 29 CÁS trí Chroíchistíocht, Ciste na gCuntas Díomhaoin agus Ciste Filleadh ar an Spórt. Mar gheall ar mhaoiniú Spórt Éireann, tá ar a laghad 5 ball lárnacha foirne ag gach CÁ, comhordaitheoir, riarthóir, oifigeach ionchuimsitheachta maidir le daoine faoi mhíchumas i gcúrsaí spóirt, oifigeach forbartha maidir le spórt pobail, agus oifigeach amháin sa bhreis, de réir riachtanas áitiúil.

Chomh maith, mar bheart i ndáil le paindeim COVID-19, rinne Spórt Éireann €1.2m a infheistiú i líonra CÁS chun tacú le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a atosú.

Ghlac 433,554 duine páirt i 1,434 tionscnamh rannpháirtíochta áitiúla i rith na bliana.

In 2022, trí mhaoiniú Chiste na gCuntas Díomhaoin, chuir Spórt Éireann maoiniú ar fáil do 10 Mol Spóirt Pobail eile ina líonra CÁSanna, rud a chiallaíonn go bhfuil Mol Spóirt Pobail i ngach contae anois. Leis seo, comhlíontar an sprioc a leagadh amach i nGníomh 11 den Bheartas Spóirt Náisiúnta

**Feachtais agus Tionscnaimh**

- Eagraíodh feachtas cumarsáide Let's Get Back chun pobal na hÉireann a spreagadh chun tabhairt faoi spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil arís. Chuidigh craobhchóras náisiúnta Spórt Éireann de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus de Chomhlachtaí Rialachais Náisiúnta Spóirt leis an fheachtas.
- Eagraíodh seachtain HER Outdoors idir 8-14ú Lúnasa 2022 agus gríosaíodh mná agus cailíní an acmhainn eachtraíochta atá iontú a aimsiú agus blaiseadh a fháil den tairbhe a bhaineann le bearta lúith agus láthair a chleachtadh amuigh faoin aer. Tharla 385 imeacht i rith na 7 lá le níos mó na 7,000 bean ag glacadh páirt.
- Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh, d'eagraigh Spórt Éireann Seachtain Spórt na mBan idir 6-12ú Márta. D'eagraigh cuid mhór Comhlachtaí Rialachais Náisiúnta Spóirt seimineáir ghréasáin agus ócáidí aclaíochta ar líne agus díríodh aird ar chóitseálaithe, oifigigh agus ceannairí ban ina réimsí spóirt féin i rith na seachtaine.
- Seoladh an feachtas cumarsáide It's My Time, i gcomhar le Éire Shláintiúil, i Samhain 2022 agus é dírithe ar mhná idir 40 agus 60 bliana d'aois ó cheantair atá faoi mhíbhuntáiste. Thug an feachtas seo spreagadh do mhná chun am a dhéanamh dóibh féin agus don aclaíocht.

**Rannpháirtíocht níos forleithne sa Spórt**

Ag teacht le Beartas Spórt na mBan de chuid Spórt Éireann a foilsíodh in 2019, lean Spórt Éireann ag treisiú le rannpháirtíocht leanúnach na mban sa spórt, mar chóitseálaithe, saorálaithe, baill de chlubanna, lúthchleasaithe, urlabhraithe, ceannairí agus rannpháirtithe, ó leibhéal an phobail go leibhéal na craoibhe.

I mí Iúil 2021, d'fhógair Spórt Éireann infheistíocht €4m ina chlár Mná sa Spórt i rith an dá bhliain 2021 agus 2022. Chuir an maoiniú seo le níos mó ná 150 tionscadal/tionscnamh Mná sa Spórt sna Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus tacaíonn sé le fís Spórt Éireann maidir le comhdheis a thabhairt do mhná barr a gcumas a bhaint amach, agus iad ag glacadh páirte sa spórt ar feadh a saol. Cuireadh maoiniú Mná sa Spórt de €265,000 ar fáil don líonra CÁS in 2022.

Foilsíodh an Beartas Spórt Éireann maidir le hÉagsúlacht agus Ionchuimsiú sa Spórt i mBealtaine 2022 ina léirítear a fhís d'earnáil spóirt a cheiliúrann éagsúlacht, a chuireann ionchuimsiú chun cinn, agus atá réamhghníomhach maidir le deiseanna don rannpháirtíocht fad saoil a chur ar fáil do chách.

Aithnítear go soiléir sa Straitéis um Chomhtháthú na nImirceach an buntáiste a bhaineann le gnóthaí spóirt maidir le comhtháthú na n-inimirceach trí rannpháirtíocht, saorálaíocht agus páirt i gcúrsaí rialachais a spreagadh. Tá ionadaíocht ag Spórt Éireann ar an Fhochoiste maidir le Saoránacht Ghníomhach faoin Choiste Monatóireachta agus Comhordaithe i ndáil leis an Straitéis maidir le Comhtháthú na nImirceach.

In 2022, lean Spórt Éireann ar aghaidh lena chomhpháirtíocht le Sporting Pride chun feachtas bliantúil lena dtacaítear leis an phobal IADTI+ a reáchtáil. Is é atá mar aidhm ag an fheachtas #LetsGetVisible ná aitheantas agus tacaíocht a thabhairt d'infheictheacht agus ionadaíocht sa phobal IADTI+, le béim ar leith ar an earnáil spóirt.

In R4 2022, chuir Spórt Éireann tús le tionscadal chun treoir agus tacaíochtaí a fhorbairt san earnáil spóirt i leith ionchuimsithe do dhaoine trasinscneacha agus neamh-dhénártha sa spórt agus sa ghníomhaíocht fhisiciúil.

**Spóirt Mhachaire don Óige**

Cuireadh cistí €10.4m ar fáil faoin cheannteideal seo i rith na bliana 2022. Áirítear leis sin leithroinnt €2.4m don Chumann Lúthchleas Gael agus €2.25m do Chumann Rugbaí na hÉireann chun tacú lena gcuid oibre maidir le rannpháirtíocht sa spórt i measc daoine óga a mhéadú. I gcomhréir leis an Mheabhrán Tuisceana idir an Rialtas agus Cumann Peile na hÉireann (CPÉ), chuir Spórt Éireann leithdháileadh de €5.8m ar fáil don CPÉ in 2022 le haghaidh clár ar leibhéal an phobail agus chun tacú le forbairt réimsí eile de chuid CPÉ.

**Spórt Éireann - Amuigh Faoin Aer**

Lean Spórt Éireann ar aghaidh ag tacú le gach conair siamsaíochta forbartha in Éirinn ar Chlár Náisiúnta na gConairí. In 2022, rinneadh iniúchadh ar 313 chonair, rud a d'fhág go raibh 868 gconair ar an iomlán ar Chlár Náisiúnta na gConairí faoi dheireadh 2022.

Chuir Spórt Éireann tús le céim chur i bhfeidhm, a mhairfidh ar feadh 18 mí, maidir le bunchlár agus bunachar digiteach le haghaidh áiseanna spóirt agus siamsaíochta trí thacaíocht ó Chiste Éire Shláinte. Leis an chéim chur i bhfeidhm seo beidh rannpháirtíocht chuimsitheach le geallsealbhóirí, soláthar sonraí, forbairt bhranda, forbairt theicniúil, forbairt chreata measúnaithe agus plean cumarsáide. Meastar go seolfar an bunachar in 2023.

Sheol an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an Straitéis Náisiúnta um Áineas Lasmuigh - Amuigh Faoin Aer in Éirinn in 2022. Thacaigh an tAonad Taobh Amuigh le forbairt na straitéise rialtais agus tras-eagraíochta seo, i gcomhar leis an earnáil taobh amuigh ar fad. Trí cheannaireacht agus tacaíocht ón Aonad Taobh Amuigh i leith a fhorbartha, aimsítear Spórt Éireann mar cheannaire san áineas taobh amuigh in Éirinn agus mar thoradh ar sin, tá sé de chúram ag an aonad a bheith i gceannas ar roinnt gníomhartha sa straitéis.

Is ball lárnach é Spórt Éireann in Leave No Trace Ireland agus thacaigh siad lena bhfeachtas feasachta ilgheallsealbhóra chun iompar freagrach taobh amuigh a chur chun cinn. Forbraíodh teachtaireachtaí tábhachtacha chun dul i ngleic le fadhbanna séasúracha cosúil le caitheamh bruscair, tinte agus salú ag madraí.


*Trá na dTulán, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall*

**Seachtain Eorpach an Spóirt 2022**

Tharla Seachtain Eorpach an Spóirt idir an 23ú agus an 30ú Meán Fómhair, agus Spórt Éireann ag tacú le roinnt príomhimeachtaí cosúil le Lá Lapadaíola #BeActive, Féile #BeActive @ an Campus Náisiúnta Spóirt, Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, agus SwimFest.

Bhí imeachtaí do Sheachtain Eorpach an Spóirt ag tarlú idir an chéad lá de Mheán Fómhair agus 14 Deireadh Fómhair. I rith an fheachtais cuireadh 832 deis spóirt ar fáil do 1,036,000 rannpháirtí thar 46 gníomhaíocht spóirt difriúla. I measc bhuaicphointí na seachtaine bhí an Féile #BeActive ar Champas Náisiúnta Spórt Éireann le níos mó ná 5,000 duine ag baint triail as 30 deis spóirt difriúla faoi stiúir na CRN ar Dé Sathairn 24ú Meán Fómhair.

**Ciste na gCuntas Díomhaoin 2022**

Ceadaítear leithroinnt €12m i ndáil le bearta spóirt sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin, arna ullmhú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail san bhliain 2022. Cuirtear bonn leis an chistíocht sin faoi chláir agus faoi thograí a chuidíonn le:

- forbairt phearsanta agus shóisialta dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíochta nó shóisialta
- forbairt oideachais dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachais nó
- daoine faoi mhíchumais

### 2. Cúrsaí Feidhmíochta (Imirt agus iomaíocht ar leibhéal atá ag teacht leis an leibhéal chumais)

Tháinig méadú ar infheistiú CRN in 2022 le €1.155m sa bhreis infheistithe san earnáil, rud a d'fhág go raibh croíchistíocht de €15m curtha ar fáil do na CRNanna. Cuireadh cistíocht COVID-19 de €15m leis an infheistiú seo fosta, chomh maith le cistíocht €35m faoin Scéim Fuinnimh.

### 3. Cúrsaí Ardfheidhmíochta (A mbeifí ina acmhainn a bhaint amach ar na leibhéil is airde iomaíochta)

Is plean fadtéarmach é Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2021-2032 maidir le córas ardfheidhmíochta na hÉireann lena leagtar amach spriocanna a bhfuil dúshlán ag baint leo, ach ar féidir iad a thabhairt i gcrích, chomh maith le bearta soiléire atá le déanamh ar fud seacht réimse straitéise. Agus an plean á chur i bhfeidhm le dhá bhliain, tá tús áite tugtha ag Spórt Éireann do

spriocanna a bhaineann le hinfheistíocht san ardfheidhmíocht, tacaíochtaí do lúthchleasaithe, cóitseáil agus seirbhísí den scoth, agus rialachas. Tá tairbhe bainte ag an Straitéis as acmhainní méadaithe ina blianta luatha, a chuir na forbairtí córasacha suntasacha seo ar fáil. Is léir seo ó leanúint ar aghaidh an mhaoinithe ilbhliantúil, agus na tacaíochtaí do lúthchleasaithe cosúil leis an Chlár Aistrithe do Lúthchleasaithe agus an scéim mhaoinithe d'imreoirí nua Haca na mBan.

**Infheistíocht na bliana 2022**
Rinne Spórt Éireann níos mó ná €21m a infheistiú i spórt ardfheidhmíochta i rith na bliana 2022 (Foras Spórt Éireann san áireamh). Tugtar san áireamh leis an infheistíocht seo: €10.721M do CRN Spóirt maidir le cláir ardfheidhmíochta dá gcuid a chur i gcrích; €3.685m i maoiniú díreach do lúthchleasaithe trí Scéim na gCartaí Idirnáisiúnta Spórt Éireann, clár Aistriú Gairme do Lúthchleasaithe; an Scéim Maoinithe d'Imreoirí (Haca na mBan); agus Scéim Phroifisiúnta Ghalf Éireann.

Cuireadh leithdháileadh de €950,000 i maoiniú d'Oibríochtaí agus Riarachán Ardfheidhmíochta ar fáil do Chónaidhm Chluichí Oilimpeacha na hÉireann agus do Chumann Parailimpeach na hÉireann. Chomh maith, chuir Spórt Éireann maoiniú de €1.925m ar fáil trí Mhaoiniú Tionchair Ardfheidhmíochta do chúig déag CRN agus comhlacht maoinithe in 2022. Cinntítear le Maoiniú Tionchair go bhfuil méid solúbthachta taobh istigh den chóras ardfheidhmíochta agus go bhfuil cumas ann freagairt dhearfach a thabhairt do dheiseanna feidhmíochta nó dúshláin airgeadais réasúnta taobh istigh de na CRNanna.

Cuireadh €3.72m breise ar fáil d'Fhoras Spórt Éireann maidir le seirbhísí taca don ardfheidhmíocht spóirt. D'fhág an infheistíocht iomlán €21m ardú €3.1m i gcomparáid leis an bhliain 2021.

**Toradh Feidhmíochta na bliana 2022**
Bhuaigh Éire 105 bonn ag mórimeachtaí idirnáisiúnta faoi scáth CRN Spóirt a fhaigheann cúnamh trí Chistí Chlár Ardfheidhmíochta Spórt Éireann go díreach. Seo an méid is mó bonn mór idirnáisiúnta a bhuadh riamh. Bhí 44 acu seo ar leibhéal Sinsearach, agus tháinig an 61 eile ó imeachtaí Neamhshinsearacha (*Leibhéal Faoi 23/Sóisearach/Óige*).

Tríd an chóras ardfheidhmíochta fuarthas 8 mbonn ag Craobhacha Domhanda i spóirt Oilimpeacha agus 12 bhonn ag Craobhacha Domhanda i spóirt Pharailimpeacha. Is léir ó thorthaí feidhmíochta in 2022 go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh sa chóras ardfheidhmíochta, atá méadaithe ag níos mó infheistíochta.

Miondealú:
Iomlán: 33 bhonn óir, 28 mbonn airgid agus 44 bhonn cré-umha.
Neamh-Shinsearach *(Leibhéal Faoi 23/Sóisearach/Óige)*: 16 Bhonn Óir, 17 mBonn Airgid, 28 mBonn Cré-umha
Sinsearach: 17 mBonn Óir, 11 Bhonn Airgid, 16 Bhonn Cré-umha

I rith Thimthriall Oilimpeach Pháras go dtí seo, tá 167 mbonn buaite ag Éirinn ag mórimeachtaí idirnáisiúnta. Fágann sé seo go bhfuil Éire ar an chúrsa cheart chun an sprioc maidir le 270 bonn a bhuaigh i rith an Timthrialla a bhaint amach, de réir an Phlean Gníomhaíochta don Spórt 2021-2023.



*Foireann rugbaí ban Sevens na hÉireann*

## 4. Rialachas maidir le Spórt Éireann - Forbairt ar earnáil sháréifeachtúil spóirt a chur chun cinn d'fhonn dul i bhfeidhm go mór ar fud na tíre ar fad.

Faoin Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 (Gníomh 31), dlitear ar na comhlachtaí ar fad dá dtugtar maoiniú aontú leis an Chód Rialachais Spóirt. Tá dearbhaithe go dtí seo ag 93 as 100 eagras san earnáil spóirt go bhfuil glacthu acu leis an Chód agus tá cáipéisíocht curtha faoi bhráid Spórt Éireann ag ceithre eagras eile.Tá fuílleach 3 eagras i mbun an chúraim go fóill agus Spórt Éireann ag fanacht go gcuirtear an cháipéisíocht faoina bhráid tráth is faide anonn.

I rith na bliana 2022, lean Spórt Éireann ag fónamh d'eagrais faoi Chlár Tacaíochta maidir le Cúrsaí Rialachais (ar a dtugtar "Gov-Enhance") le 17 bpríomhimeacht ag tarlú i rith na bliana. Chríochnaigh an clár le tabhairt i gcrích na Comhdhála Rialachais Bliantúla de chuid Spórt Éireann i mí na Samhna, ar a d'fhreastail níos mó ná 130 rannphháirtí.

I mí na Nollag 2022, sheol Spórt Éireann na sonraí is déanaí maidir le Léargas ar Mhná i gCeannaireacht Spóirt, a léirigh méadú eile i meánmhéid ban ar bhoird, suas ó 32% in 2021 go 36% in 2022. Feictear sa léargas fosta go bhfuil méadú tagtha ar an chéatadán ban ar bhoird CÁSanna ó 37% go 39%. Bhí an céatadán riachtanach (40%) ban ar a mboird bainte amach ag 50% de chomhlachtaí spóirt a bhí san áireamh leis na sonraí.

**Is é an cuspóir ná forbairt Champas Spórt Éireann a éascú agus maoirseacht a dhéanamh ina leith.**

### Campas Spórt Éireann

I Samhain 2022, rinne an Rialtas athdhaingniú ar a ghealltanas maidir le tabhairt i gcrích chéimnithe **Champas Spórt Éireann** agus cheadaigh sé máistirphlean i leith a fhorbartha amach anseo. Leis an mháistirphlean, cuirtear creat i leith fhorbairt fhadtéarmach an Champais as seo go ceann 15-20 bliain ar fáil, le háiseanna spóirt den scoth do lúthchleasaithe ardleibhéil, áiseanna i leith úsáide siamsaíochta agus pobail, spás oifige do na Comhlachtaí Rialachais Náisiúnta agus lóistín do lúthchleasaithe. Is é atá mar fís don champas ná go mbeidh sé ina ionad áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta don sármhaitheas sa spórt in Éirinn, baile d'fhorbairt lúthchleasaithe agus croílar do chur chun cinn an spóirt, na folláine agus na dea-bhaile laistigh den phobal.

Tá an **tIonad Náisiúnta Veileadróm agus Badmantan** ar cheann de na chéad tionscadal a bhfuiltear ag súil go dtabharfar i gcrích é faoin mháistirphlean. Is é an cuspóir atá leis an tionscadal seo ná cur le rath cláir ardfheidhmíochta agus chun rannpháirtíocht sa raonrothaíocht agus sa badmantan a mhéadú, le tionchar dearfach ar mhórtas náisiúnta agus ar dhea-bhail shóisialta. I Nollaig 2022, chuir Comhairle Contae Fhine Gall in iúl do Spórt Éireann go raibh siad chun ceadúnas pleanála a thabhairt. Tugadh an ceadúnas pleanála deiridh in Eanáir 2023.

### Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Áiseanna Spórt Éireann

Is fochuideachta de chuid Spórt Éireann í CGA Áiseanna Spórt Éireann atá freagrach as an ghnáthobair bhainistíochta maidir le háiseanna Champas Spórt Éireann agus as oibriú na n-áiseanna sin ó lá go lá. Chuir COVID-19 isteach go mór ar oibríochtaí an Champais i rith 2021. Thosaigh líon na gcuairteoirí ag teacht ar ais go dtí an gnáthleibhéal in 2022, i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin. 799,681 cuairt a tugadh ar an Ionad Náisiúnta Uisce, 462,748 ar an Láthair Náisiúnta Faoi Dhíon agus 103,172 ar na páirceanna Sintéiseacha. Ar an iomlán, bhí 1.3 milliún cuairt ar an Champas in 2022, i gcomparáid le 1.6 milliún cuairteoir in 2019, roimh an phaindéim.

**Is é an cuspóir ná na freagrachtaí a leagtar ar Éirinn i ndáil le cúrsaí spóirt ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a shásamh.**

### Frithdhópáil

Tá Córas Frith-Dhópála Spóirt na hÉireann á oibriú ag Spórt Éireann agus leantar den dul chun cinn i réimsí na tástála, an oideachais agus an taighde. Tá an Córas mar pháirt de chóras idirnáisiúnta ar a bhfuil dea-chlú ó thaobh sárfheabhais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá tábhacht leis sin don spórt agus do lúthchleasaithe na hÉireann agus iad i mbun iomaíochta ar na leibhéil is airde, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Tá an tAonad Frithdhópála ag obair i gcónaí de réir na gcaighdeán is airde faoi mar is léir ón chreidiúnú ISO a choinneáil tar éis dul faoi iniúchadh i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus déanann siad ceannródaíocht d'fhonn tionchar a imirt ar chruinnithe NADO agus WADA maidir leis an chóir agus cothrom na Féinne i gcúrsaí spóirt. Measadh go raibh Spórt Éireann i gcomhréir le Cód na Gníomhaireachta Domhanda um Frithdhópáil (WADA) in 2022. In 2022, lean Spórt Éireann ag fónamh do Ghrúpa Monatóireachta Chomhairle na hEorpa maidir leis an Choinbhinsiún Fhrithdhópála agus do Ghrúpaí Comhairleacha Chomhairle na hEorpa maidir le hOideachas agus Eolaíocht. Thug ochtar saineolaí measúnaithe ó Choinbhinsiún Frithdhópála Chomhairle na hEorpa cuairt ar oifig Spórt Éireann idir an 5ú agus an 7ú Deireadh Fómhair. Bhí na saineolaithe ón fhoireann mheasúnaithe ar an láthair ar feadh dhá lá go leith, áit ina ndearna siad athbhreithniú ar Chóras Frithdhópála Spóirt na hÉireann maidir leis an Choinbhinsiún Fhrithdhópála.

**Cuspóir: Freastal d'fhorbairt áiseanna spóirt ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus a chinntiú go gcuirtear an cúnamh ar fáil ar bhealach atá cothrom maidir leis na réigiúin agus atá dírithe ar cheantair faoi mhíbhuntáiste**

### An Clár Caipitil agus Trealaimh Spóirt

Is é an Clár Caipitil agus Trealaimh Spóirt (SCEP) an príomhbhealach ina gcuirtear cúnamh Rialtais ar fáil maidir le háiseanna spóirt agus caitheamh aimsire a fhorbairt agus trealamh spóirt neamhphearsanta a cheannach ar fud na tíre.

Tá leas bainte ag níos mó ná 13,000 tionscadal ón bhliain 1998 i leith agus luach iomlán de níos mó ná €1.15 billiún leis an mhaoiniú a cuireadh ar fáil. Tugtar gealltanas i gClár an Rialtais leanúint leis an Chlár agus tús áite a thabhairt d'infheistíocht i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste.

Ar an 1 Márta 2021 a bhí an dáta deiridh maidir le hiarratais faoi bhabhta 2020 den Chlár. 3,106 iarratas a cuireadh isteach faoin dáta sin, an líon is airde riamh.

Tograí 'trealamh-amháin' a bhí i gceist le timpeall míle de na hiarratais a tháinig isteach. Rinneadh na hiarratais sin a mheas ar dtús agus fógraíodh deontais dar luach foriomlán €16.6m ar an 6

Lúnasa 2021. Rinneadh na hiarratais ar chistí caipitil a mheas ina dhiaidh sin agus fógraíodh 1,865 deontas faoi leith dar luach foriomlán breis agus €143.8m Dé hAoine, an 11 Feabhra 2022.

Bhí na hiarratasóirí nach raibh rathúil ábalta achomharc a dhéanamh ar chinneadh na Roinne. Ar an Luain 4 Aibreán a bhí an spriocam le haghaidh iarratas ar achomhairc chaipitil agus fuarthas 146 iarratas. Fógraíodh na leithdháiltí a d'éirigh as achomhairc rathúla, ar luach iomlán €6.14 milliún, ar an Mháirt 31 Bealtaine, 2022. Rinneadh leithdháileadh iomlán €166.6m don bhabhta 2020.

I Nollaig 2022, cheadaigh na hAirí leithdháileadh €882,506 i leith deontas "trealaimh" ar na Comhlachtaí Rialachais Náisiúnta Spóirt [CRN]. Bunaithe ar mhol Spórt Éireann a rinneadh leithdháileadh na ndeontas ar na heagrais éagsúla. Bhí iarrtha ar Spórt Éireann tograí a lorg agus a mholadh trína gcuirfí Beartas Náisiúnta Spóirt an Rialtais chun cinn le béim ar réimsí rannpháirtíochta, iomchuimsitheachta, rannpháirtíocht na mban i gcúrsaí spóirt & cur le haclaíocht fhisiciúil amuigh faoin aer. Cuireadh sraith iarratais faoi leith san áireamh freisin d'fhonn Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2021-2032 a thabhairt i gcrích. Bhí an ciste ar fáil ag gach CRN atá aitheanta ag Spórt Éireann. Áirítear leithdháileadh mar seo a leanas ar thorthaí na beartaíochta:

- €882,506 chun fónamh do dheiseanna breise rannpháirtíochta á gcur chun cinn ag 9 CRN
- Tacaíodh le 11 tionscadal ar an iomlán
- Tá €864,750.77 tarraingthe síos agus íoctha.
- Dheimhnigh Spórt Éireann nach raibh aon caiteachas bailí eile le haghaidh aisíocaíochta agus cuireadh deireadh leis an chlár




### An Ciste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála

Déantar foráil faoin Bheartas Náisiúnta Spóirt do *Chiste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála (CBSM)* le €100m ar a laghad á gcur ar fáil amach go dtí an bhliain 2027. Bhí béim leis an chiste ar dtús ar riachtanais agus pleananna forbartha na gComhlachtaí Rialachais Náisiúnta maidir le cineálacha éagsúla spóirt agus na húdaráis áitiúla. Tar éis próisis mhionsonraithe mheasúnaithe, fógraíodh leithdháileadh sealadach €82.4m ar 32 iarratasóir rathúla in Eanáir 2020. Rinneadh €3.991m breise a leithdháileadh go sealadach ina dhiaidh sin maidir le staid a fhorbairt i nDún na nGall. Ba é caiteachas iomlán in 2022 ar an 33 leithdháileadh seo ná €1,895,561.

Ní mór tabhairt faoi deara gur fógraíodh na chéad leithdháiltí CBSM díreach roimh theacht phaindéim Covid-19. Ar ndóigh cruthaíodh go leor dúshlán airgeadais suntasach roimh gach deontaí mar gheall ar an phaindéim, agus bhí ar go leor acu a bpleananna caiteachais a atheagrú de bharr laghduithe ina sruthanna ioncaim. Le déanaí, tá dúshláin mhóra cruthaithe do dheontaithe ag an leibhéil ard boilscithe san earnáil tógála. I bhfianaise na gceisteanna seo, thug an Roinn faoi athbhreithniú ar an dul chun cinn a bhí déanta ag gach tionscadal a tugadh deontas dó, agus ina dhiaidh sin tugadh cuireadh in 2023 do gach deontaí chun iarratas a chur isteach ar mhaoiniú breise. Mar pháirt den Athbhreithniú, tá an Roinn ag déanamh machnaimh ar na riachtanais ama agus maoinithe i leith aon éilimh nua ar mholtaí.

### Clár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil

Faoi *Chlár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil* (CLSUA), cuirtear cabhair deontais ar fáil maidir le costais chaipitil linnte snámha nua nó costas athchóiriúcháin ar linnte snámha atá ann cheana. Tá 52 linn snámha críochnaithe go dtí seo agus in 2022 íocadh €2,767,720 i leith na linnte snámha nua i Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath. Rinneadh dul chun cinn suntasach i leith na n-áiseanna linne snámha in Ollscoil Luimnigh a uasghrádú fosta in 2022. San am atá romhainn, is faoin Chiste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála (CBSM) a bhreithneofar ar thionscadail linnte snámha.

### Mórimeachtaí

Cuireadh Aonad na Mórimeachtaí Spóirt ar bun sa bhliain 2019 d'fhonn comhordú a dhéanamh maidir le cúnamh an Rialtais do mhórimeachtaí spóirt agus beartas agus straitéise i ndáil le mórimeachtaí idirnáisiúnta spóirt a thabhairt chun cinn. Is féidir an ról atá leis an aonad a leagan amach mar seo a leanas, go hachomair:

(i) Meastóireacht – measúnú a dhéanamh ar an bhonn eacnamaíochta, spóirt agus shóisialta maidir le tairiscint a chur isteach ar Mhórimeacht Spóirt a óstáil
(ii) Tairiscint – cúnamh taca a chur ar fáil maidir le tairiscintí i ndáil le Mórimeachtaí Spóirt, go háirithe i ndáil le hurraí Rialtais, cúnamh taca na seirbhísí poiblí agus, más gá, cistíocht maidir leis an tairiscint.
(iii) Cur i gCrích – cúnamh taca i ndáil le heagrú agus cur i gcrích, de réir mar is cuí.

Luaitear i gClár an Rialtais gealltanas maidir le Straitéis a leagan amach i leith Mhórimeachtaí Spóirt a mhealladh go hÉireann. Is é cuspóir an ghealltanais seo ná oibriú amach an mbeadh sé oiriúnach don Rialtas mórimeachtaí idirnáisiúnta spóirt a óstáil agus an bealach a dtabharfadh siad faoin tasc sin, na buntáistí ar cheart dóibh a bhaint as imeachtaí dá leithéid, na tacaíochtaí ar féidir leo cur ar fáil agus na cineálacha imeachtaí a thabharfaidh siad tús áite dóibh i leith tacaíochta. I rith 2022, tugadh le chéile an taighde polasaí cuimsitheach agus comhairliúchán poiblí a tugadh fúthu an bhliain roimhe sin agus tá an t-eolas seo á chur le chéile i bpáipéar polasaí ardleibhéal a bhfuiltear ag súil go bhfoilseofar é in 2023.

Chomh maith le polasaí nua a fhorbairt, bhí baint ag an aonad in 2022 le scrúdú ar imeachtaí éagsúla agus le cúnamh taca i leith imeachtaí áirithe. Leagtar cuid acu amach thíos.

### Corn Ryder 2027

Tar éis plé a dhéanamh le Camchuairt Eorpach an Chumainn Ghailf Ghairmiúil (PGA), d'aontaigh an Rialtas i mí Iúil 2019 pacáiste cúnamh airgid maidir le Corn Ryder 2026 a óstáil in Áth Dara, Co. Luimnigh. Lean ullmhúcháin ar aghaidh in 2022 i leith an comórtas a óstáil in 2027, agus tá grúpa stiúrtha, comhdhéanta de Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha, curtha ar bun.

### UEFA EURO 2028

D'fhógair na cumainn pheile sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn i mí Feabhra 2022 gur shocraigh siad nach raibh an cuma ar an scéal go n-éireoidh le tairiscint ar Chorn Domhanda FIFA 2030. Chuir siad in iúl go raibh sé ar intinn acu comhthairiscint a dhéanamh ar Chomórtais Eorpacha UEFA a óstáil in 2028.

Ar an 22 Márta 2022, chinn an Rialtas go dtacóidh siad le Léiriú Spéise ón FAI i leith an comórtas EURO 2028 a óstáil.

Ar an 15 Samhain, i ndiaidh scrúdaithe mhionsonraithe ar an mholadh ó Aonad na Mórimeachtaí, chinn an Rialtas go dtacóidh siad le aighneacht réamhthairisceana an FAI i leith EURO 2028 a óstáil. Chuir na cumainn pheile an réamhthairiscint faoi bhráid UEFA ar an 16 Samhain. Críochnaíodh anailís chostais is tairbhe mhionsonraithe agus i ndiaidh scrúdaithe bhreise ar an mholadh, chinn an Rialtas in Aibreán 2023 go dtacóidh siad le haighneacht Sainchomhaid Tairisceana Dheiridh ó na Cumainn Pheile. Cuireadh é seo isteach ar an 12 Aibreán.

Bheadh gnéithe eile an tionscadail seo, cosúil leis na buntáistí Tuaisceart-Deisceart agus Oirthear-Iarthar mar pháirt den tairiscint ar EURO 2028 de chuid na gcúig chumann peile. Is dócha go mbeadh éifeacht dhearfach ag cluichí i mBaile Átha Cliath agus Béal Feirste ar thurasóireacht in Éirinn, agus go mbainfidh foirne úsáid as áiteanna traenála ar an dá chuid den oileán. Táthar ag súil go ndéanfaidh UEFA cinneadh maidir le óstaigh EURO 2028 i mí Dheireadh Fómhair 2023.

### Cluiche Ceannais Shraith Europa UEFA

I mí Iúil 2021, d'fhógair UEFA go raibh ceartaí óstála do Chluiche Ceannais Shraith Europa 2024 á mbronnadh ar Staid Aviva i mBaile Átha Cliath mar gur tarraingíodh ceartaí óstála UEFA EURO 2020. Is comórtas dara leibhéil pheil chlub na hEorpa de chuid UEFA í an tSraith Europa, agus tá ardú tagtha ar a sheasamh ó rinneadh óstáil uirthi go deireanach i mBaile Átha Cliath in 2011.

Tá tacaíocht tugtha ag an Aonad Mórimeachtaí Spóirt do Chumann Peile na hÉireann agus do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus iad ag ullmhú don imeacht, atá chun tarlú i mBealtaine 2024, a óstáil agus a thabhairt i gcrích.

### Corn Domhanda Cruicéid ICC T20 2030

Ar an 16 Samhain 2021, d'fhógair an Chomhairle Idirnáisiúnta Cruicéid (ICC) go roghnaíodh Éire agus an Ríocht Aontaithe chun Corn Domhanda Cruicéide na bhFear T20 2030 a óstáil. Bhí litir tacaíochta ginearálta seolta ag an Aire Stáit Jack Chambers roimhe sin chuig an Chomhairle Idirnáisiúnta ag tacú leis an chomhthairiscint seo de chuid Bhord Cruicéid Shasana, Cruicéad na hAlban agus Cruicéad na hÉireann.

Cé go bhfuil na sonraí le deimhniú go fóill, is mór an leas a bhainfeadh Cruicéad na hÉireann as páirt den chomórtas seo a óstáil nuair atá lucht féachana domhanda ollmhór aige agus líon mór turasóireachta i gceist maidir le lucht féachana tráth na hócáide.

### Sraith Chlasaiceach Pheile Choláiste Aer Lingus

Is comhar poiblí-príobháideach rathúil agus réamhghníomhach é an tsraith chúig chluiche Chlasaiceach Pheile Coláiste Aer Lingus. I rith 2022, tharla an chéad chluiche den tsraith chúig chluiche i Staid Aviva i Lúnasa 2022 idir na Nebraska Cornhuskers agus na Northwestern Wildcats. D'fhreastal 43,537 duine ar an chluiche, agus tháinig níos mó ná 18,000 acu siúd ó thar lear. Bhí suim ollmhór sna cluichí seo sna Stáit Aontaithe fosta. Dheimhnigh teilifís Fox gur choimhéad 4.4 milliún duine ar an chluiche. Lean ullmhúcháin don chluiche 2023 idir Notre Dame agus Navy in 2022 agus tá tús curtha le díolacháin ticéad, le níos mó na 40,000 díolta cheana féin. Tá cluiche 2024 fógartha fosta.

### Tour de France – Grand Depárt

Is é an Tour de France an rás rothaíochta is mó ar an domhan. I rith an dara leath de 2022, tharla pléite idir an Aire agus a macasamhail i dTuaisceart Éireann, maidir le comhthairiscint Tuaisceart/Deisceart a d'fhéadfadh a dhéanamh chun Grand Départ a óstáil sa todhchaí, an chéad 3 chéim den rás. Mar thoradh ar na pléite seo, d'eisigh an Roinn comhlitear spéise go ASO, eagraitheoirí an Tour de France go déanach in 2022. Chuaigh oifigigh ón Roinn i gcomhpháirt lena macasamhlacha i dTuaisceart Éirinn chun grúpa tionscadail a chur ar bun chun sonraí na tairisceana a oibriú amach agus lean na pléite ar aghaidh in 2023.


## 9. Craolacháin agus na Meáin Chumarsáide

**<u>Sprioc E</u>**

Tacú le soláthar meáin thráchtála, phobail agus seirbhíse poiblí a shásaíonn riachtanais lucht féachana / éisteachta na hÉireann agus timpeallacht rialála a chur ar fáil a thacaíonn le sábháilteacht ar líne agus earnáil meán saor, iolrach agus éagsúil in Éirinn.

---

***Caiteachas €288.4m de réir príomhréimsí caiteachais***




### *Forléargas*

Tá ról lárnach ag Earnáil an Chraolacháin agus na Meán Cumarsáide inár sochaí – mar fhoinse nuachta agus eolais neamhspleách a bhfuil muinín an phobail inti agus a éascaíonn comhrá agus díospóireacht; a thacaíonn le dea-bhail na sochaí trí rochtain ar siamsaíocht, spórt agus cultúr a chur ar fáil; agus a thacaíonn le gníomhaíocht gheilleagrach, go háirithe in earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta. Bhí dul chun cinn ann maidir le roinnt spriocanna polasaí agus reachtaíochta agus baineadh roinnt acu amach, rud a chuireann bonn le tacaíocht leanúnach ar earnáil meán cumarsáide na hÉireann atá neamhspleách, éagsúil agus inbhuanaithe.

## An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022

Leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán (OSMR) 2022, rinneadh Údarás Craolacháin na hÉireann a fhoirceannadh, Coimisiún na Meán a chur ar bun, ar chomhlacht rialála ilrialtóra é le Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne mar pháirt dó, creat rialála maidir le sábháilteacht ar líne a chur ar bun, an creat rialála maidir le seirbhísí meán closamhairc a leasú, agus trasuí na Treorach leasaithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (Treoir 2018/1808/AE) i ndlí in Éireann a éascú. I rith 2022, thug an Roinn, i gcomhar le hÚdarás Craolacháin na hÉireann, faoi obair ullmhúcháin i leith bhunú Choimisiún na Meán, cosúil le tabhairt i gcrích an phróisis earcaíochta do phost an Chathaoirligh Fheidhmiúcháin agus baill an Choimisiúin.

Cheadaigh an Rialtas foilseachán an Bhille OSMR ar an 12 Eanáir 2022. Tionscnaíodh an Bille ansin i Seanad Éireann ar an 25 Eanáir 2022 agus i nDáil Éireann ar an 11 Iúil 2022 ionas gur féidir plé a dhéanamh ar a achtú. Rinneadh grinnscrúdú ar an Bhille sa dhá Theach an Oireachtais, ar feadh 30 uaire sa tSeanad agus timpeall 10 n-uaire sa Dáil sular rinneadh dlí de ar an 10 Nollaig 2022.

I rith 2022, reáchtáladh roinnt cruinnithe geallsealbhóirí freisin chun plé a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla na reachtaíochta beartaithe. Mar shampla, agus i measc go leor rudaí eile, bhí cruinnithe fiúntacha ag an Roinn le heagraíochtaí ionadaíocha cosúil le Technology Ireland (Ibec), eagraíochtaí cearta páistí cosúil le Children’s Rights Alliance, agus eagraíochtaí neamhrialtais eile cosúil le Irish Heart Foundation agus Samáraigh Éireann.

## An Córas Gearán Aonair

Ar an 24 Eanáir 2022, i bhfianaise tuairimí láidre geallsealbhóirí éagsúla, chuir an tAire Martin grúpa saineolaithe ar bun chun iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht foráil a dhéanamh do chóras gearán aonair sa Bhille OSMR, mar a bhí sé ag an am. Ba é cuspóir an chórais seo ná go mbeadh duine aonair ábalta gearán faoi phíosa ar leith d’ábhar díobhálach ar líne a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán.

Léirigh an grúpa saineolaithe, ina thuarascáil, go dtacaigh siad le hindéantacht a leithéid de chóras, ag brath ar chúinsí áirithe, cosúil le go dtabharfar isteach é ar bhonn céimnithe. Mar thoradh ar seo, thug an tAire Martin leasuithe isteach ag Céim an Choiste Dála chun go bhforáiltear do mholtaí an ghrúpa saineolaithe agus go gcuirtear bonn dlithiúil ar fáil don Choimisiún agus iad ag cur scéimeanna gearán aonair ar bun faoin Acht OSMR.



*Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, foilsithe ag an Rialtas in Iúil 2022*

## An Coimisiún um Thodhchaí na Meán

D'fhoilsigh an Rialtas Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán ar an 12ú Iúil, 2022, leis an Rialtas ag glacadh, i bprionsabal, le 49 as 50 mholadh de chuid na Tuarascála, agus ag socrú ar chur chuige malartach i leith mholadh an Choimisiúin maidir le athchóiriú a dhéanamh ar mhúnla maoinithe na meán seirbhíse poiblí.

Ina leith seo, chuir an Rialtas Grúpa Oibre Teicniúil ar bun chun iniúchadh a dhéanamh ar athchóiriú agus feabhas an Chórais Cheadúnas Teilifíse. Chuir an Grúpa tús lena obair i Meán Fómhair le deireadh an chéad ráithe de 2023 mar spriocdháta i leith a obair a chríochnú agus a thuarascáil a chur faoi bhráid an Rialtais.

Ionas gur féidir an 49 moladh eile a chur i bhfeidhm, chuir an Rialtas Grúpa Forfheidhmithe idir-rannach ar bun chun níos mó plé a dhéanamh ar gach moladh, Plean Gníomhaíochta Forfheidhmithe a fhorbairt agus tuarascálacha tréimhsiúla ar dhul chun cinn a chur ar fáil don Rialtas.

Ó fhoilsiú Thuarascáil an Choimisiún tá dul chun cinn déanta i gcur i bhfeidhm roinnt de na moltaí comhaontaithe, cosúil le:

- Cur i bhfeidhm na Treorach Cópchirt;
- Obair leanúnach ar reachtaíocht Chlúmhillte a thabhairt chun tosaigh; agus
- Athbhreithniú ar Scéim Chartlannaithe Údarás Craolacháin na hÉireann a chríochnú.

I mBuiséad 2023, tugadh isteach roinnt beart chun cuid moltaí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm:

- Síneadh ar thacaíochtaí Alt 481;
- Tabhairt isteach ráta nialasach CBL do pháipéir nuachta;
- €6M a chur ar fáil chun tacú le Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus Scéim Tuairiscithe Cúirteanna.

## Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne

Feictear le Rialachán an AE maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, nó TCOR, go mbeidh córas ar fud an AE le haghaidh ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a bhaint go tapa agus tá feidhm aige maidir le soláthraithe seirbhíse óstála (SSÓanna) a scaipeann eolas ar an phobal laistigh den AE. Tháinig sé i bhfeidhm ar an 7 Meitheamh 2022.

I Samhain 2022, d'aontaigh an Rialtas go n-ainmneofar Coimisiún na Meán (CnaM) mar cheann de na húdaráis inniúla náisiúnta le haghaidh an TCOR a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann. Beidh sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhearta leasúcháin do sholáthraithe ar leith dá nochtadh ábhar sceimhlitheoireachta agus cur i bhfeidhm smachtbhannaí, lena n-áirítear pionóis airgeadais de suas le 4% de láimhdeachas domhanda, de bharr neamhchomhlíonta.

## An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán

Ar an 16 Meán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a mholadh maidir le Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán. Is iad príomhchuspóirí an mholta ná an margadh inmheánach a dhaingniú do sheirbhísí meán agus iolracht agus neamhspleáchas na meán a chosaint san AE. Thug an Roinn faoi anailís chuimsitheach ar fhorálacha an Ghnímh agus chuir sí tús le comhairliúchán dírithe le príomh-gheallsealbhóirí in 2022. Déanann seo eolas do sheasamh na hÉireann ag idirbheartaíochtaí AE, lena leanfar ar aghaidh in 2023.

## RTÉ

Déantar RTÉ a mhaoiniú le fáltais ó tháille an Cheadúnais Teilifíse agus ó ioncam tráchtála in éineacht. B'ionann an fáltas iomlán ón cheadúnas teilifíse i rith na bliana 2022 agus €220.9m agus ó shin fuair RTÉ €196.2m Chomh maith leis sin fuair RTÉ leithdháileadh Státchiste de €15m i gcomhréir le moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán.

Éilítear ar RTÉ, faoi fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, suim íosta reachtúil a chaitheamh ar chláracha arna léiriú ag earnáil le léiritheoirí neamhspleácha teilifíse agus raidió. B'ionann caiteachas iomlán na bliana 2022 agus €42.7m, caiteachas €2.9m os cionn an iosmhéid reachtúil.

I Samhain 2022, cheap an Rialtas Siún Ní Raghallaigh mar Chathaoirleach Bhord RTÉ, chomh maith le dhá cheapachán Bhoird eile i Márta agus i Samhain 2022.

### TG4

Maoinítear TG4 ón Státchiste don chuid is mó, le cuid ioncaim tráchtála, agus in 2022 fuair sé €45.1m (€40.9m de chistí reatha agus €4.2m de chistí caipitil) chun gealltanais chlár a mhaoiniú, cláir arna léiriú ag an earnáil léiritheoirí neamhspleácha san áireamh. Rinne TG4 13.32 uair a chloig de chláir Ghaeilge a chraoladh ar an mheán in aghaidh an lae.

I ndiaidh bheart TG4 cainéal nua Gaeilge do pháistí a chur ar bun, agus i ndiaidh an chomhairliúcháin iomchuí a thug Údarás Craolacháin na hÉireann faoi, tugadh cead do TG4 Cúla4 a chur ar bun. Leis an tseirbhís cuirfear seirbhís nuachta Gaeilge tiomanta ar fáil a bheidh dírithe ar dhaoine óga, tacófar le hábhar oideachasúil méadaithe (ceangailte leis an churaclam) agus forbrófar ábhar coimisiúnaithe nua, as a dtiocfaidh infheistíocht mhéadaithe san earnáil léiriúcháin Ghaeilge. Tá na haidhmeanna uilig seo ag teacht le straitéis TG4 iad féin, agus freisin tá siad ag teacht le polasaí an Rialtais maidir leis an Ghaeilge.

I Samhain 2022, cheap an Rialtas Anna Ní Ghallachair mar Chathaoirleach Bhord TG4, agus rinne siad sé cheapachán/athcheapachán Boird eile.

### An Ciste Craolacháin

B'ionann an maoiniú iomlán do (shean)Údarás Craolacháin na hÉireann tríd an Chiste Craolacháin agus €22.3m, Bhí sé seo comhdhéanta de €14.8m ó fháltais tháille an cheadúnais teilifíse agus €7.5m eile i maoiniú ón státchiste.

Leis an Chiste Craolacháin cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil do 182 clár raidió agus teilifíse faoin Scéim Fuaim & Fís 4. Ba cheart tabhairt faoi deara go bhfuil méadú ag teacht ar líon iomlán na gclár, cé go bhfuil an cuma ar an scéal go bhfuil laghdú ag teacht ar an líon tionscadal ó bhliain go bliain. Tá sé seo mar thoradh ar iarrachtaí chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus ionchur agus aschur na scéime a uasmhéadú trí chur chuige nua a ghlacadh i leith tionscadal fuaime níos lú.

I rith 2022, le maoiniú breise ón Státchiste, tharla scéimeanna a bhí tiomanta d'earnálacha craolacháin áirithe a thacú, cosúil le babhta a bhí dírithe ar chláir a bhain leis an athrú aeráide agus le gníomhú aeráide; babhta a bhí tiomanta do chláir Ghaeilge agus maoiniú a bhí dírithe ar chláir a thacaigh le earnáil cheoil na hÉireann.

### Toradh Saothair

| # | Teideal an Táscaire | Seachadta faoi dheireadh 2022 |
|---|---|---|
| 1 | Céatadán na ndaoine fásta 18+ a dtarraingíonn seirbhísí RTÉ a n-aird | 89% |
| 2 | Sciar den lucht éisteachta a fhaigheann Raidió RTÉ ar feadh an lae (daoine fásta 15+) | 28.3% |
| 3 | Sciar den lucht féachana a fhaigheann Teilifís RTÉ ar feadh an lae (daoine fásta 15+) | 26.8% |
| 4 | Uaireanta a chloig d'ábhar arna léiriú in Éirinn ar RTÉ One & RTÉ 2 | 6038 |
| 5 | Caiteachas RTÉ ar chláir teilifíse agus raidió ó léiritheoirí neamhspleácha | €42.74m |
| 6 | Meánlíon uaireanta a chloig de chláir Ghaeilge a craoladh in aghaidh an lae | 13.32 |

### Tionchair

| # | Teideal an Táscaire | 2022 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Líon na gclár nua teilifíse agus raidió agus na dtionscadal nua lena bhforáiltear do réimse cuimsitheach clár nua raidió pobail agus áitiúil, a bhainfidh pobail agus lucht féachana áitiúil tairbhe as, dár tairgíodh cistíocht faoi scéim Fís & Fuaim an Chiste Craolacháin | 182 | 221 | 235 |
| 2 | Meánlíon uaireanta a chloig d'ábhar clár teilifíse arna léiriú in Éirinn (RTÉ) | 6038 | 6101 | 6030 |

# 10. Comhoibriú Thuaidh-Theas

**Cuspóir F**

Comhoibriú Thuaidh-Theas a chur chun cinn, laistigh de chomhthéacs Thionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais, go háirithe i gcomhthéacs obair an Fhorais Teanga agus Turasóireacht Éireann.

---

## *Comhoibriú Trasteorainn*

Cuirtear maoiniú ar fáil don Fhoras Teanga chun an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné den saol ar fud an oileáin agus chun aird agus tuiscint níos fearr a chothú ar theanga agus ar chultúr na hUltaise.

Tá an Roinn tiomanta do chomhchistíocht agus do thacaíocht a chur ar fáil don Fhoras Teanga (comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus The Boord o Ulstèr-Scotch) agus do chuidiú leis an Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a fheidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta agus Chomhaontú Chill Rímhinn.

- Comhlíonann Foras na Gaeilge na cúraimí sonraithe ar fad i ndáil leis an Ghaeilge, ar a n-áirítear freastal d'fhorbairt agus do chur chun cinn na Gaeilge i réimsí poiblí agus i réimsí príobháideacha, agus tá freagracht ag Tha Boord o Ulstèr Scotch as forbairt na hUltaise, lena n-áirítear tuiscint níos forleithne faoin teanga agus faoi chúrsaí cultúir na hUltaise a chur chun cinn agus úsáid na teanga a chothú.

Cuireadh €17,062m ar fáil do Chomhoibriú Trasteorainn i mBuiséad 2022. Cuireadh maoiniú ar fáil don Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas, chomh maith le Foras na Gaeilge maidir le gníomhaíochtaí sainsonraithe a bhaineann le Clár na Leabhar Gaeilge agus Colmcille. I mBuiséad 2022 bhí ardú de €700,000 ar mhaoiniú an Fhorais Teanga. Mar sin féin, mar nach bhfuil na hinstitiúidí polaitiúla i dTuaisceart Éireann ag feidhmiú faoi láthair, an CATT san áireamh, ní rabhthas ábalta buiséid do na Comhlachtaí Forfheidhmiúcháin Thuaidh/Theas a fhaomhadh agus mar sin de, níor tugadh ceadúnas oifigiúil d'ardú buiséid 2022 i leith ghníomhaireachtaí an Chomhlachta Teanga Thuaidh Theas.

Ceadaíodh maoiniú in 2022 d'Fhoras na Gaeilge ionas gur féidir leo infheistiú a dhéanamh sna hearnálacha foilsitheoireachta agus foclóra, agus cuireadh leithdháileadh de €1.6m ar fáil do thionscnaimh faoi Ré Nua, Cur Chuige Nua.

### Foras na Gaeilge

Le buiséad méadaithe, a ceadaíodh in 2021, bhí Foras na Gaeilge ábalta a dtacaíochtaí a leathnú do phobail ar fud oileán na hÉireann in 2022.

Bhí maoiniú do na tionscnaimh seo a leanas i measc bhuaicphointí na bliana:

- 91 champa samhraidh

- 65 fhéile
- 7 mórimeacht ealaíon
- Tacaíocht do 18 gcomhlacht drámaíochta
- 13 fhoilsitheoir agus 68 leabhar foilsithe le tacaíocht ón Scéim Foilsitheoireachta
- 16 leabhar Gaeilge curtha ar ghearrliosta an Ghradaim Foilsitheoireachta
- Boscaí leabharlainne le leabhair Ghaeilge tugtha do 1,125 scoil
- Tacaíocht tugtha do 34 scríbhneoir trí Chlár na Leabhar Gaeilge faoin Scéim Meantóireachta
- Reáchtáladh Creidim Ionat le tacaíocht ó RTÉ, arbh fheachtas é a shroich 4.3 milliún duine in 83 tír.
- 2,400 leantóir nua ar an mhórfheachtas Gaelphobal ar na meáin shóisialta, le 176,400 amas agus 38,000 idirghníomh.
- Tugadh isteach córas nua iarratas ar líne le haghaidh deontas
- Cuireadh maoiniú ar fáil d'oifigigh Ghaeilge pobail i 36 ceantar ar fud an oileáin
- Cuireadh €4.1 milliún ar fáil d'ocht limistéar pleanála teanga
- Le scéim tacaíochta nua cuireadh maoiniú ar fáil do 16 ionad Gaeilge
- 2,400 úsáideoir, 6,400 seisiún agus 35,000 amas ar Teanglann.ie
- 1,800 úsáideoir, 5,600 seisiún agus 28,000 amas ar foclóir.ie
- Chuaigh an Foras i gcomphтом le mórthionscadail le Lá Domhanda na Leabhar, Leabhair Pháistí Éireann, Ollscoil na Gaillimhe, CLG agus RTÉ.

### Gníomhaireacht na hUltaise

Taispeánadh i nDaonáireamh 2021 gur thuairiscigh níos mó ná 190,000 duine go raibh leibhéal cumais san Ultais acu - is méadú é sin de 50,000 ó 2011. Tá borradh suntasach tar éis teacht ar an Ultais i ndiaidh tréimhse téarnaimh ó thionchar na paindéime.

Áirítear ar phríomhbhearta 2022:

- I gcomhar le Roinn na bPobal, chuir an Ghníomhaireacht maoiniú de níos mó ná £908,000 ar fáil chun easnaimh oibriúcháin a laghdú, nó réidh a fháil leo, in eagraíochtaí incháilithe a tháinig aníos i rith na paindéime
- Reáchtáil an Ghníomhaireacht a dara chomórtas scríbhneoireachta Ultaise in aghaidh a chéile. Foilsíodh iontrálacha rathúla sa phrós agus san fhilíocht i ndíolaim speisialta.
- Thacaigh an Ghníomhaireacht le 64 scoil dhifriúla chun cláir cheoil agus damhsa a chur ar fáil san earnáil oideachais. Fuair 55 scoil eile ceardlanna oideachasúla agus fuair 20 scoil agus grúpa pobail eile ceardlanna teanga.
- Thacaigh an Ghníomhaireacht le 312 foghlaimeoir chun cailíochtaí aitheanta i gceol agus damhsa na hUltaise a bhaint amach.
- In 2022, thacaigh an Ghníomhaireacht le 16 thionscadal chun Scoileanna Samhraidh a chur ar fáil do níos mó na 600 pháiste
- Thacaigh an Ghníomhaireacht le níos mó ná 200 grúpa le maoiniú Mionimeachtaí. Bhí raon leathan ceiliúrtha i gceist leo seo, cosúil le hoícheanta Burns, Tatúnna, craolachán pobail, agus seóthaispeántas phobal na hUltaise agus imeachtaí don Iubaile Phlatanaim.
- Rinne an Ghníomhaireacht óstáil ar na hAirí Stáit do Thuaisceart Éireann agus d'Alban chun ceangail chultúrtha thoir-thiar a fhorbairt, agus thug an Aire Stáit don Ghaeltacht Jack Chambers TD cuairt orthu chomh maith.

### Ré Nua, Cur Chuige Nua

I bpáirt leis an chomhaontú Ré Nua, Cur Chuige Nua cuireadh maoiniú ar fáil do Chiste Infheistíochta na Gaeilge in 2022 chun tús a chur lena Chlár Straitéiseach chun a bheith mar bhonn le hinfheistíochtaí i bpobal na Gaeilge a rinneadh le déanaí. Earcaíodh Stiúrthóir Cláir agus ceathrar Oifigeach Forbartha Gnó, agus iad suite i gCarn Tóchair (Machaire Rátha), Glór na Móna (Iarthar Bhéal Feirste), An Droichead (Deisceart Bhéal Feirste), agus Gaeláras Mhic Ardghail (An tIúr).

Tá an bhéim ar inbhuanaitheacht, margaíocht, tógáil inniúlachta agus gairmiúlú ginearálta bainistíochta laethúla na háiseanna ina bhfuil siad suite.

Cuireadh maoiniú ar fáil freisin d'Fhoras na Gaeilge le haghaidh forbartha ar Líonraí Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste agus Carn Tóchair i gContae Dhoire.

### Craolacháin: Scáileán Thuaisceart Éireann; RTÉ agus TG4

Cuireadh maoiniú Ré Nua, Cur Chuige Nua ar fáil freisin do Scaileán Thuaisceart Éireann le haghaidh forbartha ar ábhar craolacháin Gaeilge trí Chiste Craolacháin na Gaeilge agus do TG4 agus RTÉ le haghaidh chur chun cinn na Gaeilge.

### Oileán Comhroinnte

Rinneadh forbairt ar chomhoibriú trasteorainn níos leithne trí Aonad an Oileáin Chomhroinnte i Roinn an Taoisigh. Cuireadh maoiniú síolchaipitil ar fáil do Chomhpháirtíocht Chultúrtha an Iarthuaiscirt chun plean gnó agus líníochtaí ailtireachta le haghaidh forbartha lóistín ag ionad ealaíon New Gate i gCathair Dhoire. Cuireadh maoiniú ar fáil do Naíscoil na Seolta chomh maith, ar naíonra idir-shainchreidmheach Gaeilge é in Oirthear Bhéal Feirste ionas go mbeadh an naíscoil ábalta suíomh cuí a aithint agus cás gnó a ullmhú don naíonra laistigh d'Oirthear Bhéal Feirste.

## *Earnáil na Turasóireachta*

### Comhar Trí-Ghníomhaireacht

I mBuiséad 2021, d'fhógair an Rialtas an Ciste Oileáin Chomhroinnte, le €500m beartaithe le bheith curtha ar fáil go dtí 2025, lena gcuirfear maoiniú caipitil ilbhliantúil ar fáil le haghaidh infheistíochta i dtionscadail chomhoibríocha Thuaidh/Theas lena dtacófar le gealltanais agus cuspóirí Chomhaontú Aoine an Chéasta. Cuirfear an ciste seo ar fáil faoin thionscnamh Oileáin Chomhroinnte atá mar aidhm aige comhoibriú, ceangal agus comhthuiscint a fheabhsú ar an oileán.

Leis an chlár PEACE PLUS arna mhaoiniú ag an AE, ag Rialtas na Ríochta Aontaithe, ag Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann agus ag Rialtas na hÉireann, cuirfear tacaíocht shuntasach ar fáil d'fhorbairt turasóireachta inbhuanaithe ar bhonn uile-oileáin thar na seacht mbliana romhainn. Tacófar leis an chlár nua seo le síocháin agus rath i gceantair incháilithe i dTuaisceart Éireann agus le contaetha teorann na hÉireann (Contaetha an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, an Lú, Muineacháin, agus Shligigh).

In 2022, bhí an Roinn i mbun oibre leanúnaí i gcomhar leis na trí ghníomhaireacht turasóireachta ar an oileán maidir le beartais a fhorbairt le haghaidh maoinithe faoin dhá chlár seo. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag tacú le comhoibriú méadaithe idir na gníomhaireachtaí agus iad ag plé gach deise maoinithe atá ar fáil maidir le turasóireacht ionas gur féidir an t-oileán ar fad a chur chun cinn agus turasóireacht níos fearr a chur ar fáil dúinn go léir.

### Turasóireacht Éireann

Is é Turasóireacht Éireann an eagraíocht atá freagrach as margaíocht a dhéanamh thar lear d'oileán na hÉireann mar cheann scríbe spreagúil do thurasóirí. Bunaíodh an eagraíocht mar cheann de na "sé réimse comhoibrithe" faoi chreat Chomhaontú Bhéal Feirste ar Aoine an Chéasta 1998. Oibríonn Turasóireacht Éireann faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh

Theas (CATT), trí Roinn an Gheilleagair i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in Éirinn.

Is iad príomhchuspóirí Thurasóireacht Éireann ná turasóireacht a mhéadú ar oileán na hÉireann agus tacú le Tuaisceart Éireann chun a hacmhainn turasóireachta a bhaint amach. Oibríonn Turasóireacht Éireann i níos mó ná 21 margadh ar fud an domhain agus tugann siad faoi fheachtais mhargaíochta dhomhanda den chéad scoth ar son oileán na hÉireann.




*Comhlachtaí turasóireachta ó oileán na hÉireann ag an Discover Europe Travel Summit*

Cuireann Turasóireacht Éireann oileán na hÉireann i bhfuinneog siopa idirnáisiúnta ollmhór trí tabhairt faoi fheachtais mhargaíochta leathain thar lear. Tá an cur chun cinn mór seo dírithe ar na margaidh sin a chuireann an toradh is fearr ar infheistíocht ar fáil – an Bhreatain Mhór, na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin agus an Fhrainc, chomh maith le margaidh eile ar Mhór-Roinn na hEorpa, Ceanada, an Astráil agus margaidh turasóireachta atá ag teacht chun cinn cosúil leo siúd sa Mheán-Oirthear. Sroicheann na feachtais dhomhanda seo na céadta milliún cuairteoir ionchasacha trasna an domhain.

In 2022, d'fhill Turasóireacht Éireann ar mhisin díolacháin bheo phearsanta, agus iad ag buaileadh agus ag déanamh gnó leis na céadta gníomhairí taistil agus comhpháirtithe trádála i bpríomhmhargaidh ar fud an domhain. Is é cuspóir na misean díolacháin seo ná feasacht idirnáisiúnta a chothú ar Éirinn mar cheann scríbe turasóireachta agus chun líon na gcuairteoirí agus caiteachas ó thurasóireacht thar lear a mhéadú.

Ghlac Turasóireacht Éireann páirt, le chéile le comhlachtaí turasóireachta ó fud fad oileán na hÉireann, i sraith chur chun cinn trádála in 2022, faoi Chlár Tionscail um Rochtain ar an Mhargadh (CTRM) de chuid Thurasóireacht Éireann. Is é an cuspóir atá leis an tionscnamh seo ná tacú lenár gcomhpháirtithe i dtionscal na turasóireachta ar oileán na hÉireann chun rochtain a fháil ar mhargaidh idirnáisiúnta. Is bunchloch é an clár seo ar phlean téarnaimh tionscail de chuid Thurasóireacht Éireann.

I measc na mbuaicphointí ó ghníomhaíochtaí Thurasóireacht Éireann in 2022, tá:

- Feachtas an Chnaipe Ghlais
- Clár Tionscail um Rochtain ar an Mhargadh
- Feachtas #IrelandHomeOfHalloween

# 11. Gnóthaí Corparáide

## Polasaí Straitéiseach

I gcomhréir leis na gealltanais i gClár an Rialtais (2020), chuir an Roinn Aonad na mBeartas Straitéiseach (ABS) ar bun in 2020. Tá an ABS freagrach as cúnamh a thabhairt do rannóga ar fud na Roinne le comhairle agus tacaíocht pholasaí, comhordú ar infheistíocht chaipitil PFN, luacháil agus measúnú ar thionscadail agus ar chláir, agus gníomhaíochtaí bainteacha eile.

Thug an APS faoi thrí réimse leathan gníomhaíochta in 2022:

- *Tacaíocht infheistíochta caipitil:* Ag tacú le haonaid ghnó le luacháil ar thionscadail chaipitil, monatóireacht ar agus tacaíocht do sheachadadh PFN, agus measúnú.
- *Tacaíocht pholasaí:* Tacaíocht forbartha polasaí cosúil le taighe ar chur chun feidhme polasaí a dhéanamh, agus taighde agus anailísiú sonraí eacnamaíoch.
- *Gníomhú Aeráide:* Stiúr, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chuspóirí aeráide na Roinne.

*Tacaíocht infheistíochta caipitil*

Lean an ABS ar aghaidh ag obair go dlúth le haonaid ghnó na Roinne, OOP, agus na Forais Chultúrtha Náisiúnta i bhforbairt agus luacháil tionscnaimh faoi Chlár Infheistíochta na bhForas Cultúrtha Náisiúnta. Thug an ABS tacaíocht freisin do chomhghleacaithe atá freagrach as infheistíocht san earnáil spóirt; ag cuidiú le forbairt agus cur chun cinn tionscadal spóirt cosúil le máistirphlean an Champais Naisiúnta Spóirt de chuid Spórt Éireann, an Ciste d'Infreastruchtúr Spóirt ar Mhórscála, agus an Clár Caipitil agus Trealaimh Spóirt. Go ginearálta, thacaigh an t-aonad le tacaíochtaí infheistíochta caipitil níos leithne san earnáil Ealaíon, Cultúir agus Turasóireachta, de réir mar ba ghá. Thacaigh sé freisin le hAonad Mórimeachtaí Spóirt na Roinne agus iad ag déanamh measúnú ar óstáil bheartaithe mórimeachtaí, cosúil leis an America's Cup.

*Tacaíocht Pholasaí*

In 2022, le Polasaí Straitéiseach tugadh tacaíocht d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm polasaí ar fud na Roinne. Ar leibhéal ard, éascaíodh leis an Pholasaí dhá chruinniú an Choiste Pholasaí a cuireadh tús leis go déanach in 2021 mar fhóram chun, *inter alia*, ceisteanna polasaí ar fud na Roinne a phlé. Cuireadh Grúpa nua um Shonraí agus Léargais ar bun in 2022 freisin chun cuidiú le forbairt bhailiúcháin sonraí agus cumais anailíse ar fud na Roinne.

I measc na mbuaicphointí eile in 2022, cuireadh tacaíocht ar fáil don chlár taighde atá mar bhonn leis an scéim phíolótach Bhunioncaim do na hEalaíona. In 2022, chuaigh an tAonad i gcomhar leis an Aonad Tacaíochtaí Cultúrtha chun spriocanna polasaí an chláir a aithint. Rinne APS dearadh ar shuirbhé lena mbaileofar sonraí chun na spriocanna polasaí sonraithe a thomhas agus a rianú trasna roinnt réimsí, cosúil le dea-bhail, úsáid ama, ioncam, agus forbairt chleachta. D'oscail an chéad suirbhé (an suirbhé bonnlíne) i nDeireadh Fómhair 2022.

## Gníomhú Aeráide

Chuir an Roinn agus na comhlachtaí faoina cúram 39 gníomh isteach sa Phlean Gníomhaithe Aeráide 2021 chun go gcríochnófar iad in 2022. Bhain an Roinn ráta cur i bhfeidhm de 82% ar an iomlán amach agus bhain siad roinnt tionscnamh suaithinseach amach, lena n-áirítear:

- Foilsiú "Plean Gníomhaithe Aeráide" de chuid Fháilte Éireann, ar bhailiúchán doiciméad treorach praiticiúil é chun cuidiú le tionscal na turasóireachta a bheith níos inbhuanaithe.
- 15 thionscadal cruthaitheacha, cultúrtha, agus ealaíonta a bhí dírithe ar cheisteanna aeráide, le maoiniú ón Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide de chuid Éire Ildánach.
- 25 thionscadal raidió agus teilifíse, maoinithe trí babhta de Scéim Fuaim agus Fís de chuid an Chiste Chraolacháin a bhí dírithe go sonrach ar an aeráid.
- Foilsiú Straitéise Inbhuanaitheachta de chuid Spórt Éireann.
- Forbairt tionscadal faoi straiteis Gaeltach Ghlas de chuid Údarás na Gaeltachta, cosúil le feirm ghréine ag Ard na gCeapairí sa Bhun Beag agus ionad traenála aisfheistithe i gCasla na Gaillimhe.

Chuir an Roinn Foireann Ghlas ar bun i nDeireadh Fómhair 2022, a bhfuil an Rúnaí Cúnta maidir le Gnóthaí Corparáide mar chathaoirleach uirthi. Tá an grúpa seo ag cothú feasachta ar Ghníomhú Aeráide taobh istigh den Roinn agus reáchtáil siad suirbhé chun eolas a dhéanamh do Phlean Gníomhaithe Aeráide na Roinne in 2023. Tá rath bainte amach ag an Roinn agus iad ag baint amach a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí go dtí seo, agus ag dul thar na spriocanna sin.

### Aonad Tacaíochta COVID-19

Bhí paindéim COVID-19 ina gné suntasach den tírdhreach polasaí go luath in 2022. Cuireadh deireadh leis an chuid is mó de na srianta i mí Eanáir le gach srian imithe, i ndairíre, faoi Mhárta na bliana sin. Lean an tAonad Tacaíochta de bheith ag cuidiú le freagra na Roinne luath sa bhliain trí idirghabháil leanúnach le comhghleacaithe inmheánacha, chomh maith le Roinn an Taoisigh, agus an Roinn Sláinte. Cuireadh deireadh leis an Aonad mar thoradh ar an fheabhas mhór a tháinig ar chúrsaí le linn na bliana. Bhí an aonad comhordaithe lárnach seo mar pháirt thábhachtach éifeachtach de fhreagra na Roinne ar an phaindéim.

### Acmhainní Daonna

B'ionann líon bhaill na foirne sa Roinn ag deireadh na bliana 2022 agus 416, agus iad lonnaithe i mBaile Átha Cliath, i gCiarraí, i nGaillimh agus i nDún na nGall. I rith na bliana tháinig 94 ball foirne nua isteach sa Roinn. Lean an Roinn de bhaill foirne nua a earcú tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Scéim Gluaisteachta na Státseirbhíse agus eagraíodh 17 comórtas earcaíochta. I rith 2022, bhí an Roinn i mbun earcaíochta do roinnt sainról cosúil le hOifigeach Logainmneacha, Bainisteoir Cumarsáide sa Roinn agus Coimeádaí agus Caomhnóir Sinsearach do Chartlann Náisiúnta na hÉireann.

### Polasaí Oibre Cumaisc

Leath an Roinn amach a Polasaí Oibre Cumaisc agus próiseas iarratas i Meán Fómhair 2022. Forbraíodh an polasaí i gcomhréir le Creat na Státseirbhíse. Lean an Roinn ar aghaidh de bheith ag cur treorach agus tacaíochtaí leanúnacha suas chun dáta ar fáil d'fhostaithe maidir le socruithe oibre cumaisc. Chomh maith leis sin, tugadh carnadh fleisc-ama arís d'fhostaithe incháilithe, lena dtacófar níos mó le dea-bhail agus cothromaíocht oibre is saoil fhostaithe na Roinne.

### Bearna Phá idir na hInscní (BPI)

Foilsíodh an Tuarascáil maidir leis an Bhearna Phá idir na hInscní don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i Nollaig 2022. Ní dhearnadh tuairisciú ar shonraí ar an bhearna phá idir na hinscní ar an bhealach seo roimhe. Ba iad BPI meánach agus airmheánach na Roinne i rith na tréimhse tuairiscithe idir 25ú Meitheamh 2021 agus 24ú Meitheamh 2022 ná 4.73% agus -2.13% faoi seach.

### Athnuachan na Státseirbhíse (AS)

Lean an Roinn ar aghaidh ag dul i mbun agus ag tacú go réamhghníomhach le príomhthionscnaimh faoi Athnuachan na Státseirbhíse (AS) cosúil le Duaiseanna Barrfheabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse, Seachtain na Nuálaíochta, an Ciste Nuálaíochta agus seimineáir ghréasáin éagsúla.

I mBealtaine 2022, chuir an Bord Bainistíochta cruinnithe Halla an Bhaile ar siúl lena ndíríodh ar na dúshláin agus na deiseanna a tháinig aníos le Suirbhé Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse 2020 (SRFS). Forbraíodh Plean Gníomhaithe mar fhreagra ar na dúshláin seo agus déantar monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis an chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.

Cuireadh trí thionscadal faoi bhráid na Roinne faoin 8ú Duaiseanna Barrfheabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse (DBNS). Cuireadh an tionscadal "*Scéimeanna Tacaíochta COVID do Shiamsaíocht Bheo*" ar an ghearrliosta faoin chatagóir *Tionchar Saoránach agus Seirbhís Custaiméirí.*

Le haghaidh Sheachtain na Nuálaíochta, reáchtáil Éire Ildánach, i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an chéad Chomhdháil maidir le Dearadh sa Rialtas. Reáchtáladh an imeacht pearsanta seo go háirithe do cheannairí sinsearacha san earnáil phoiblí

chun deis a thabhairt dóibh tuiscint a fháil ar na buntáistí a bhaineann le cur chuige atá dírithe ar chustaiméirí a ghlacadh agus seirbhísí á gcur i bhfeidhm, ag tabhairt custaiméirí isteach san fhorbairt atriallach, agus teicneolaíochtaí digiteacha agus cleachtais thábhachtacha a threisiú chun seirbhísí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chur ar fáil don phobal.

### Sláinte agus Folláine:

Cuireadh clár dea-bhail iomlánaíoch i bhfeidhm le béim ar bhac a chur ar fhadbhanna a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar shláinte agus dea-bhail fostaithe, agus ar idirghabháil ina leith sin.  Tugadh tríocha a dó thionscnamh dea-bhail i gcrích, le hábhair cosúil le strus agus inacmhainneacht; feasacht ailse; dea-bhail airgeadais; meabharshláinte; itheachán sláintiuil; agus feasacht mheanapáis.  Reáchtáil an Roinn a céad Mhí Folláine i rith Dheireadh Fómhair 2022 le spreagadh tugtha d'fhostaithe chun "am a chaitheamh ar a bhfolláine an Deireadh Fómhair seo". Tugadh clár cuimsitheach imeachtaí faoi stiúir saineolaithe i gcrích, agus ina dhiaidh sin rinneadh Suirbhé ar Aigne na bhFoirne maidir le Folláine chun aiseolas a bhailiú faoin Mhí Folláine agus ar an chlár sláinte agus folláine go ginearálta.

Chuaigh an Foireann Folláine i gcomhar le Foireann Ghlas na Roinne freisin chun tionscnaimh Taistil Níos Cliste de chuid an Údaráis Náisiúnta Taistil a sheachadadh agus a chur chun cinn, cosúil le Walktober agus Soilsigh do Shaol.

### Foghlaim agus Forbairt

I rith 2022, bhí rochtain ag baill foirne ar raon gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha, le cúrsaí traenála foirmeálta agus cláir forbartha talainn san áireamh. Lean an Roinn ar aghaidh ag baint úsáide as na hacmhainní traenála ata ar fáil trí OneLearning, an tseirbhís chomhroinnte le haghaidh foghlama agus forbartha de chuid na Státseirbhíse, agus freisin ag tacú le rochtain ar thraenáil fhoirmeálta ar ábhair nach gclúdaítear le OneLearning agus tríd an Scéim um Íoc agus Aisíoc Táillí Oideachais

### Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tá Oifigeach Idirchaidrimh do dhaoine faoi Mhíchumas (OIM) na Roinne ar fáil chun tacaíocht a thabhairt d'aon fhostaí atá faoi mhíchumas, rud a chinntíonn comhionannas deise thar gach gné dá ngairm bheatha.

Tugtar ar Chomhlachtaí Poiblí faoin Acht um Míchumas 2005:

- Fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a thacú;
- Cinnte a dhéanamh, nuair is féidir, gur dhaoine faoi mhíchumas iad 3% de bhaill foirne a fhostaítear; agus
- Tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar an líon agus an céatadán fostaithe atá faoi mhíchumas.

Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar sprioc fostaíochta na seirbhíse poiblí maidir le daoine faoi mhíchumas go 6% ar an íosmhéid faoi 2025 mar a leagtar síos san Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú) 2022, a ritheadh le déanaí. Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go fóill os comhair na sprice seo le 10.81% d'fhostaithe na Roinne ag dearbhú go bhfuil siad faoi mhíchumas in 2021. Cuirfear staidreamh 2022 ar fáil go poiblí i dTuarascáil Bhliantúil maidir le Comhlíontacht le Páirt 5 den Acht um Míchumas de chuid an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais, a seolfar amach anseo.

Rinne an Roinn imeacht a óstáil do Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas.  In 2022, chinn an Roinn béim a chur ar feasacht a mhéadú faoi mhíchumais dhofheicthe, toisc gur míchumais dhofheicthe iad 80% de mhíchumais. Tugadh cuireadh do Migraine Ireland chun labhairt le fostaithe na Roinne, chun baill foirne a chur ar an eolas faoi mhígreiní, faoi cad chuige nach tinnis chinn amháin atá i gceist leo ach neamhord néareolaíoch casta le go leor gnéithe difriúla don duine aonair agus don áit oibre.

*Clár Willing Able Mentoring (WAM) de chuid AHEAD*
Is clár socrúcháin oibre é WAM atá mar aidhm aige rochtain ar an mhargadh oibre a chur ar fáil do chéimithe faoi mhíchumais agus é a chur ar chumas fostóirí míchumas a imeascadh sa ghnátháit oibre. Ghlac an Roinn páirt sa Chlár WAM in 2022, agus cuireadh socrúcháin oibre seacht-mhí ar fáil do chéimí amháin. D'aithnigh AHEAD an Roinn mar Cheannaire WAM i Lúnasa 2022, agus fuair an Roinn duais, chomh maith le roinnt comhlachtaí earnála poiblí agus eagraíochtaí earnála príobháidí eile. Tugtar aitheantas leis an duais seo don mhéid shuntasach atá déanta ag an eagraíocht seo chun cur lenár n-eolas a bhaineann le míchumas agus deiseanna socrúcháin oibre a chur ar fáil do chéimithe faoi mhíchumas.

*Clár Oibre Foghlama an Oireachtais (OWL)*
Lean an Roinn ar aghaidh lena caidreamh leis an Chlár OWL in 2022 trí dheiseanna fostaíochta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil. Feidhmíonn an Roinn seo mar láthair traenála oibre agus cuireann sé sealaíochtaí socrúcháin oibre 12-seachtaine ar fáil d'oiliúnaithe OWL reatha. I Nollaig 2022, d'eagraigh Oifigeach Idirchaidrimh do dhaoine faoi Mhíchumas (OIM) na Roinne cur i láthair oideachasúil agus feasachta d'fhostaithe ar Shráid Chill Dara faoin Chlár OWL, curtha i láthair ag Seirbhís Thithe an Oireachtais, KARE agus WALK.

*Líonra Foirne LADTI+ – Le Chéile:*
In Iúil 2022, chuir an Bord Bainistíochta fáilte roimh an bheartas Líonra Foirne LADTI+ a chur ar bun, agus gheall siad go mbeadh siad mar chomhghuaillithe an líonra. Tharla seisiún eolais do bhaill foirne i Meán Fómhair 2022 le haoichainteoir ó Líonra Foirne LADTI+ de chuid na Roinne Dlí agus Cirt a roinn a dtaithí féin ar Líonra dá leithéid a bhunú. Tharla an chéad chruinniú den Líonra i nDeireadh Fómhair 2022, agus toghadh coiste stiúrtha an Líonra ag an chruinniú sin.

### An tAonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
Is é cuspóir an Aonaid Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ná forbairt leanúnach a dhéanamh ar a sheirbhísí chun ionchais chustaiméirí a chomhlíonadh agus a shárú, agus cur le rath na Roinne trí thacaíocht TF proifisiúnta d'ardchaighdeán a chur ar fáil go tráithiúil i gcónaí ag gach pointe teagmhála le custaiméirí, chun bonn a chur faoi phlean straitéiseach TF na Roinne. Oibríonn an tAonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide le gach rannán den Roinn chun cinntiú go bhfuil a gcórais réime gnó agus a bhfeidhmchláir tacaíochta ag comhlíonadh a riachtanas agus riachtanais a gcustaiméirí.

Foilsíodh straitéis cúig bliana TFC don Roinn i 2022 agus leis an straitéis sin cuirfear treoir straitéiseach ar fáil do thionscnaimh ICT ar feadh na tréimhse idir 2022 agus 2026 lenar féidir tacaíocht chuí a thabhairt do gach réimse gnó laistigh den Roinn, agus éabhlóid TFC laistigh den Roinn a ailíniú le cuspóirí polasaí phoiblí ábhartha. Lean an tAonad TFC ar aghaidh le cumas cianoibre a thacú agus a neadú i rith 2022 maidir leis an fhreagra leanúnach ar Phaindéim COVID-19 agus an aistriú go dtí an obair chumaisc.

### An tAonad Airgeadais
Is é ról an Rannáin Airgeadais ná cinnte a dhéanamh go bhfuil na hacmhainní airgeadais cuí ag an Roinn ionas gur féidir léi a spriocanna a bhaint amach agus monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar na hacmhainní sin.

Tacaíonn an tAonad Airgeadais le Rannáin agus iad ag dul i mbun a ngníomhaíochtaí airgeadais laethúla ar bhealach cuí éifeachtúil, agus cinntíonn siad go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á choinneáil agus á oibriú ag an Roinn. Chomh maith leis sin tá an tAonad Airgeadais freagrach as ullmhúcháin agus comhordú Meastachán do Vóta na Roinne ag féachaint do thosaíochtaí leithdháilte acmhainní. Áirítear leis seo bainistíocht airgeadais ar chaiteachas agus fáltais don Roinn chomh maith le tuairisciú rialta go hinmheánach agus go seachtrach araon. Ullmhaíonn an tAonad Airgeadais an Cuntas Leithghabhála bliantúil chomh maith le treoir eolais a thabhairt maidir le láithris Oireachtais éagsúla. Chomh maith, cuireann an tAonad Airgeadais feidhm mhaoirseachta Soláthair ar fáil don Roinn.

In 2022 lean an tAonad Airgeadais ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Phlean Náisiúnta Forbartha agus Athchóirithe maidir le hacmhainní airgeadais a chur ar fáil chun cuidiú le spriocanna na Roinne a bhaint amach, ag tabhairt aghaidh ar leith go dtí na dúshláin leanúnacha a bhaineann le Paindéim COVID-19.

### An tAonad Rialachais um Chomhlachtaí Stáit

Tá Aonad Rialachais um Chomhlachtaí Stáit curtha ar bun ag an Roinn chun comhsheasmhacht chur chuige a chinntiú agus chun maoirseacht a chur ar fáil maidir le Rialachas Corparáide na gComhlachtaí Stáit atá faoi Choimirce na Roinne, le freagracht as rialachas Comhlachtaí dá leithéid sin ag fanacht leis na Rannáin líne ábhartha.

### Cumarsáid

Cuireann an tAonad Cumarsáide eolas cruinn tráithiúil ar fáil do shaoránaigh, ar son na nAirí agus na Roinne. Tá seo i gcomhréir le creat an Rialtais maidir le forbairt agus nuálaíocht i seirbhís phoiblí na hÉireann, Ár Seirbhís Phoiblí 2020, lena gcuirtear an pobal ag croílár ár n-oibre.

Bunfheidhm eile atá ag an Aonad ná cumarsáid éifeachtach a éascú le baill foirne, oifigigh, geallsealbhóirí, comhairleoirí agus Ranna eile.

### An Phreasoifig agus Cúrsaí Digiteacha

Eisíodh 173 Preasráiteas i rith 2022, tugadh freagra ar 749 gceist ó lucht na meán cumarsáide agus d'eagraigh an tAonad Cumarsáide 22 Phreasócáid agus Imeacht Meán i rith na bliana. Eisíodh 87% de Phreasráitis go comhuaineach as Gaeilge agus as Béarla.

I rith na bliana 2022 lean na meáin shóisialta ar aghaidh mar chainéal mórthábhachtach i leith cumarsáide soléire leis an phobal i gcoitinne, agus le geallsealbhóirí a raibh éifeacht mhór ag srianta na paindéime orthu, agus iad ag teacht ó na srianta sin. Dhírigh an Roinn go tréan ar chumarsáid fhiúntach spéisiúil a dhéanamh ar a gcainéil mheáin shóisialta, le 3,700 póstáil foilsithe i rith na bliana, a raibh 3.8 milliún imprisean orthu. Tháinig borradh ar líon na leantóirí i rith na tréimhse sin. Tháinig méadú 11% ar líon na leantóirí go 17,295 duine, tháinig méadú 11% freisin ar líon na leantóirí ar Facebook go 15,089 agus tháinig méadú 13% ar líon na leantóirí ar Instagram go 12,677 in 2022. Ar LinkedIn, mhéadaigh cuntas na Roinne líon a leantóirí faoi 187% go 12,524 duine.

### Cumarsáid Inmheánach

Bhí tábhacht ar leith ag baint le Cumarsáid Inmheánach fós i rith 2022, le baill foirne ag obair ón bhaile cuid den am, i gcomhréir le polasaí an Rialtais maidir le hobair chumaisc. Tacaíodh le dlúthchaidreamh idir chomhghleacaithe le hardáin físchomhdhála cosúil le Teams, Zoom agus Starleaf. Tacaíodh le "Nuacht", ar nuachtlitir inmheánach na Roinne í, trí Ghrúpa Ábhair Nuacht tras-rannach, ag fáil nuachta agus scéalta rialta ó bhaill foirne ar fud áiteanna agus aonaid ghnó dhifriúla na Roinne. Foilsíodh agus scaipeadh Nuacht i measc na bhfoirne ar bhonn mhíosúil i rith na bliana.

### Soláthar Poiblí Glas (SPG)

Is é atá i gceist le SPG ná próiseas trína ndéanann údaráis phoiblí iarracht earraí, seirbhísí agus oibreacha a sholáthar a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu i rith a saolré i gcomparáid le hearraí, seirbhísí agus oibreacha a bhfuil an phríomhfheidhm céanna acu a bheadh á soláthar seachas sin. Ní laghdú carbóin nó fearais ísealfhuinnimh amháin atá i gceist le SPG. D'fhéadfadh soláthar earraí agus/nó seirbhísí a raibh plé ar mharthanacht saoil nó acmhainn athchúrsála deireadh-saoil mar pháirt dó a bheith ina roghanna SPG fiúntacha freisin.

Tá an Roinn tiomanta do chursaí timpeallachta a thabhairt san áireamh maidir le hearraí agus seirbhísí a sholáthar nuair is cuí sin i gcomhréir le Beart Uimh.148 den Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 agus Ciorclán 20/2019: Aird ar Chúrsaí Timpeallachta agus Sóisialta a chur chun cinn maidir leis an tSoláthar Poiblí.

Ón bhliain 2020 i leith, tá ceangailte ar an Roinn tuairisc a thabhairt gach bliain don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ar na bearta soláthair lenar tugadh forálacha agus cúrsaí glasbheartaíochta san áireamh. In 2022, ceapadh cúig chonradh ar luach de níos mó ná €543,000 lena n-áirítear Soláthar Poiblí Glas chun trealamh TF a cheannach, agus rinneadh tuairisc a chur chuig an GCC mar ba chuí.

De réir nósanna imeachta soláthair inmheánacha na Roinne, caithfidh píosa faoi chritéir Soláthair Ghlais a bheith mar pháirt de gach Gairm ar Thairiscintí de chuid na Roinne, agus caithfidh catagóir Soláthair Ghlais a bheith i ngach measúnú tairisceana Roinne, le hualú cuí ceangailte léi.

## An tAonad Rialachais agus Seirbhísí Corparáide

Rinne Aonad na Seirbhísí Oifige, ar a leagtar cúram maidir le cúrsaí cóiríochta agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, déileáil leis na deacrachtaí leanúnacha a bhain le paindéim COVID-19. Bhí ról lárnach ag an aonad maidir le cinnte a dhéanamh go raibh timpeallacht chianoibre shábháilte ag gach ball foirne trí mheasúnuithe eirgeanamaíocha agus soláthar trealaimh.

Tá ról ceannasach ag an aonad freisin maidir leis an mhéid fuinnimh a úsáideann an Roinn a laghdú, agus i bhforbairt phlean gníomhaíochta na Roinne i gcomhar leis an Aonad Polasaí Straitéiseach.

## Saoráil Faisnéise agus Teacht ar Fhaisnéis maidir leis an Timpeallacht

Tháinig 161 iarratas faoi bhráid na Roinne i rith na bliana 2022 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Aontaíodh gach ar iarradh san iarratas a chur ar fáil i gcás 34 iarratas, aontaíodh páirt dár iarradh a chur ar fáil i gcás 48 iarratas, agus diúltaíodh 38 de na hiarratais. Bhí 35 iarratas ann a tarraingíodh siar, a aistríodh nó a láimhseáladh taobh amuigh den Acht um SF. Bhíothas fós ag déileáil le 6 chinn de na hiarratais ag deireadh na bliana.

Tháinig 2 iarratas faoi bhráid na Roinne faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin Chomhshaol (RFC) i rith na bliana 2022. Aontaíodh gach ar iarradh in iarratas amháin acu, agus rinneadh an ceann eile a láimhseáil taobh amuigh den phróiseas RFC.

## Cosaint Sonraí

Coinnítear an phróiseáil a dhéanann an Roinn ar shonraí pearsanta faoi athbhreithniú seasta d'fhonn comhlíonadh leanúnach na reachtaíochta maidir le cosaint sonraí a chinntiú. Le feachtas éagsúla agus modúil oiliúna agus le beartaíocht chomhairliúcháin leanúnach le hAonad Cosaint Sonraí na Roinne, tá ardleibhéal tuisceana ag lucht na foirne, ar gach grád, ar na bunphrionsabail maidir le sonraí a chosaint agus ar na gnáis maidir le sonraí pearsanta a choinneáil slán. Níor cuireadh aon sárú in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí i rith 2022. Chuir duine amháin iarratas ar a sonraí faoi bhráid na Roinne in 2022, a tugadh i gcrích taobh istigh den chreat ama riachtanach.

## Aguisín 1: Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne[1]

| |
|---|
| An Ceoláras Náisiúnta |
| An Chomhairle Ealaíon |
| An Coimisinéir Teanga |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann |
| Cartlann Náisiúnta na hÉireann |
| Chester Beatty |
| Coimisiún na Meán (Údarás Craolacháin na hÉireann roimhe seo) |
| Fáilte Ireland |
| Fís Éireann |
| Foras na Gaeilge |
| Gailearaí Crawford |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| RTÉ |
| Spórt Éireann |
| TG4 |
| Tha Boord o Ulster Scotch |
| Turasóireacht Éireann |
| Údarás na Gaeltachta |

[1] Ní meastar gur 'Comhlachtaí faoi Choimirce' na Roinne iad an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge ná Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, de réir na gcritéar a leagtar amach sa *Chód Cleachtais um Rialáil na mBord Stáit*. Mar sin de, níor tugadh san áireamh iad san aguisín seo.

## Aguisín 2: Caiteachas 2022

| FO- | CEANNTEIDEAL | TORADH |
|---|---|---|
| | **Riarachán** | **€'000** |
| i | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 22,764 |
| ii | Taisteal agus Cothabháil | 464 |
| iii | Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha | 656 |
| iv | Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | 309 |
| v | Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF | 1,277 |
| vi | Costais Áitribh Oifige | 346 |
| vii | Seirbhísí Comhairleoireachta agus Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus ar Bheartas | 2 |
| | **IOMLÁN** | **25,818** |
| | **Seirbhísí Turasóireachta** | |
| A.1 | Riarachán - pá | 2,132 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 303 |
| A.3 | Fáilte Ireland | 147,338 |
| A.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta | 18,620 |
| A.5 | Ciste Margaíochta Turasóireachta | 81,823 |
| A.6 | Forbairt táirgí turasóireachta | 31,500 |
| | **IOMLÁN** | **281,716** |
| | **Ealaíona agus Cultúr** | |
| B.1 | Riarachán - pá | 10,716 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,205 |
| B.3 | Íocaíochtaí maidir le hacmhainní arna gceapadh ag an Chartlann Náisiúnta a mheaitseáil | 40 |
| B.4 | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle na Cartlainne Náisiúnta | 1,981 |
| B.5 | Costais ghinearálta Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Gailearaí Crawford | 28,104 |
| B.6 | Músaeim, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | 21,764 |
| B.7 | Bonneagar agus forbairt chultúir | 25,588 |
| B.8 | Cultúr Éireann | 5,190 |
| B.9 | An Chomhairle Ealaíon (le páirtmhaoiniú ón Chrannchur Náisiúnta) | 135,180 |
| B.10 | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann | 21,481 |
| B.11 | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 9,919 |
| B.12 | Fís Éireann | 36,818 |
| B.13 | Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | 13,875 |
| B.14 | Príomhchathair Chultúir na hEorpa | - |
| B.15 | Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | 4,963 |
| B.16 | Tacaíochtaí Cultúir | 11,373 |
| B.17 | Tacaíochtaí um Thaibhiú Beo | 39,650 |
| | **IOMLÁN** | **366,847** |

| | An Ghaeilge agus an Ghaeltacht | |
|---|---|---|
| C.1 | Riarachán - pá | 4,764 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 884 |
| C.3 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta | 8,035 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (le páirtmhaoiniú ón Chrannchur Náisiúnta) | 6,515 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | 1,099 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta – riarachán | 13,386 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta – caiteachas faoin chlár reatha | 6,000 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus caiteachas caipitil ar áitribh | 15,454 |
| C.9 | Comhoibriú Trasteorann | 17,227 |
| C.10 | Próiseas Pleanála Teanga | 4,530 |
| | **IOMLÁN** | **77,894** |
| | Seirbhísí Spóirt agus Áineasa | |
| D.1 | Riarachán - pá | 3,073 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 348 |
| D.3 | Clár Caipitil agus trealaimh spóirt | 40,013 |
| D.4 | Clár linn snámha na nÚdarás Áitiúil | 2,768 |
| D.5 | Spórt Éireann (le páirtmhaoiniú ón Chrannchur Náisiúnta) | 147,409 |
| D.6 | Maoiniú as Ciste na gCuntas Díomhaoin maidir le bearta spóirt | 12,000 |
| D.7 | An Ciste d'Infreastruchtúr Spóirt ar Mhórscála | 1,896 |
| D.8 | Mórimeachtaí | 5,364 |
| | **IOMLÁN** | **212,871** |
| | **Craolachán** | |
| E.1 | Riarachán - pá | 2,079 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 313 |
| E.3 | Deontas do Raidió Teilifís Éireann i ndáil le táillí ceadúnais craolacháin | 211,226 |
| E.4 | Íocaíocht le An Post maidir le ceadúnais chraolacháin a bhailiú | 9,964 |
| E.5 | Deontas i Leith Theilifís na Gaeilge | 45,049 |
| E.6 | Ciste craolacháin | 19,826 |
| | **IOMLÁN** | **288,457** |
| **Iomlán Ollchaiteachais** | | **1,227,785** |
| **Leithroinnt i gCabhair** | | **237,455** |
| **Iomlán Glanchaiteachais** | | **990,330** |

### Caiteachas caipitil na bliana 2022

| Clár | Réimse an Chláir | Caiteachas |
|---|---|---|
| **Turasóireacht** | | **€41.590m** |
| | Fáilte Ireland | € 3.050m |
| | Ciste Margaíochta Turasóireachta | € 7.040m |
| | Forbairt Táirgí Turasóireachta | €31.500m |
| **Ealaíona & Cultúr** | | **€64.664m** |
| | Cartlann Náisiúnta na hÉireann | € 0.284m |
| | IMMA, NCH, CBL & CAG | € 0.917m |
| | NMI | € 1.308m |
| | NLI | € 0.478m |
| | NGI | € 0.958m |
| | Fís Éireann | € 32.150m |
| | Bonneagar agus Forbairt Chultúir | € 24.588m |
| | An Chomhairle Ealaíon | € 2.045m |
| | Príomhchathair Chultúir na hEorpa | € 0.000m |
| | Tacaíochtaí um Thaibhiú Beo | € 1.936m |
| **Gaeltacht/Teanga** | | **€16.392m** |
| | Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta | € 0.605m |
| | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge | € 0.333m |
| | Údarás na Gaeltachta | € 15.454m |
| **Spórt** | | **€61.418m** |
| | Clár Caipitil & Trealaimh Spóirt | € 40.013m |
| | Clár linn snámha na nÚdarás Áitiúil | € 2.768m |
| | Spórt Éireann | € 15.046m |
| | Maoiniú as Ciste na gCuntas Díomhaoin maidir le bearta spóirt | € 1.695m |
| | An Ciste d'Infreastruchtúr Spóirt ar Mhórscála | € 1.896m |
| **Meán** | | **€ 4.200m** |
| | TG4 | € 4.200m |
| **Riarachán** | | **€ 0.342m** |
| | Innealra Oifige | € 0.342m |
| | **Iomlán** | **€188.606m** |

# Aguisín 3: Ráiteas Cothromaíochta Inscne na mBord Stáit

Tháinig na Boird Stáit a leanas faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2022, faoi mar a leagtar amach thíos.[2]

| | Boird Stáit |
|---|---|
| **1** | An Chomhairle Ealaíon |
| **2** | Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ)<br>*(a bunaíodh go foirmeálta mar Choimisiún na Meán in 2023)* |
| **3** | Údarás Choiste Comhlíonta an ÚCÉ[3] |
| **4** | Coiste Bronnta Conarthaí an ÚCÉ |
| **5** | Gailearaí Crawford |
| **6** | Fáilte Ireland (An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta) |
| **7** | Foras na Gaeilge |
| **8** | An Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge |
| **9** | Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann |
| **10** | Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) |
| **11** | Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta |
| **12** | An Ceoláras Náisiúnta |
| **13** | Gailearaí Náisiúnta na hÉireann |
| **14** | Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| **15** | Ard-Mhúsaem na hÉireann |
| **16** | Raidió Teilifís Éireann (RTÉ) |
| **17** | Fís Éireann |
| **18** | Spórt Éireann |
| **19** | Teilifís na Gaeilge (TG4) |
| **20** | Tha Boord o Ulster Scotch |
| **21** | Turasóireacht Éireann |
| **22** | Údarás na Gaeltachta |

Bunaíodh an Coiste Coimhairleach um Sheirbhísí Gaeilge ar an 20 Meitheamh 2022, i gcomhréir le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021.

34 ceapachán nua a rinneadh i rith 2022; mná a bhí in 56% agus fir a bhí in 44% acu.

Ar an 31 Nollaig 2022, bhí cothromaíocht inscne 50% mná agus 50% fir ar an mheán i gceist le comhaltaí reatha na mBord Stáit. Tríd is tríd, bhí sprioc an Rialtais, ionadaíocht 40% den dá

[2] De réir treorach ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe, má tá an tAire freagrach as ceapacháin a dhéanamh do bhord, coimisiún, grúpa comhairleach, nó ainmniú ar bith eile dá leithéad, meastar gur 'Bord Stáit' é an comhlacht sin chun críocha tuairiscithe. Is cuma má tá an comhlacht ag teacht leis na critéir le haghaidh an tsainmhínithe maidir le 'Comhlacht faoi Choimirce' a leagtar síos sa Chód Cleachtais um Rialáil na mBord Stáit. Mar sin de, ní thugtar An Coimisinéar Teanga san áireamh san aguisín seo mar nach bhfuil Bord aige, agus ní tugtar an Chester Beatty san áireamh mar nach ndéanann an tAire comhaltaí a cheapadh dá bhord.

[3] Cé go bhfuil baint ag an dá cheann acu le hÚdarás Craolacháin na hÉireann, chun críocha an tuairiscithe don Ráiteas Cothromaíochta Inscne agus Stateboards.ie, meastar gur dhá bhord dhifriúla iad Údarás Choiste Comhlíonta an ÚCÉ agus Coiste Bronnta Conarthaí an ÚCÉ.

inscne maidir le comhaltaí reatha gach ceann de na Boird Stáit, á shásamh ag 20 (nó 91%) den 22 Bhord.

Leagtar béim sna gnáis inmheánacha maidir le ceapacháin ar Bhoird Stáit ar chúrsaí comhionannais, iléagsúlachta agus ionchuimsithe, cothromaíocht inscne san áireamh, mar bhearta príomhthábhachtacha le cur san áireamh ag Rannóga agus ag Boird Stáit tráth a mbíonn folúntais le plé.

### *Comhaltaí ar Bhoird Stáit an 31 Nollaig 2022*

| An Bord Stáit | Líon na gComhaltaí | Mná | Fir | Iomlán | % Mná | % Fir | Folúntais Reatha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Chomhairle Ealaíon** | 13 | 7 | 6 | 13 | 54% | 46% | 0 |
| **Údarás Craolacháin na hÉireann**[1] | 9 | 3 | 2 | 5 | 60% | 40% | -4 |
| **Coiste Comhlíonta ÚCÉ – Údarás** [1] | 8 | 3 | 3 | 6 | 50% | 50% | -2 |
| **Coiste Dáfa Conarthaí ÚCÉ** | 8 | 4 | 4 | 8 | 50% | 50% | 0 |
| **Gailearaí Crawford** | 12 | 7 | 5 | 12 | 58% | 42% | 0 |
| **Fáilte Ireland** [2] | 13 | 3 | 5 | 8 | 38% | 63% | -5 |
| **Foras na Gaeilge** [3] | 16 | 6 | 7 | 13 | 46% | 54% | -3 |
| **An Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge** | 11 | 4 | 7 | 11 | 36% | 64% | 0 |
| **Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann** [4] | 20 | 10 | 8 | 18 | 56% | 44% | -2 |
| **Áras Nua-Ealaíne na hÉireann** [2] | 12 | 4 | 4 | 8 | 50% | 50% | -4 |
| **Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta** | 12 | 0 | 0 | 0 | 0% | 0% | -12 |
| **An Ceoláras Náisiúnta** [2] | 10 | 4 | 5 | 9 | 44% | 56% | -1 |
| **Gailearaí Náisiúnta na hÉireann** [2] | 17 | 6 | 7 | 13 | 46% | 54% | -4 |
| **Leabharlann Náisiúnta na hÉireann** | 12 | 7 | 5 | 12 | 58% | 42% | 0 |
| **Ard-Mhúsaem na hÉireann** | 16 | 9 | 7 | 16 | 56% | 44% | 0 |
| **RTÉ** | 12 | 5 | 7 | 12 | 42% | 58% | 0 |
| **Fís Éireann** | 7 | 4 | 3 | 7 | 57% | 43% | 0 |
| **Spórt Éireann** [2] | 13 | 6 | 5 | 11 | 55% | 45% | -2 |
| **TG4** [6] | 12 | 6 | 5 | 11 | 55% | 45% | -1 |
| **Turasóireacht Éireann** [3] | 12 | 6 | 5 | 11 | 55% | 45% | -1 |
| **Údarás na Gaeltachta** | 12 | 5 | 7 | 12 | 42% | 58% | 0 |
| **Gníomhaireacht na hUltaise** [3] | 8 | 2 | 3 | 5 | 40% | 60% | -3 |
| **Iomlán** | **265** | **111** | **110** | **221** | **50%** | **50%** | **44** |

1. Tús curtha/le cur le próiseas PAS d'fhonn folúntais a líonadh
2. Ceapachán le déanamh tar éis próiseas PAS a chríochnú
3. Ceapacháin Thuaidh Theas le déanamh
4. Is folúntais do bhaill *ex-officio* iad an dá fholúntas – Stiúrthóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Oifig Thaifead Poiblí Thuaisceart Éireann;
5. Chuaigh téarma oifige gach ball de Bhord Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta in éag ar an 18 Iúil 2022;
6. Ainmniúcháin JOC le déanamh